

# Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024~ 2030



Comhairle Chontae na Gaillimhe  
Galway County Council



An Chomhairle Oidhreachta  
The Heritage Council



Galway County Heritage  
& Biodiversity Forum

Fóram Oidhreachta agus  
Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe



Portach Chill Aithnín - Kay Synott



# Clár an Ábhair

	Leathanach
Teachtaireacht ón gComhairleoir Martina Kinane, Cathaoirleach, Comhairle Chontae na Gaillimhe	1
Teachtaireacht ó Liam Conneally, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae na Gaillimhe	4
Teachtaireacht ón gComhairle Oidhreachta	5
Teachtaireacht ón Oifigeach Oidhreachta agus ón Oifigeach Bithéagsúlachta	6
Buíochas	9
Achoimre Fheidhmeach	10
Réamhrá	11
Céard atá i gceist le hOidhreachta agus cén fáth a bhfuil tábhacht léi?	12
Céard atá i gceist le Bithéagsúlachta agus cén fáth a bhfuil tábhacht léi?	13
Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe	15
Forléargas	15
Bithéagsúlachta agus Oidhreachta Nádúrtha	15
Oidhreachta Thógtha agus Seandálaíochta	16
Oidhreachta Chultúir	16
Oidhreachta atá ag teacht chun cinn	16
<b>An Méid Atá Idir Lámha Againn:</b>	17
Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae na Gaillimhe	17
Seandálaí Pobail na Gaillimhe	18
Oifig Bithéagsúlachta Chomhairle Contae na Gaillimhe	19
Oifig Caomhnaithe Ailtireachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe	20
Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe	20
An Chomhairle Oidhreachta	21
Oifigeach Idirchaidrimh Údaráis Áitiúil na Comhairle Oidhreachta	22
<i>Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030</i>	23
Maidir leis an bplean	23
<b>Fís don Oidhreachta agus don Bithéagsúlachta i gContae na Gaillimhe</b>	25

# Clár an Ábhair

	Leathanach
<b>Is iad aidhmeanna Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030</b>	26
Treoirphrionsabail	27
An próiseas a bhain leis an bplean a chur le chéile	29
Comhthéacs Reachtaíochta agus Beartais	31
Seachadadh an phlean	34
Cur chuige comhoibríoch	35
Tráthchlár	36
Airgeadas agus Acmhainní a chur ar fáil don Phlean	36
Cumarsáid	37
Monatóireacht agus Measúnacht	37
Work of Previous Plans	38
<b>Gníomhartha, Cuspóirí agus Príomhtháscairí Feidhmíochta</b>	39
Gníomhartha Bithéagsúlachta	40
Gníomhartha maidir leis an Oidhreacht Chultúrtha	52
Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta	60
<b>Dea-Chleachtas Oidhreachta</b>	70
<b>Clabhsúr</b>	70
<b>Aguisín 1: Príomhreachtaíocht agus Príomh</b>	73
<b>Aguisín 2: Próiseas Forbartha an Phlean</b>	82
<b>Aguisín 3: Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta na Gaillimhe</b>	84
<b>Aguisín 4: Mapaí</b>	86
<b>Aguisín 5: Forléargas agus éachtaí roghnaithe oidhreachta agus Bithéagsúlachta 2017-2022</b>	98
<b>Aguisín 6: Comhairliúchán Poiblí - Fáilte roimh Thuairimí</b>	104
<b>Aguisín 7: Achoimre ar an imlíne agus aiseolas i scríbhinn</b>	106
<b>Aguisín 8: Ceardlanna Comhairliúcháin Phoiblí duine le duine - Achoimre ar na Tuairimí a Tugadh</b>	107
<b>Aguisín 9: Achoimre ar Phróiseas na Ceardlainne Ealaíne agus Aiseolas</b>	110
<b>Aguisín 10: Láithreáin NATURA 2000 agus a leasanna cáilithe</b>	112

## **Teachtaireacht ón gComhairleoir Martina Kinane, Cathaoirleach, Comhairle Chontae na Gaillimhe**

---



Is onóir mhór dom *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2024-2030* a chur i láthair. Ní doiciméad amháin atá sa phlean seo; is gealltanas atá ann chun a chinntiú go mbeidh tuiscint níos fearr againn ar ghréasán casta saol ár n-oidhreachta nádúrtha, tógtha agus cultúir agus iad a bhainistiú agus a chosaint do na glúnta amach anseo.

Tá Contae na Gaillimhe faoi phribhléid maidir leis an saibhreas sócmhainní oidhreachta agus acmhainní bithéagsúlachta atá sa chontae agus is féidir linn go léir a bheith mórtasach astu sin. Cuirtear gníomhartha praiticiúla i láthair sa phlean seo chun feasacht, tuiscint, cosaint agus taitneamhacht na hoidhreachta agus na bithéagsúlachta a fheabhsú. Is plean fuinniúil atá sa phlean seo agus is plean é atá leagtha amach le dul in oiriúint do dheiseanna atá ag teacht chun cinn.

Cuimsíonn *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2024-2030* rannpháirtíocht fhothomhar daoine aonair, grúpaí agus eagraíochtaí a chuidigh go gníomhach leis an bplean seo a fhorbairt. Léirigh muintir Chontae na Gaillimhe, ó Inis Bó Finne, Béal Átha Ghártha, an Mhainistir, Cill Fhir Iarainn, Leitir Mealláin, Órán Mór agus níos faide ó bhaile, a ndíograis, tuiscint agus dúthracht d'oidhreachta agus do bhithéagsúlacht an chontae. Bhí tionchar suntasach aige seo ar fhorbairt an phlean, a chuireann le pleananna agus le tionscnaimh roimhe seo agus iarracht á dhéanamh ag an am céanna teagmháil a dhéanamh le lucht spéise níos leithne ar bhealach inbhuanaithe agus cuimsitheach.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú le haitheantas a thabhairt don mhéid dochreidte oibre atá á dhéanamh inár bpobail i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe. Tá a ndúthracht agus fuinneamh ó thaobh an bhithéagsúlachta agus an oidhreachta a chosaint thar a bheith spreagúil. I bhfianaise athrú aeráide agus cailliúint bithéagsúlachta, feidhmíonn an plean seo ina threochlár gnímh. Cuirtear béim sa phlean ar thábhacht na comhpháirtíochta i measc daoine aonair, pobail, páirtithe leasmhara, institiúidí oideachais agus comhlachtaí rialtais gach gné den oidhreachta agus den bhithéagsúlacht a chosaint.

Tugaim cuireadh don uile dhuine i gContae na Gaillimhe a bheith rannpháirteach sa phlean seo, a gcuid eolais a roinnt agus tabhairt faoi ghníomhartha agus faoi thionscnaimh a fheabhsaíonn agus a chosnaíonn an oidhreachta agus an bhithéagsúlacht. Agus an méid sin á dhéanamh againn, níl aon amhras ann ach go mbeidh sé ar chumas na meithle seo athrú a dhéanamh agus tabhairt faoi ghníomhartha a mbeidh tionchar dearfach mar thoradh orthu..

***An Comhairleoir Martina Kinane***





Aiteann Eorpach - *Rosina Joyce*

## Teachtaireacht ó Liam Conneally, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae na Gaillimhe



Is onóir mhór dom *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chomhairle Contae na Gaillimhe 2024-2030* a chur i láthair. Is ionann an plean seo agus fíis shoiléir do thodhchaí ár gcontae, a dhíríonn ar an oidhreacht, ar an gcaomhnú agus ar an mbithéagsúlacht a chomhtháthú sa saol laethúil.

Cuirtear creat sonrath ar fáil dúinn sa phlean maidir lenár gcuid oibre san oidhreacht agus sa bhithéagsúlacht sna blianta atá amach romhainn. Trí thuiscint agus meas níos doimhne a chothú san oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúir, beidh sé ar ár gcumas

maoirseacht agus cleachtais inbhuanaithe a spreagadh i mbainistiú na hoidhreachta agus na bithéagsúlachta. Níos tábhachtaí ná aon ní eile, tugtar breac-chuntas sa phlean seo ar ghníomhartha agus ar chreataí atá sainmhínithe go soiléir, a chuireann cur chuige struchtúrtha ar fáil lenár gcuid spriocanna a bhaint amach. Trí spriocanna inláimhsithe a chruthú, beidh sé ar ár gcumas monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ár straitéisí a chur in oiriúint mar is cuí.

Aithnímid go n-éilíonn na dúshláin atá i ndán dúinn maidir le hathrú aeráide réitigh nuálacha agus iarracht i gcomhar. Tríd an bplean seo a chur i bhfeidhm, tá sé mar aidhm againn oidhreacht den teacht aniar a chruthú a rachaidh chun leasa don lucht cónaithe agus do chuartheoirí chuig an gcontae agus do na glúnta atá le teacht freisin. Molaim do na páirtithe leasmhara go léir comhoibriú linn san iarracht rithábhachtach seo, ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh borradh faoi oidhreacht agus faoi bithéagsúlacht Chontae na Gaillimhe agus go bhfaighidh siad an aird atá tuilte acu.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don obair mhór atá déanta ag Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe, a thugann raon éagsúil páirtithe leasmhara le chéile, lena n-áirítear príomheagraíochtaí agus ionadaithe pobail. Tá ról rithábhachtach ag an bhfóram seo ó thaobh plé a éascú agus a chinntiú go ndéantar gach dearcadh a mheas inár n-iarrachtaí cur le feachtas ar oidhreacht agus bithéagsúlacht an chontae agus a gcur chun cinn a bhainistiú agus a chosaint.

Is cuspóir é inár bPlean Corparáideach agus inár bPlean Forbartha Contae tacú le Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chomhairle Contae na Gaillimhe 2024-2030 a chur i bhfeidhm.

Bhí tacaíocht leanúnach na Comhairle Oidhreachta rithábhachtach i mbaint amach go leor de na gníomhartha go dtí seo, go háirithe ó thaobh forbairt agus maoiniú a dhéanamh ar ról an Oifigigh Oidhreachta, an Oifigigh Bithéagsúlachta agus an tSeandálaí Pobail. Thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leo as a ndúthracht agus a dtacaíocht leanúnach.

Chomh maith leis sin, is mian liom aitheantas a thabhairt don mhaoiniú, don infheistíocht agus don sochar comhchineáil ó ranna Rialtais éagsúla, ó chomhlachtaí LEADER agus ó ghníomhaireachtaí agus ó institiúidí eile.

Molaim an obair atá déanta acu sin go léir a bhí rannpháirteach in ullmhú an phlean seo, lena n-áirítear pobail ar fud an chontae, eagraíochtaí agus daoine aonair, an Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta, an Chomhairle Oidhreachta agus foireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Is cúis mhórtais dom oidhreacht agus bithéagsúlacht ár gcontae agus an plean fadbhreathnaitheach seo. Cuireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe fáilte roimh na dúshláin atá romhainn agus táimid ag tnúth go mór leis an bplean a chur i bhfeidhm sna blianta atá romhainn.

***Liam Conneally, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae na Gaillimhe***

## **Teachtaireacht ón gComhairle Oidhreachta**

Is mór an pléisiúr dúinn fáilte a chur roimh *Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030*. Is éacht suntasach tráthúil an plean seo - agus ní hamháin go bhfuil sé éagsúil ina uailmhian, tá sé éagsúil ina struchtúr freisin. Ní chaitear sa bplean leis an oidhreacht ná leis an mbithéagsúlacht ina gcúiseanna imní difriúla, aithnítear gur cuid ríthábhachtach dár n-oidhreacht chomhroinnte í an bhithéagsúlacht, atá fite fuaite sna timpeallachtaí cultúir, seandálaíochta, nádúrtha agus tógtha a leagann amach féiniúlacht na Gaillimhe.

Tá an Chomhairle Oidhreachta ag tacú leis an gcur chuige comhtháite seo le fada an lá. Ó 1999 i leith, tá muid ag obair go comhpháirteach le húdaráis áitiúla chun Clár Oifigigh Oidhreachta an Údaráis Áitiúil a dhaingniú, agus in 2022 cuireadh leis an obair sin chun tacú le Clár na nOifigeach Bithéagsúlachta. Tá na ról seo ag oibriú taobh le taobh anois i nGaillimh, agus tá ról ríthábhachtach ag an Oifigeach Caomhantais Ailtireachta i gcosaint shláine oidhreacht thógtha an chontae. Cuireann siad bonn láidir faoi fhreagairt oidhreachta chomhtháite agus fhadhbheathnaitheach le chéile.

Tá Treoirphrionsabail an phlean an-soiléir maidir leis an bhfís seo. Ní hamháin go bhfuil an tiomantas do chur chuige oidhreachta comhtháite agus iomlánaíoch, tá sé ríthábhachtach - agus cuirtear taca faoi struchtúr agus faoi ghníomhaíochtaí an phlean ina iomláine. Tá béim a chur ar an nGaeilge mar theanga beo chomh tábhachtach céanna: is cuid lárnach í d'oidhreacht chultúir an chontae agus is cuid ríthábhachtach í dá todhchaí. Tugann an t-aitheantas seo bonn cultúir láidir don phlean, agus tá a dhoimhneacht éiceolaíochta agus seandálaíochta ag teacht leis.

Tá muid an-bhródúil as tacaíocht a bheith tugtha againn d'fhorbairt an phlean seo agus molaimid Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe as a stiúrthóireacht. Ba mhaith linn aitheantas ar leith a thabhairt don obair den scoth a rinne Oifigeach Oidhreachta agus Oifigeach Bithéagsúlachta na Gaillimhe, a raibh a gcomhoibriú ríthábhachtach.

Tá an Chomhairle Oidhreachta ag súil le tacaíocht a thabhairt do Chomhairle Chontae na Gaillimhe, don Fhóram agus don phobal i gcoitinne agus an plean uailmhianach seo á thabhairt chun fíre.



**Virginia Teehan**  
**Príomhfheidhmeannach,**  
**An Chomhairle Oidhreachta**



**Martina Maloney**  
**Cathaoirleach, An Chomhairle**  
**Oidhreachta**



Trá An Dóilín - Kay Synott

## Teachtaireacht ón Oifigeach Oidhreachta agus ón Oifigeach Bithéagsúlachta

Inár nOifigigh Oidhreachta agus Bithéagsúlachta i gComhairle Chontae na Gaillimhe, tá mórtas orainn *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030* a chur i láthair. Is fíis chomhroinnte é an plean seo ina bhféachtar le hoidhreachta agus bithéagsúlachta shaibhir na Gaillimhe a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú, rud a chinnteoidh go ndéanfar na hacmhainní luachmhara sin a chosaint don ghlúin atá ann faoi láthair agus don ghlúin atá le teacht.

Tá oidhreachta shuntasach nádúrtha, thógtha agus chultúir le fáil i gContae na Gaillimhe. Ó thírdhreacha garbha Chonamara go cosáin aolchloiche dheisceart na Gaillimhe, agus ó thraidisiúin bhríomhara na hamhránaíochta ar an sean-nós go bithéagsúlachta ar leith na dturlach agus na bportach, is cúis bhróid agus féiniúlachta í oidhreachta ár gcontae. Féachtar leis an bplean seo na sócmhainní sin a cheiliúradh agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide, le cailliúint na bithéagsúlachta agus le riachtanais na sochaí, riachtanais a bhíonn ag athrú.

Is mar thoradh ar chomhoibriú agus comhairliúcháin fairsing *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030*. Is léiriú atá sa bplean ar léargais, paisean agus tiomantas daoine aonair, pobal agus eagraíochtaí ar fud an chontae. Trí cheardlanna poiblí, suirbhéanna ar líne, agus comhairliúcháin chruthaitheacha ealaíne, tá tuairimí grúpaí éagsúla gafa againn, agus cinntíonn sé sin gur plean cuimsitheach



Teampall Iarlatha - *Bernie Doherty*

é seo atá ionadaíoch ar na daoine a bhfuil sé ag fónamh dóibh. Táimid thar a bheith buíoch do gach duine a thug a gcuid ama, saineolais agus dearcthaí dúinn le linn an phróisis seo.

Tá an plean seo dírithe ar ghníomhaíocht agus tá a chuid cuspóirí agus príomhtháscairí feidhmíochta ar fud sé théama straitéiseacha sainithe go soiléir: Rannpháirtíocht Phobail, Oideachas agus Oiliúint, Taighde, Monatóireacht agus Caomhnú, Daoine, Maoin agus Oibreacha Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara agus Deiseanna Comhoibritheacha, agus Gníomhú ar son na hAeráide. Cuireann na téamaí sin creat struchtúrtha ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh le sárú agus na deiseanna a bheidh le tapú ag oidhreacht agus bithéagsúlacht na Gaillimhe.

Aithnímid an ról ríthábhachtach atá ag pobail ina maoir ar an oidhreacht agus ar an mbithéagsúlacht. Leagtar béim sa plean seo ar phobail a chumhachtú trí oideachas, oiliúint agus tacaíocht, rud a chothaíonn mórtas sna pobail seo don oidhreacht áitiúil agus a mbraistint gur leo an oidhreacht sin. Leagtar béim ann freisin ar an tábhacht atá leis an obair i gcomhar, lena dtugtar le chéile páirtithe leasmhara ó ghníomhaireachtaí rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, institiúidí acadúla, agus an earnáil phríobháideach chun spriocanna comhroinnte a bhaint amach.

Tá an t-athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta lárnach sa plean seo. Táimid tiomanta don athléimneacht i gcoinne an athraithe aeráide a chomhtháthú i ngach gníomh, rud a chinnteoidh go mbeidh oidhreacht agus bithéagsúlacht na Gaillimhe ag cuidiú le tionchair an athraithe aeráide a mhaolú agus go mbeidh siad ag dul in oiriúint do na tionchair sin. Trí chleachtais inbhuanaithe agus réitigh nuálacha a chur chun cinn, tá sé mar aidhm againn oidhreacht athléimneachta a chruthú do na glúnta atá le teacht.



*Poncanna Gorma Chonamara - Peter Cutler*

Cuireann *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030* leis an méid atá bainte amach ag pleananna roimhe seo agus ag an am céanna glacann sé go fonnmhar le deiseanna agus dúshláin nua. Tá sé ag teacht le beartais náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear an *Plean Oidhreachta Náisiúnta*, an *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht*, agus *Spríocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe*.

Inár gcaomhnóirí dúinn ar oidhreacht agus bithéagsúlacht na Gaillimhe, iarraimid ar gach duine an plean a léamh, bhur gcuid eolais a roinnt agus beart a dhéanamh. Le chéile, is féidir linn a chinntiú go leanfaidh oidhreacht agus bithéagsúlacht na Gaillimhe de bheith faoi bhláth, rud a shaibhreoidh saol gach duine a chónaíonn, a oibríonn agus a thugann cuairt ar ár gcontae.



**Marie Mannion, Heritage Officer  
Oifigeach Oidhreachta**



**Rosina Joyce, Oifigeach  
Bithéagsúlachta  
Comhairle Chontae na Gaillimhe**

# Buíochas

Is mian le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus le Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe aitheantas a thabhairt do thacaíocht na Comhairle Oidhreachta in ullmhú Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2024-2030, trí pháirtmhaoiniú a dhéanamh ar phoist an Oifigigh Oidhreachta agus an Oifigigh Bithéagsúlachta agus as maoiniú bliantúil a chur ar fáil chun gníomhartha Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur i bhfeidhm. Tugann Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe aitheantas do ról na gcomhairleoirí Zena Hoctor, Eimear O'Connell, Sheila Murphy agus Maria Hitchcox as tabhairt faoi chomhairliúcháin poiblí agus as cuidiú Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur le chéile. Is mian linn buíochas agus ómós a thabhairt dóibh siúd go léir a ghlac páirt sa bpróiseas comhairliúcháin.

Tá buíochas ó chroí ag dul do Marianne ten Cate a rinne profáil ar an iliomad dréachtaí den phlean. Ba mhaith le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus le Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe buíochas a ghabháil freisin le Gina O'Shaughnessy, Oifigeach Cúnta Foirne, Martina Creaven, Oifigeach Sinsearach Foirne, Anne Power, Oifigeach Sinsearach Foirne agus Ita Gordon, Oifigeach Cléireachais, Comhairle Chontae na Gaillimhe, as a dtacaíocht rúnaíochta i bhforbairt an phlean seo. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh freisin leis an bhfoireann seo a leanas i gComhairle Chontae na Gaillimhe a thug cúnaimh le cruinnithe an Fhórait: Tommy Murray agus James Duane agus an Rannóg IT, go háirithe Ciarán O'Donnell, Assumpta Francis agus Brian Cullen. Le bliain anuas, chuir na mic léinn Eva Habermann (ATU, Sligeach) agus Natalie Cyrkel (Ollscoil na Gaillimhe) tacaíocht agus cúnaimh ar fáil do thaighde agus d'fhorbairt an phlean.

Ar deireadh, ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le Foireann Ardbhainistíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Coiste um Beartais Straitéiseacha um Gníomhú ar son na hAeráide, na Bithéagsúlachta agus na hOidhreachta agus Comhaltaí Tofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe as a dtacaíocht.

Rinne an Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Chontae na Gaillimhe maoiniú ar fhorbairt an phlean seo..

Dearadh: Damien Goodfellow | Aistriúchán: Europus  
Grianghraif: Rosina Joyce, Marie Mannion, Meitheal Mara, Robert Riddell, Cormac Coyne, Kay Synott, Pat O'Connor, Alan Burgess, Ruth Hanniffy, Bernadette Doherty, Seán Lydon, Shane Coyle, Jan Robert-Baars, Peter Cutler, John Lusby, Mike O'Shaughnessy, Hany Marzouk, Jacinta Fahy, Aedin Ní Thiarnaigh, Jacinta Fahy, Maria Hitchcox agus University of Galway.

Léarscáiliú: ImpactGIS (OpenStreetMap Contributors (CC BY-SA 2.0)/ EPA & Tailte Éireann - Suirbhéireacht (CC BY 4.0) EU-DEM

Arna cur i gCló ag: KPW

Copyright: © Comhairle Chontae na Gaillimhe 2024

ISBN: 978-1-913449-28-5

Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le do thoil, le:

[heritage@galwaycoco.ie](mailto:heritage@galwaycoco.ie) agus [biodiversity@galwaycoco.ie](mailto:biodiversity@galwaycoco.ie)



Comhairle Chontae na Gaillimhe  
Galway County Council



An Chomhairle Oidhreachta  
The Heritage Council



Galway County Heritage  
& Biodiversity Forum  
Fóram Oidhreachta agus  
Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe

## Achoimre Fheidhmeach

Déantar ceiliúradh i *bPlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2024-2030* ar éagsúlacht shaibhir agus ar thábhacht oidhreachta agus bithéagsúlachta na Gaillimhe. Tugtar aitheantas sa phlean do ról ríthábhachtach na hoidhreachta agus na bithéagsúlachta inár sochaí, inár bhfolláine agus inár ngeilleagar. Freastalaíonn an plean seo mar chreat chun cur le feasacht, cosaint, caomhnú, cur chun cinn agus bainistiú oidhrecht agus bhithéagsúlachta na Gaillimhe sna sé bliana atá amach romhainn agus níos faide ná sin.

Chuir cuidiú ó raon leathan daoine aonair, eagraíochtaí, grúpaí pobail, scoileanna, institiúidí ardoideachais agus comhpháirtithe rialtais le fíis, gníomhartha, cuspóirí agus príomhtháscairí feidhmíochta an phlean seo a mhúnlú. Ar cheann de na príomhláidreachtaí a bhí mar thoradh air sin bhí líonra cuimsitheach comhpháirtithe oidhreachta agus bithéagsúlachta a bheith ann a mbeidh sé ar a gcumas treallús a chur faoi fheidhmiú éifeachtúil an phlean sna blianta atá romhainn.

Tugtar breac-chuntas sa doiciméad seo ar an bhfíis don phlean agus déantar cur síos gairid ar an bpróiseas comhoibrithe a bhí in úsáid lena fhorbairt, ag cur béim ar an gcur chuige comhpháirtíochta ar glacadh leis. Tá sraith gníomhartha comhroinnte cruthaithe ag an bplean ar fud dhisciplíní na Bithéagsúlachta agus na hOidhreachta Nádúrtha agus na hOidhreachta Seandálaíochta agus na hOidhreachta Cultúir.

Tá gníomhartha an phlean seo eagraithe faoi shé cinn de théamaí:

- Rannpháirtíocht an Phobail
- Oideachas agus Oiliúint
- Taighde, Monatóireacht agus Caomhnú
- Daoine, Maoin agus Obair Chomhairle Chontae na Gaillimhe
- Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara agus Deiseanna Comhoibrithe
- Gníomhú ar son na hAeráide

Beidh cur i bhfeidhman phlean seo faoi threoir Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe a dhéanfaidh an saineolas agus an mhaoirseacht phríomha a sholáthar. Déanfar *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe* a sheachadadh trí shraith de chláir oibre bhliantúla a bheidh faoi réir ag maoiniú agus ag acmhainní a bheith ar fáil.

Is teistiméireacht chumhachtach an plean seo ar an méid ríthábhachtach a chuir Oifigí Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar fáil chomh maith leis an gComhairle Oidhreachta agus na comhpháirtithe tionscadail. Trí oibriú as láimh a chéile, réitíonn sé an bealach do thodhchaí fuinniúil agus inbhuanaithe don oidhrecht agus don chultúr chomh fada anonn leis an mbliain 2030 agus níos faide ná sin.

Turlach Ráth Asáin - Ruth Hanniffy



Siúlóid agus Caint Bláthanna Fiáine i nGairdín Bhríde - Seán Lydon

## Réamhrá

---

Tugtar breac-chuntas i *bPlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2024-2030* ar obair Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar le páirtithe leasmhara, a chuimsíonn gníomhaireachtaí rialtais, eagraíochtaí, grúpaí agus an pobal níos leithne, chun tionscadail oidhreachta agus bithéagsúlachta a chur ar fáil laistigh den chontae. Tá an plean seo straitéiseach agus iomlánaíoch de réir nádúir.

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe an plean seo a fhorbairt go comhoibríoch, le comhairliúchán poiblí leathan ar fud an chontae.

Cuireann Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe comhairle ar fáil ar ullmhú agus ar fheidhmiú an phlean. Cé gur plean atá sonrach don chontae atá i gceist, tá an plean ag teacht leis an *bPlean Oidhreachta Náisiúnta - Oidhreacht Éireann 2030: Creat don Oidhreacht (2022)* agus *Ár nÁit sa Stair - Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2023-2028* agus an *4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta 2023-2030*.

Cuireann an plean leis an méid atá bainte amach ag pleananna roimhe seo agus léiríonn athruithe sna hearnálacha oidhreachta agus bithéagsúlachta i mbeartas reachtaíochta agus in acmhainní ag leibhéal áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe an maoiniú ar fáil leis an bplean a chur i bhfeidhm agus cuirtear maoiniú ar fáil trí chomhlachtaí seachtracha ar nós na Comhairle Oidhreachta agus na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta trí raon scéimeanna deontais agus trí thacaíochtaí maoinithe.

## Céard atá i gceist le hOidhreacht agus cén fáth a bhfuil tábhacht léi?

Sainmhínítear oidhreacht faoin Acht Oidhreachta (1995) lena n-áirítear an méid seo a leanas: séadchomharthaí, réada seandálaíocha, réada oidhreachta, oidhreacht ailtireachta, flora, fauna, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, geolaíocht, gairdíní agus páirceanna oidhreachta agus uiscebhealaí intíre. Déantar foráil leis an bplean seo freisin do ghnéithe na hoidhreachta a bhaineann go sonrach leis an gcontae agus a cheapann muintir Chontae na Gaillimhe a bheith mar chuid dá n-oidhreacht shaibhir, lena n-áirítear an Ghaeilge, seanchas agus béaloideas, logainmneacha, ceirdeanna traidisiúnta, cúrsaí ginealais, an stair áitiúil agus an oidhreacht chultúir.

Tá an oidhreacht shaibhir seo rithábhachtach mar go gcaomhnaítear stair, cultúr, agus timpeallacht nádúrtha an chontae, a chothaíonn braistint chéannachta agus leanúnachais do na glúnta amach anseo. Aithníonn Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe gur sócmhainn atá san oidhreacht a éilíonn bainistiú agus caomhnú cúramach. Cuimsíonn oidhreacht luachanna aeistéitiúla, stairiúla, eolaíochta, sóisialta, spioradálta, polaitiúla, náisiúnta, cultúrtha, oideachais, caithimh aimsire agus geilleagracha. Baineann luach intreach le hoidhreacht inlámhsithe agus neamhlámhsithe araon agus tacaíonn le hoideachas, mórtas pobail, folláine agus geilleagar, turasóireacht agus forbairt, a chuireann le leasa agus inbhuanaitheacht fhoriomlán an chontae. Tá pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe i gceist le caomhnú a dhéanamh ar gach gné den oidhreacht, meas a léiriú ar ionracas na hoidhreachta agus a chinntiú go dtéann an oidhreacht ar aghaidh chuig na glúnta amach anseo.

Ag Nochtadh Oidhreacht na Mara - *Meitheal Mara*





Iora Rua - Shane Coyle

## Céard atá i gceist le Bithéagsúlacht agus cén fáth a bhfuil tábhacht léi?

Tagraíonn bithéagsúlacht, éagsúlacht bhitheolaíoch go gearr, don éagsúlacht beatha ar an Domhan. Cuimsíonn an bithéagsúlacht gach orgánach beo agus gach éiceachóras a chruthaíonn siad, tá i bhfad níos i gceist léi ná díreach plandaí fiáine agus ainmhithe le gach speiceas a mhaireann agus na pobail a chruthaíonn siad a thabhairt san áireamh. Is féidir tuiscint a fháil ar an mbithéagsúlacht ag ceithre príomhleibhéal:

- Éagsúlacht ghéiniteach:** baineann sé seo le héagsúlachtaí géiniteacha i measc pobail aonair laistigh de speiceas, ar nós difríochtaí idir crainn aonair na Sceiche Gile.
- Éagsúlacht speicis:** baineann sé seo le difríochtaí idir na speicis éagsúla, ar nós idirdhealuithe idir crann na Darach Gaelaigh, Iora Rua, Fritileán Réisc agus Agaírg na gCuileanna.
- Éagsúlacht gnáthóg:** áirítear raon gnáthóg agus éiceachóras anseo ina maireann speicis áirithe agus a chruthaíonn speicis áirithe, ar nós bratphortaigh, talamh féaraigh cailcreach, dumhcha socra agus pluaiséanna mara.
- Éagsúlacht tírdhreacha:** tagraíonn sé seo do na patrúin nádúrtha chasta agus éagsúla a chruthaíonn gnáthóga agus éiceachórais.

Soláthraíonn an bhithéagsúlacht bloic thógála bhunúsacha na n-éiceachóras. Sainmhínítear 'éiceachóras' mar phobal d'orgánaigh beo a bhíonn ag idirghníomhú go fuinniúil lena dtimpeallacht fisiciúil, lena n-áirítear, aer, uisce, clocha agus ithir. D'fhéadfadh éagsúlacht mhór ó thaobh méide a bheith ar éiceachórais, ó lochán i mBaile Átha an Rí nó úllord i mBéal Átha na Sluaighe go pobail mhóra mara i gCuan na Gaillimhe nó éiceachóras fairsing i gCoimpléasc Portach Chonamara. D'fhéadfadh éiceachórais níos lú a bheith laistigh d'éiceachórais níos mó, ar nós pábháil aolchloiche ag barr Choillte Chnoc Meá nó oileáin faoi chrainn ar Loch Coirib. Gabhann tábhacht ar leith le roinnt gnáthóg atá le fáil i gContae na Gaillimhe, ar an scála idirnáisiúnta, ar nós turlaigh in oirthear Chontae na Gaillimhe, mar go bhfuil siad beagnach uathúil d'Éirinn.

Ar an iomlán, is féidir féachaint ar dhromchla an Domhain mar ghréasán casta d'éiceachórais idirnasctha, áit a mbíonn gnéithe go léir na timpeallachta — beo agus neamhbheo araon — ag idirghníomhú agus ag imirt tionchair ar a chéile.

*Breac Donn - Jan-Robert Baars*



# Oidhreacht agus Bithéagsúlacht Chontae na Gaillimhe

---

## Forléargas

---

Is é Contae na Gaillimhe an dara contae is fairsinge in Éirinn le hachar 6,148 gciliméadar cearnach, cósta 689 gciliméadar agus oileáin go leor amach ón gcósta. Tá teorainn ag an gcontae le cúig cinn de chontaetha eile agus tá saibhreas agus éagsúlacht ag baint leis an oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúir ann. Is cuid de shainiúlacht an chontae an éagsúlacht mhór atá ag baint leis an taobh tíre, leis na radhairc ar an bhfarrage agus leis na cineálacha úsáide a bhaintear as an talamh. Tá an taobh tíre in iarthar na Gaillimhe sceirdiúil iléagsúil leis na sléibhte, portaigh, aibhneacha, uiscebhealaí agus locha, nuair is leaca aolchloiche agus an iliomad ballaí cloiche na tréithe is sainiúla den taobh tíre in Árainn. Tá an muirdhreach casta: le go leor oileán, leithinsí agus caolsáilí atá domhain. Mar shaintréithe ar Oirthear na Gaillimhe, tá topagrafaíocht íseal de mhachaire aolchloiche torthúil, féarach saibhir, portaigh agus córas na Suca-na Sionainne lena gcalaí agus Loch Deirgeirt, agus tá tírdhreach carstach agus hidrálach uathúil mar shaintréithe ar ísealchríocha Bhoirne. Scarann fairsinge Loch Coirib iarthar agus oirthear an chontae óna chéile den chuid is mó agus ritheann uisce an locha amach i gCuan na Gaillimhe.

## Bithéagsúlacht agus Oidhreacht Nádúrtha

---

Tá saibhreas bithéagsúlachta i gContae na Gaillimhe le réimse éagsúil gnáthóg agus speiceas, gnáthóga de chineálacha faoi leith san áireamh ar beag acu atá ar fáil in Éirinn ná ar fud an domhain, mar shampla, turlaigh, eascracha, pábháil aolchloiche, calaí abhann agus machaire mara. Tá talamh féaraigh leathnádúrtha leis an iliomad bláthanna agus portaigh ardaithe agus bratphortaigh, cineálacha talún atá imithe as ar fud cuid mhór dá réimse, ar fáil anseo i gcónaí sna ceantair nach ndearnadh saothrú trom orthu. Tacaíonn na gnáthóga seo le raon leathan de speicis ainmhithe agus plandaí atá tábhachtach go háirithe d'feithidí de leithéid na mbeach agus na bhféileacán agus inveirteabraigh eile.

Feidhmíonn bogaigh Chontae na Gaillimhe mar ghnáthóg ríthábhachtach do raon éagsúil éan cónaitheach agus imirceach le linn mhíonna an gheimhridh. Le linn mhíonna an tsamhraidh filleann an Chuach, an Fháinleog agus an Gabhlán Gaoithe ar an gceantar chun pórú. Amhail 2024, bhí 19 áit phóraithe sa chontae don Traonach, a chuireann béim ar chomh tábhachtach is atá an ceantar don éan thar a bheith neamhchoitianta seo. Tá cósta fada an chontae éagsúil agus tacaíonn le héagsúlacht as cuimse de bheathra muirí ó algaí go hinveirteabraigh, iasc, éin agus mamaigh mhóra farrage. Tá difríocht mhór sa mhuidhreach ó aillte sceirdiúla Oileáin Árainn go trána gainimh agus trá cháiliúil an Dóilín (an Cheathrú Rua), chomh maith le hionraon fada ar chuma fiord an Chaoláire Rua ina bhfuil cuid de na radhairc tíre is fearr in Éirinn. Gné eile d'áilleacht chósta na Gaillimhe na hoileáin amach ón gcósta, mar shampla Inis Bó Finne agus Árainn. Maireann cuid mhór cineálacha speiceas éisc, éin agus Madraí Uisce in uisce glan na n-aibhneacha agus na lochanna, mar a mhaireann inveirteabraigh neamhchoitianta, ar nós Piardóg Liathbhán agus an Diúilicín Péarla Fionnuisce.

Tá láithreacha ina bhfuil cuid mhór de na gnáthóga nádúrtha agus leathnádúrtha is tábhachtaí i nGaillimh faoi chosaint sa reachtaíocht Eorpach agus náisiúnta atá ainmnithe mar Limistéar Oidhreachta Náisiúnta (NHA), Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) nó Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA). Tá speicis éagsúla flóra agus fiadhúlra á gcosaint freisin faoi reachtaíocht na hEorpa agus faoi reachtaíocht na hÉireann. Tugtar liosta in Aguisín 1 de na coinbhinsiúin idirnáisiúnta, de na treoracha ón AE agus den reachtaíocht náisiúnta a bhaineann le hábhar oidhrecht an chontae.

## Oidhrecht Thógtha agus Seandálaíochta

---

Is léir an chaoi ar oibrigh an duine leis an talamh agus leis an bhfarraige ó na bailte is luaithe go dtí bailte an lae inniu, ó na hiarsmaí seandálaíochta go dtí na bailte móra forbartha agus an talamh saothraithe. Áirítear ar ghnéithe den oidhrecht thógtha leagan amach na sráideanna i mbailte móra agus i sráidbhailte, seantithe eastáit, tuamaí réamhstaire, caisleáin, túrthithe, séipéil agus mainistreacha ó ré na meánaoiseanna, seantithe beaga cónaithe agus foirgnimh eile de dhéanamh na ndaoine, claíocha agus geataí le garraithe, seandroichid, céanna agus calaí beaga agus cuireann siad go léir le saintréith an chontae. Tá ballaí saoirseachta tirime mar ghné eile a chuireann le sainiúlacht ár gcontae.

## Oidhrecht Chultúir

---

Is féidir lenár muintir go léir atá ag maireachtáil ann nó ar chuairt, a bheith buíoch as agus taitneamh a bhaint as traidisiúin Chontae na Gaillimhe. Is gnéithe tábhachtacha d'oidhrecht chultúir an chontae an Ghaeilge, an seanchas agus an béaloideas, an cheardaíocht thraidisiúnta, nósanna agus traidisiúin shéasúracha, an stair áitiúil, ceol traidisiúnta na hÉireann, amhránaíocht agus damhsa ar an sean-nós agus an spórt. Bhí an eisirce mar chuid mhór de shaol an chontae; dá bhrí sin, tá spéis mhór sa ghinealas agus sa diaspóra. Tá an inimirce ag cruthú pobail mhóra nua agus pobail atá níos éagsúla anois freisin agus mar thoradh air sin tá oidhrecht an chontae ag teacht chun cinn go seasta.

## Oidhrecht atá ag teacht chun cinn

---

Tá an oidhrecht inár dtimpeall. Ní leis an ré atá caite amháin a bhaineann sí ach tá sí ag athrú ó lá go lá agus tá sé tábhachtach bainistíocht a dhéanamh ar an oidhrecht trí chinntí eolacha a dhéanamh maidir le todhchaí na hoidhreachta. An bealach is fearr leis an méid sin a bhaint amach ná trí straitéis shoiléir chomhleanúnacha a bheith i bhfeidhm, ina n-aithnítear fiúntas na hoidhreachta do chaighdeán saoil mhuintir na Gaillimhe agus do chuairteoirí chun na cathrach.

## An Méid Atá Idir Lámha Againn:

### Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae na Gaillimhe

Bhunaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe Oifig Oidhreachta sa bhliain 2000, mar chuid de Chlár Oifigeach Oidhreachta Údarás Áitiúil na Comhairle Oidhreachta. Foilsíodh an chéad Phlean Oidhreachta do Chontae na Gaillimhe in 2004 agus an chéad Phlean Bithéagsúlachta don Chontae in 2008. Is é ról Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae na Gaillimhe:

- cur le feasacht ar oidhrecht shaibhir Chontae na Gaillimhe;
- comhairle agus eolas a sholáthar ar chúrsaí oidhreachta do Chomhairle Contae na Gaillimhe agus don phobal;
- sonraí a bhailiú agus tabhairt faoi thaighde ar ghnéithe d'oidhrecht Chontae na Gaillimhe;
- dea-chleachtas agus comhrá a chur chun cinn maidir leis an oidhrecht;
- beartas oidhreachta a fhorbairt agus
- gcomhpháirtíocht leis an Oifigeach Bithéagsúlachta, leis an Oifigeach Caomhnaithe Ailtireachta, le Seandálaí Pobail na Gaillimhe agus le foireann ábhartha eile i gComhairle Chontae na Gaillimhe, le Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe, leis an gComhairle Oidhreachta, le príomhpháirtithe leasmhara agus pobail, *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030* a chur i bhfeidhm.

Bhunaigh an Chomhairle Oidhreachta Clár na nOifigeach Oidhreachta in 1999, agus cuireann maoiniú agus tacaíocht oiliúna ar fáil tríd an gclár oidhreachta ar bhonn bliantúil. Is comhpháirtíocht straitéiseach idir Comhairle Chontae na Gaillimhe agus an Chomhairle Oidhreachta post an Oifigh Oidhreachta faoi Chlár na nOifigeach Oidhreachta agus le tacaíocht ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Cuireann an tOifigeach Oidhreachta comhairle ar fáil do raon leathan tionscadal de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus tá sé/sí mar chomhalta d'Fhoireann Cultúir na Comhairle agus den Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide

Séipéal agus Reilig Mhainistir Ó gCormacáin - *Bernie Doherty*





## Seandálaí Pobail na Gaillimhe

Tá tionscadal Seandálaí Pobail na Gaillimhe i bhfeidhm i gComhairle Chontae na Gaillimhe ón mbliain 2006. Soláthraíonn an Seandálaí Pobail comhairle agus tacaíocht maidir le séadchomharthaí seandálaíochta sa phobal. Tá an Seandálaí Pobail ar fáil chun ceistanna a fhreagairt maidir le cur chun cinn na cothabhála, an chaomhnaithe agus an oideachais i ndáil le raon éagsúil seandálaíochta a théann siar deich míle bliain. Tá an tionscnamh á mhaoiniú ag an gComhairle Oidhreachta agus ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.





Crú-laltóga Beaga - Ruth Hanniffy

## Oifig Bithéagsúlachta Chomhairle Contae na Gaillimhe

Feidhmíonn an Oifig Bithéagsúlachta ag leibhéal contae, ag bailiú sonraí ar bhithéagsúlacht, ag tabhairt faoi thionscadail caomhnaithe agus ag soláthar comhairle agus eolas agus ag cur le feasacht. Áirítear ar phríomhfhreagrachtaí:

- bunú Ghrúpa Oibre Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe;
- scríobh Plean Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe;
- taighde, suirbhéanna agus bailiú sonraí
- soláthraíonn comhairle maidir leis an mbithéagsúlacht d'fhoireann an údaráis áitiúil;
- rannpháirtíocht an phobail agus ag cur le feasacht;
- straitéisí, beartais agus tionscail a bhaineann le fiadhúlra, gnáthóga agus bithéagsúlacht a fhorbairt;
- saineolas bithéagsúlachta a sholáthar do ghrúpaí ar nós Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe agus don Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- i gcomhpháirtíocht leis an Oifigeach Oidhreachta, leis an Oifigeach Caomhnaithe Ailtireachta, Seandálaí Pobail na Gaillimhe agus le foireann ábhartha eile i gComhairle Chontae na Gaillimhe, le Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe, leis an gComhairle Oidhreachta, le príomhpháirtithe leasmhara agus pobail, *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030* a chur i bhfeidhm.

Cuireann Oifigeach Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe treoir ar fáil ar raon leathan saincheistanna laistigh den údarás áitiúil. Tá an tOifigeach Bithéagsúlachta mar chomhalta d'Fhoireann Cultúir Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus den Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide agus tá sé/sí fostaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Oidhreachta agus le tacaíocht ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

## Oifig Caomhnaithe Ailtireachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe

Tacaíonn an Oifig Caomhnaithe Ailtireachta le cosaint agus le cur chun cinn luach intreach na hoidhreachta tógtha i gContae na Gaillimhe le béim faoi leith ar chómhaireachtaí na hoidhreachta tógtha le tírdhreacha sainiúla Chontae na Gaillimhe. Nochtann ár n-oidhreacht thógtha cé muidne agus déanann an tsaoirseacht sa tógáil ceiliúradh ar na hábhair a úsáideadh; amach anseo, beidh teacht aniar agus oiriúnacht na hoidhreachta tógtha rithábhachtach i bhfianaise athrú aeráide.

## Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe

Cuimsíonn Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe líon mór leasa earnála, lena n-áirítear, an rialtas áitiúil, gníomhaireachtaí stáit, eagraíochtaí nach eagraíochtaí stáit iad, feirmeoirí agus úinéirí talún eile, gníomhaireachtaí forbartha áitiúla agus réigiúnacha, an earnáil oideachais agus oidhreachta agus an earnáil pobail agus deonach. Cuireadh an Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta ar bun sa bhliain 2004 chun comhairle agus treoir a chur ar fáil maidir le Pleananna Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus chun clár oibre bliantúla a fhorbairt agus a athbhreithniú. Feidhmíonn an mheitheal seo ar bhonn comhpháirtíochta, a thagann le chéile faoi dhó sa mbliain ar mhaithe le seachadadh agus maoirseacht leanúnach rathúil maidir le hoidhreacht agus le bithéagsúlacht an chontae a chinntiú.

Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe – *Seán Lydon*



## An Chomhairle Oidhreachta



Is comhlacht reachtúil í an Chomhairle Oidhreachta a bunaíodh faoi Acht Oidhreachta 1995 a bhfuil sé

mar mhisean aici tuiscint leathan a fhorbairt ar an gcion ríthábhachtach a chuireann ár n-oidhreacht lenár leas sóisialta, comhshaoil agus folláine gheilleagrach. Áirítear ar shainchúram na Comhairle, an oidhreacht nádúrtha, chultúir agus thógtha agus na ceangail eatarthu seo. Tá *Plean Straitéiseach 2023-2028 na Comhairle Oidhreachta* mar threoir don rannpháirtíocht le húdaráis áitiúla, pobail agus páirtithe leasmhara eile.

Tá tacú le forbairt Pleananna Gníomhaíochta Oidhreachta agus Bithéagsúlachta cathrach agus contae mar chuid ríthábhachtach den obair seo, mar go leagan sé amach creat straitéiseach do chaomhnú, do bhainistiú agus do chur chun cinn na hoidhreachta agus na bithéagsúlachta ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach.

Fostaítear gairmithe oidhreachta laistigh den údarás áitiúil, lena n-áirítear Oifigigh Oidhreachta agus Oifigigh Bithéagsúlachta, i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Oidhreachta faoi choimirce Chlár na nOifigeach Oidhreachta agus na nOifigeach Bithéagsúlachta, déantar feidhmeanna oidhreachta agus bithéagsúlachta a bhainistiú ar bhealach comhordaithe laistigh den chathair/contae, ag glacadh le cur chuige comhtháite i leith na hoidhreachta agus na bithéagsúlachta a chuimsíonn gach gné den oidhreacht agus den bhithéagsúlacht laistigh de sheirbhís fhoriomlán an údaráis áitiúil.

Tá ról lárnach ag an gComhairle Oidhreachta ó thaobh feasacht, eolas, bainistíocht agus caomhnú na hoidhreachta agus na bithéagsúlachta in Éirinn a chruthú. Mar chomhlacht comhairleach, soláthraíonn an Chomhairle Oidhreachta saineolas, maoiniú taighde agus tionscnaimh tacaíochta atá dírithe ar chaomhnú na hoidhreachta agus na bithéagsúlachta agus rannpháirtíocht ghníomhach sa phróiseas pleanála maidir le hoidhreacht agus le bithéagsúlacht i láithreáin chosanta agus sa taobh tíre níos leithne.

Oibríonn an Chomhairle Oidhreachta i gcomhar le heagraíochtaí rialtais agus neamhrialtais chun comhtháthú na ngnéithe oidhreachta agus bithéagsúlachta i mbeartas agus i gcleachtas a éascú



Seachtain na hOidhreachta ar Inis an Ghail, Loch Coirib - Marie Mannion



Ceárta Madden, Baile Átha an Rí - *Hany Marzouk*

## Oifigeach Idirchaidrimh Údaráis Áitiúil na Comhairle Oidhreachta

---

Tá údaráis áitiúla rithábhachtach leis an oidhreacht chultúir pobail a chaomhnú agus a chur chun cinn. Tá bunú Foirne Oidhreachta tiomanta laistigh de na húdaráis seo rithábhachtach leis an oidhreacht áitiúil a chosaint agus le rannpháirtíocht an phobail a fheabhsú, agus úsáid a bhaint as an oidhreacht ag an am céanna freisin ar mhaithe le forbairt, le turasóireacht agus le hoideachas.

Chun tacú leis seo, tá ról d'Oifigeach Idirchaidrimh Údaráis Áitiúil á chruthú ag an gComhairle Oidhreachta chun sruthlíniú a dhéanamh ar bhunú foirne, ar líonraí oiliúna, ar bhainistiú deontais, ar phleanáil oidhreachta agus ar chur i gcrích tionscadail. Áirítear ar phríomhchuspóirí:

- ibeartais oidhreachta náisiúnta agus áitiúla a fheidhmiú;
- comhordú idir na húdaráis áitiúla agus an Chomhairle Oidhreachta a éascú;
- tacaíocht riaracháin a sholáthar le linn d'Fhoireann Oidhreachta a bheith á bunú;
- tionscnaimh oidhreachta a ailíniú le tosaíochtaí níos leithne agus
- cláir oiliúna a fhorbairt do chomhaltaí na Foirne Oidhreachta.

# ***Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030***

---

## **Maidir leis an bplean**

---

Is creat doiciméad atá i gceist le *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030* atá deartha chun cuidiú le fíis don oidhrecht agus don bhithéagsúlacht i gContae na Gaillimhe a bhaint amach thar thréimhse sé bliana. Comhoibreoidh Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe le hOifigí Oidhreachta, Bithéagsúlachta agus Caomhnú Ailtireachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe leis an bplean a chomhordú agus a sheachadadh. Tá sé mar aidhm leis an bPlean nua Oidhreachta agus Bithéagsúlachta seo cur leis an méid a baineadh amach i bpleananna roimhe seo agus ag an am céanna athruithe reachtaíochta, beartais agus aeráide a mheas.

Áiríonn Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe líon mór leasa earnála, lena n-áirítear, an rialtas áitiúil, gníomhaireachtaí stáit, eagraíochtaí nach eagraíochtaí stáit iad, feirmeoirí agus úinéirí talún eile, gníomhaireachtaí forbartha áitiúla agus réigiúnacha, an earnáil oideachais agus oidhreachta agus an earnáil pobail agus dheonach.

Cuireadh an Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta ar bun sa bhliain 2004 chun comhairle agus treoir a chur ar fáil maidir le Pleananna Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus chun cláir oibre bhliantúla a fhorbairt agus a athbhreithniú.

Amhail forbairt Phleananna Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe roimhe seo, bhunaigh an Fóram trí ghrúpa oibre chun cuidiú le plean 2024-2030 a fhorbairt. Comhaltaí de chuid an Fhórait a bhí ina gcomhaltaí ar gach grúpa oibre.

Rinne gach grúpa oibre an Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta atá ann cheana féin, na haighneachtaí go léir a fuarthas agus an t-aiseolas ón bpróiseas chomhairliúcháin poiblí a mheas, agus thug a gcuid tuairimí agus taithí chomh fada leis an díospóireacht agus leis an idirbheartaíocht. Cheadaigh an Fóram gníomhartha an dréachta deiridh agus glacadh leis an bplean an 25 Deireadh Fómhair 2024. Cuireadh an plean seo i láthair Fhoireann Bainistíochta Chomhairle Contae na Gaillimhe an 11 Samhain 2024.

Is ceann de chuspóirí an Phlean Chorpáidigh agus *Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028* tacú le agus *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2024-2030* a chur i bhfeidhm.

Thacaigh an Coiste um Beartais Straitéiseacha um Ghníomhú ar son na hAeráide, na Bithéagsúlachta agus na hOidhreachta leis an bplean an 27 Samhain 2024. Ghlac Comhaltaí Tofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe le *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2024-2030* an 16 Nollaig 2024.

Rinne grúpaí oibre an Fhóraitm Oidhreachta agus Bithéagsúlachta na gnéithe oidhreachta agus bithéagsúlachta seo a leanas a mheas le linn den phlean a bheith a fhorbairt.

## Oidhreachta Cultúir

• Réada seandálaíochta • Réada Oidhreachta • An Ghaeilge • Béaloideas, Oidhreacht Béil & Daonarraí • Ginealas • Músaeim & Cartlanna • Stair Áitiúil • Oideachas Oidhreachta • Logainmneacha • Oidhreacht Chultúir Dholáimhsithe • Oidhreacht ar snámh • Oidhreacht Mhuirí • Cosáin Oidhreachta • Oidhreacht Dhigiteach & Analóige • Ceardaíocht traidisiúnta • Oidhreacht Chultúir faoi thoinn

• Flora • Fauna • Gnáthóga Fiadhúlra • Tírdhreacha • Muirdhreacha • Geolaíocht & ithir • Intíre sruthchúrsaí • Seirbhísí éiceachórais • Caipiteal nádúrtha • Cleachtais thraidisiúnta maidir le húsáid talún

Séadchomharthaí • Oidhreacht Ailtireachta • Gairdíní & páirceanna oidhreachta • Raiceanna • Oidhreacht Thionsclaíoch • Oidhreacht Seandálaíochta • Uiscebhealaí intíre • Tírdhreacha • Muirdhreacha • Oidhreacht seandálaíochta faoi thoinn

**Nádúrtha agus na Bithéagsúlacht**

**Tógtha agus na Seandálaíochta**



## Fís don Oidhrecht agus don Bhithéagsúlacht i gContae na Gaillimhe

Beidh meas ar oidhrecht agus ar bhithéagsúlacht shaibhir Chontae na Gaillimhe, beidh fiúntas ag gabháil leo, beidh siad á gcosaint, á gcaomhnú agus á bhfeabhsú ar bhealach ina léirítear meas ar an am atá caite, a thugann aghaidh ar riachtanais láithreacha agus a chinntíonn inbhuanaitheacht do na glúnta amach anseo. Samhlaítear go gcinnteofar tairbhí do dhaoine, don aeráid agus don chontae, go n-iompófar droim ar ais díghrádú an éiceachórais agus go mbeidh teacht aniar in aghaidh bagairtí amach anseo ar nós athrú aeráide



**Is iad aidhmeanna *Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030***

.....  
Is iad aidhmeanna *Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030*:

1. bithéagsúlacht agus oidhreacht thógtha, seandálaíochta agus chultúir Chontae na Gaillimhe a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú;
2. feasacht agus rannpháirtíocht a chur chun cinn agus
3. tacú agus comhoibriú le raon leathan comhpháirtithe, lena n-áirítear pobail, ar bhealach ionchuimsitheach agus inbhuanaithe.

## Treoirphrionsabail

<b>Bhí cur le chéile an phlean faoi threoir ag na treoirphrionsabail seo a leanas:</b>	
<b>Cur Chuige Comhtháite Oidhreachta agus Bithéagsúlachta</b>	Tá gá le cur chuige comhtháite agus iomlánaíoch oidhreachta do shócmhainní oidhreachta agus bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe, a chuimsíonn gnéithe nádúrtha, tógtha, seandálaíochta agus cultúir (inlámhsithe agus dolámhsithe araon) lena gcosaint, lena gcaomhnú, lena mbainistiú agus lena gcur chun cinn go cuí a chinntiú
<b>Tacú le Pobail agus iad a Chumhachtú</b>	Aithnítear go bhfuil ról ríthábhachtach ag pobail ó thaobh aire a thabhairt don oidhrecht agus don bithéagsúlacht agus iad a chur chun cinn, le hiarrachtaí dírithe ar thacú le pobail agus iad a chumhachtú ina gcaomhnóireacht ar an oidhrecht agus ar an mbithéagsúlacht áitiúil. Déanfaidh Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe, trí fheidhmiú an Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta, iarracht cur le hacmhainn an phobail chun déileáil le tionscnaimh oidhreachta ar fud an chontae agus a bheith rannpháirteach iontu.
<b>Forbairt Inbhuanaithe</b>	Cuirtear fáilte roimh Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe d'Fhorbairt Inbhuanaithe agus 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna). Tá tuiscint ar fhorbairt inbhuanaithe mar fhorbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais i láthair na huair gan chumas na nglúnta amach anseo freastal ar a riachtanais féin a chomhghéilleadh. Cuireadh prionsabail na forbartha inbhuanaithe, pleanáil chúí agus dea-chleachtas i bhfeidhm i leith na ngníomhartha a bhfuil forbairt déanta orthu sa phlean seo.
<b>Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht</b>	Aithnítear ról na hoidhreachta agus na bithéagsúlachta i bhfáiltiú roimh éagsúlacht agus i dtacú le hionchuimsiú sóisialta laistigh de phobail agus tugtar aitheantas do Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. Déanfar iarrachtaí lena chinntiú go léireoidh na himeachtaí a bhaineann leis an bplean seo leasa phobal an chontae atá éagsúil go cultúrtha agus go sóisialta agus go mbeidh siad inrochtana do na saoránaigh go léir, beag beann ar aois, cúlra, riachtanais fisiciúla nó mhothúchána.
<b>An Ghaeilge</b>	Tá an Ghaeilge mar bhunchloch ár n-oidhreachta agus ár dtuiscint ar an mbithéagsúlacht. Léirítear an tábhacht seo sna gníomhartha atá sa phlean.
<b>Gníomhú ar son na hAeráide</b>	Tá athrú aeráide agus cailliúint bithéagsúlachta lárnach inár ngníomhaíochtaí go léir agus cuireann eolas ar fáil do gach gné den phlean seo. Breithneofar i gcinntí a n-impleachtaí ar fud cleachtais eagraíochta, comhpháirtíochtaí agus rannpháirtíocht an phobail. Tá oidhrecht agus bithéagsúlacht Chontae na Gaillimhe ríthábhachtach ó thaobh aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide. Mar chaomhnóirí, tá gealltanais tugtha úsáid a bhaint as acmhainní atá ar fáil chun freagairt don ghéarcheim aeráide agus leis an oidhrecht agus an bithéagsúlacht a chosaint agus réitigh nuálacha a chur chun cinn i leith dúshláin amach anseo.  Tá sé seo ag teacht le fíis an rialtais ó thaobh a bheith chun tosaigh i maolú agus i dteacht aniar maidir le hathrú aeráide.



Seoladh Leabhar Oibre Dátheangach na nGardaí – Seán Lydon

### Bhí cur le chéile an phlean faoi threoir ag na treoirphrionsabail seo a leanas:

#### **Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028**

Tá tacaíocht a thabhairt d'fheidhmiú *Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030* i measc aidhmeanna straitéiseacha *Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028* maidir le cur chun cinn agus cosaint Oidhrecht Chultúir an chontae agus leanúint le gníomhartha an *Phlean Oidhreachta Náisiúnta*, an *Phlean Bithéagsúlachta Náisiúnta* agus *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe* a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara go léir.

#### **Taisteal Inbhuanaithe**

Bhí tionscnaimh taistil inbhuanaithe agus ionchuimsithigh a chomhtháthú i *bPlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030* mar phríomhthéama i gcomhairliúchán poiblí. Trí iompar éiceabhách a chur chun cinn d'imeachtaí agus do láithreán oidhreachta, tá sé mar aidhm leis an bplean astaíochtaí carbóin a laghdú agus inrochtaineacht a fheabhsú. Cothóidh tosaíocht a thabhairt do na straitéisí seo dul chun cinn suntasach ó thaobh dul i ngleic le hathrú aeráide agus borradh a chur faoi rannpháirtíocht an phobail i ngníomhaíochtaí oidhreachta agus bithéagsúlachta na Gaillimhe.

#### **Coinbhinsiún Aarhus agus Comhairliúchán Poiblí**

Cruthaíonn Coinbhinsiún Aarhus rialacha riachtanacha chun rannpháirtíocht an phobail i saincheisteanna comhshaoil a fheabhsú, a dhíríonn ar thrí philéar: rochtain ar eolas comhshaoil, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain chun na córa. Bhí rannpháirtíocht phoiblí rithábhachtach ó thaobh múnlú a dhéanamh ar an *bPlean nua Oidhreachta agus Bithéagsúlachta*, ag cinntiú go léirítear tuairimí agus uailmhianta an phobail sa phlean sna sé bliana atá amach romhainn. Fuarthas cúnaimh ón bpobal, ó mhuintir na háite agus ó pháirtithe leasmhara trí shuirbhé ar líne, imeachtaí agus ceardlanna comhairliúcháin phoiblí ar oidhrecht, bithéagsúlacht agus ar na healaíona chomh maith le haighneachtaí i scríbhinn.



Comhdháil Chloch na Rón 200 - Marie Mannion

## An próiseas a bhain leis an bplean a chur le chéile

Cuireadh tús le forbairt an phlean in Aibreán 2023 agus bhí sraith gníomhaíochtaí i gceist leis sin sna míonna ina dhiaidh sin suas go dtí an tráth ar glacadh leis an bplean. Áiríodh anseo cruinnithe le Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe, díospóireacht le trí ghrúpa oibre, cruinnithe leis an bhfoireann inmheánach, seisiúin chomhairliúcháin, comhairliúcháin ar líne maidir leis an réamhdhréacht agus le ceardlanna.

### Céimeanna forbartha an phlean

#### 1. Ullmhúchán

Athbheithniú ar reachtaíocht agus ar bheartas, athbheithniú ar *Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017-2022*. Athbheithniú ar na gníomhartha a cuireadh ar fáil.

#### 2. Fís agus cuspóirí

Glacadh le comhaltaí nua ar an bhFóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta. Bhí sé seo comhantaithe leis an bhFóram, mar a bhí na príomhaidhmeanna, príomhchuspóirí agus struchtúr an phlean. Bunaíodh trí cinn de ghrúpaí oibre.

#### 3. Rannpháirtíocht an Phobail

Reachtáladh dian-chomhairliúchán poiblí chun ionchur raon leathan grúpaí ar fud an chontae ina iomláine a fháil. Rinneadh comhairliúchán réamhdhréachta ar líne a stiúradh i gcomhpháirtíocht le *Plean um Gníomhú ar son na hAeráide Chontae na Gaillimhe 2024-2029*, reachtáladh ceardlanna ina raibh daoine i láthair go pearsanta i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail agus rinneadh

ceardlanna ceardaíochta a éascú chun éisteacht a thabhairt do ghuth na ndaoine siúd nach gcloistear uathu go minic i socrúchán traidisiúnta comhairliúcháin phoiblí. Fuarthas ionchur don phlean ó 447 duine aonair agus eagraíocht, lena n-áirítear an 117 duine a ghlac páirt sna ceardlanna comhairliúcháin phoiblí réamhdhréachta, d'fhreastail 141 duine go pearsanta ar chomhairliúcháin réamhdhréachta, fuarthas 177 aighneacht trí na ceistneoirí ar líne agus fuarthas 12 aighneacht i scríbhinn.

**4. Forbairt an phlean**

Rinneadh athbhreithniú agus anailís ar an aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin. Bhreithnigh na grúpaí oibre na pointí a ardaíodh le linn cruinnithe a tionóladh idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2024 agus chuir na torthaí eolas ar fáil do ghníomhartha an phlean. Rinne an Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta na Gníomhartha, na Cuspóirí agus na Príomhtháscairí Feidhmíochta a fhorbairt i socrúchán ceardlainne, go pearsanta agus ar líne thar thréimhse trí mhí. Bhí Measúnú Cuí agus Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta mar chuid atriallach den phróiseas seo.

**5. Athbhreithniú agus ceadú an phlean**

Rinne an Fóram athbhreithniú agus ceadáidh an phlean i mí Dheireadh Fómhair 2024 Cuireadh an phlean i láthair na Foirne Bainistíochta an 5 Samhain 2024, SPC um Ghníomhú ar son na hAeráide, na Bithéagsúlachta agus na hOidhreachta an 27 Samhain 2024 agus i láthair na gcomhaltaí tofa agus glacadh leis an bplan an 16 Nollaig 2024.

**6. Foilsiú**

Rinneadh an phlean a aistriú, a dhearadh, a fhoilsiú agus a sheoladh i dtús na bliana 2025.

Tionscadal Oidhreachta Cheantar Gastranamaíochta na Gaillimhe - Hany Marzouk





Seoladh an Leabhairín Bláth Fiáin - Seán Lydon

## Comhthéacs Reachtaíochta agus Beartais

Sainmhínítear oidhreacht in *Acht Oidhreachta 1995*, lena n-áirítear séadchomharthaí, réada seandálaíochta, réada oidhreachta, oidhreacht ailtreachta, flora, fauna, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, raiceanna, geolaíocht, gairdíní agus páirceanna oidhreachta agus uiscebhealaí intíre. Déantar soláthar i *bPlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030* do na gnéithe oidhreachta atá sainmhínithe san Acht.

Soláthraíonn *Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020-2024* an creat le cur ar chumas Chomhairle Contae na Gaillimhe treoir agus forbairt straitéiseach Chontae na Gaillimhe a stiúradh don tréimhse 2020-2024. Tacaíonn na spriocanna straitéiseacha agus na straitéisí tacaíochta atá aitheanta sa phlean le Comhairle Chontae na Gaillimhe i dtabhairt faoina cuid feidhmeanna, tosaíocht a thabhairt dá gníomhartha agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn. Tá na luachanna croiláir mar bhonn taca agus déanann seachadadh seirbhísí an údaráis áitiúil a stiúradh thar an tréimhse 2020-2024, agus léiríonn misean an údaráis áitiúil an tábhacht a bhaineann leis an gcaighdeán saoil a fheabhsú do mhuintir Chontae na Gaillimhe trí fhorbairt pobail agus geilleagrach a threorú agus a neartú agus seirbhísí éifeachtacha agus inbhuanaithe a sheachadadh.

Feidhmíonn *Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028* mar phlean dleathach agus mar phlean straitéiseach maidir le bainistiú úsáid talún don chontae. Tugtar breac-chuntas sa phlean ar an straitéis fhoriomlán do phleanáil chúí agus

d'fhorbairt inbhuanaithe laistigh de Chontae na Gaillimhe. Tá *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030* ar bheartas/cuspóir de chuid Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe agus déanann comhlánú ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe agus ar phleananna reachtúla eile. Tá sé mar chuspóir leis an bplean na beartais agus na cuspóirí a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith sna pleananna seo a chur chun cinn agus beartais phraiticiúla a sholáthar lenár n-oidhreacht agus bithéagsúlacht áitiúil a aithint, a chosaint agus a bhainistiú. Cuirtear béim i *bPlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030* ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail leis na cuspóirí seo a bhaint amach.

*Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae na Gaillimhe (LECP) 2024-2030*. Is ionann LECP Chontae na Gaillimhe agus plean sé bliana a bhfuil sé mar aidhm leis forbairt pobail agus eacnamaíochta inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud Chontae na Gaillimhe.

Ghlac ballstáit go léir na Náisiún Aontaithe ar fud an domhain leis na *Spríocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGs)* in 2015 mar chuid de *Chlár 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe*. Tugtar breac-chuntas sa chlár seo ar phlean 15 bliana leis na spríocanna a bhaint amach, a fheidhmíonn mar threoirphlean le todhchaí níos inbhuanaithe a chruthú do chách.

I *gClár an Rialtais: Ár dToghchaí Comhroinnte*, tá gealltanais mhóra tugtha ag Éirinn maidir lena hoidhreacht agus lena bithéagsúlacht náisiúnta. Cuimsíonn na tiomantais seo tacaíocht leanúnach d'Oifigigh Oidhreachta i réimsí ar nós oideachas oidhreacht, sláinte, folláine agus eolaíocht saoránach. Chomh maith leis sin, tá sé mar aidhm leis an bplean láithreach na n-oifigeach bithéagsúlachta agus caomhnaithe a leathnú laistigh de na húdaráis áitiúla.

*Seoladh Oidhreacht Éireann 2030*, Plean Náisiúnta Oidhreachta na hÉireann i mí Feabhra 2022. Tá an plean bunaithe ar fhís ár n-oidhreacht, beag beann ar cén cineál, a bheith mar phointe fócais sa díospóireacht áitiúil agus náisiúnta, le meas ag an uile dhuine uirthi agus go mbeifear dílis di agus go ndéanfar í a chosaint do na glúnta atá le teacht.

*Seoladh Ár nÁit sa Stair - Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2023-2028* i mí Feabhra 2023. Tá sé mar aidhm leis an bplean ceiliúradh a dhéanamh ar oidhreacht shaibhir na hÉireann agus í a chur chun cinn agus ag an am céanna aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nach mór a shárú leis an oidhreacht seo a chosaint don todhchaí.

Tionscadal Phoncanna Gorma Chonamara - *Peter Cutler*



Péacóg - Jan-Robert Baars

Is ionann an *Plean Uile-Éireann um Pailneoirí 2021-2025* agus treochlár cúig bliana a dhíríonn ar thacú le beacha agus le feithidí pailnitheacha agus leis an mbithéagsúlacht. Cuireann an plean leis an bplean roimhe seo (2015-2020) agus bíonn níos mó comhpháirtithe ag obair le chéile i gceist leis chun seachadadh a dhéanamh ar 186 gníomh ar fud sé chuspóir. Áirítear ar na cuspóirí seo, talamh feirme, talamh poiblí agus talamh príobháideach a dhéanamh báúil do phailneoirí, a thacaíonn leis an mbeach mheala, a chaomhnaíonn pailneoirí neamhchoitianta agus a dhéanann comhordú straitéiseach ar an bplean. Déantar iarracht leis an bplean bainistiú atá báúil do phailneoirí a neartú i bpáirceanna poiblí agus i spásanna glasa, an Plean um Pailneoirí a chomhtháthú i bpleananna forbartha nó bithéagsúlachta cathrach/contae amach anseo agus cur le feasacht ar phailneoirí agus ar thionscnaimh atá ann cheana féin ag leibhéal an údaráis áitiúil.

Tá an plean deonach agus tugann eagraíochtaí gealltanais a gcuid gníomhartha féin a mhaoiniú. Tá sé mar chuspóir leis an bplean pailneoirí agus bithéagsúlachta na hÉireann a chosaint, a chuireann le timpeallacht níos sláintiúla.

Foilsíodh an *4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta 2023-2030* i mí Eanáir 2024 agus leagtar amach ann an clár náisiúnta bithéagsúlachta. Tá 194 gníomh laistigh den chreat ina bhfuil cúig chuspóir straitéiseacha:

1. Glacadh le cur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí i leith na bithéagsúlachta.
2. Freastal ar riachtanais comhrá agus athbhunaithe práinneacha.
3. Cion an dúlra do na daoine a dhaingniú
4. Cur leis an mbonn fianaise do ghníomh ar an mbithéagsúlacht.
5. Cion na hÉireann do thionscnaimh bithéagsúlachta idirnáisiúnta a neartú

Tháinig *Rialachán um Athbhunú an Dúlra an AE* (ar a dtugtar an ‘Dlí um Athbhunú an Dúlra’) i bhfeidhm an 18 Lúnasa 2024. Tá an reachtaíocht seo mar phríomhghné de Straitéis Bithéagsúlachta an AE don bhliain 2030 agus ceanglaíonn ar Bhallstáit pleananna athbhunaithe náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don dúlra lena chinntiú go bhfeidhmítear a fhorálacha. Ordaítear leis an Rialachán spriocanna athbhunaithe atá ina gceangal de réir dlí do na Ballstáit le héiceachórais, gnáthóga agus speicis a athbhunú ar fud réimsí talún agus farraige an AE laistigh agus lasmuigh de limistéir chosanta araon.

Chomh maith leis an méid thuas, tá léargas tarraingthe ag *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030 as Tionscadal Éireann 2040*; as an *bPlean Forbartha Náisiúnta*; as an *Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna 2015*; as an *Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha 2015-2025*; *Áiteanna do Dhaoine - an Beartas Rialtais um Ailtireacht*; *Creataí agus Prionsabail um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta*; agus an *Clár d’Éire Ildánach*.

## Seachadadh an phlean

Tagann grúpaí oibre laistigh d’Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe le chéile nuair is gá le gníomhartha agus tionscnaimh shonracha a phlé. Tugtar liosta in Aguisín 4 de chomhaltaí an Fhórait agus de chomhaltaí na ngrúpaí oibre.

Is féidir leis na grúpaí oibre cuireadh a thabhairt do dhaoine aonair freisin nach comhaltaí iad den Fhóram ach a bhfuil eolas agus saineolas acu a bhaineann le gníomh nó le tionscnamh sonracha maidir le forbairt tionscadail.

Déanann an Fóram bearta a mholadh agus a phlé gach bliain agus súil acu iad a chur i gcrích an bhliain dár gcionn. Is féidir le heagraíochtaí oidhreachta áitiúla, scoileanna nó grúpaí pobail moltaí a chur faoi bhráid chomh maith ar riachtanas oidhreachta faoi leith a thabhairt chun suntais ar an leibhéal áitiúil dóibh nó d’fhéadfadh moladh a theacht chomh maith ó fhoras léinn nó ó eagraíocht rialtais.



Turas Páirce Bithéagsúlachta – Ollscoil na Gaillimhe



Ealaí Balbha - Ruth Hanniffy

## Cur chuige comhoibríoch

---

Ón mbliain 2002, tá comhoibriú leis an méid daoine aonair agus eagraíochtaí agus is féidir lárnach d'fhorbairt agus do sheachadadh phleananna Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe. Leanann an plean seo an cur chuige céanna, leis an aidhm an plean a sheachadadh trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha chun rannpháirtíocht ghníomhach mhuintir na Gaillimhe a chinntiú. Tá an Fóram tiomanta prionsabail an ionchuimsithe shóisialta agus dualgas na hearnála poiblí a chomhtháthú i ngach gné de chur i bhfeidhm an phlean. Tugadh faoi chomhairliúchán leathan chun an tiomantas seo a chuimsiú agus tá sé mar bhunchloch le forbairt an phlean, a bhfuil mionsonraí tugtha ina leith in Aguisíní 6,7,8 agus 9.

Tá sé mar aidhm ag an bhFóram, le linn thréimhse an phlean, tabhairt faoi thionscadail éagsúla, mór agus beag araon, a chlúdaíonn an iliomad gnéithe den oidhrecht agus den bhithéagsúlacht ar fud chúig cheantar bardasacha. Tabharfar tosaíocht do na gníomhartha atá ag teacht leis an reachtaíocht agus leis na beartais ábhartha a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith in Aguisín 1 den phlean seo. Déanfar iarracht leis na pleananna oibre bliantúla deiseanna sineirgí agus comhoibríthe le comhaltaí an Fhórait agus le daoine eile a scrúdú chun na gníomhartha agus na tionscadail a sheachadadh.

Leanfar le comhpháirtíocht le príomhchomhpháirtithe leasmhara ag leibhéal áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chun na tosaíochtaí atá aitheanta i *bPlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030* a sheachadadh. Ar tiomantas tá tacaíocht a thabhairt do chaomhnóireacht na hoidhreachta faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach, chomh maith leis an oidhrecht atá faoi chúram pobail. Beidh tionchar gaolmhar agus trasghearrtha an athraithe aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta lárnach i seachadadh an phlean.

## Tráthchlár

Tugtar breac-chuntas i bPlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030 ar ghníomhartha do thréimhse sé bliana. Cuirfidh an Fóram, clár oibre ar fáil, gach bliain, bunaithe ar na gníomhartha atá sonraithe sa phlean reatha, a áireoidh am líne lena gcur i bhfeidhm, le foinsí maoinithe, tionscadail atá beartaithe faoi na gníomhartha a aithint agus comhpháirtithe tosaigh agus comhlacha a ainmniú. Beidh an próiseas seo ag brath ar acmhainní agus ar mhaoiniú a bheith ar fáil don bhliain áirithe sin.

## Airgeadas agus Acmhainní a chur ar fáil don Phlean

Admhaíonn an Fóram go bhféadfadh athrú a theacht ar chúrsaí eacnamaíochta agus go bhféadfadh fachtóirí éagsúla a theacht chun cinn le linn thréimhse an phlean. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé nach mbainfí roinnt de na gníomhartha beartaithe amach laistigh de thréimhse saoil an phlean seo mar gheall ar shrianta airgeadais agus ar shrianta eile.

Imeacht Seandálaíochta Pobail do Sheachtain na hOidhreachta – *Hany Marzouk*



Léirítear i réamh-mheastacháin reatha go bhfuiltear ag súil go mbeidh sé ar chumas na hOifige Oidhreachta, na hOifige um Chaomhnú Ailtireachta agus na hOifige Bithéagsúlachta an buiséad iomlán de €14,772,978 a fháil chun tacú le cur i bhfeidhm an phlean seo. Chomh maith leis sin, tabhóidh ranna eile laistigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ar nós, na Seirbhísí Cartlainne agus Leabharlainne, an Oifig Ealaíon, Bóithre agus Iompar, Tithíocht, Pleanáil, Athnuachan Uirbeach agus Tuaithe, Pobal, an Rannóg Comhshaoil, Comhpháirtíocht Spóirt, Oifigeach Forbartha na Gaeilge, agus na Seirbhísí Corparáideacha, caiteachas breise freisin a bhaineann le hoidhreachta agus le bithéagsúlacht.

Cuireann an Chomhairle Oidhreachta páirtmhaoiniú ar fáil maidir le Pleananna Oidhreachta agus Bithéagsúlachta na n-údarás áitiúil a chur i bhfeidhm. Chun cáiliú don mhaoiniú seo ní mór go gcomhaontódh agus go nglacfadh Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae na Gaillimhe leis an bPlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta. Lorgófar maoiniú freisin ar bhonn bliantúil ó bhuiséad Chomhairle Chontae na Gaillimhe féin, ó ranna rialtais agus ó eagraíochtaí comhphárteacha. D'fhéadfadh comhpháirtithe áirithe sochar comhchineáil a chur ar fáil, mar shampla saineolas nó spás oifige.

## Cumarsáid

---

Measann Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe go bhfuil ról lárnach ag comhairliúchán agus ag cumarsáid i bhforbairt agus i seachadadh éifeachtach *Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030*. Tá an Fóram tiomanta do chaidreamh oscailte idir na comhpháirtithe leasmhara go léir agus don chumarsáid leis an bpobal i ndáil leis an bplean seo a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, cuirfear na tionscadail agus na gníomhartha a thagann ón bplean in iúl trínár líonraí atá ann cheana féin, trí chainéil meán sóisialta agus trí thuarascálacha.

## Monatóireacht agus Measúnacht

---

Déanfaidh Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe monatóireacht ar an bplean oibre bliantúil agus déanfar measúnú ar an dul chinn cinn ar bhonn bliantúil.

Déanfaidh an Fóram iarracht lena chinntiú go mbíonn gach tuarascáil, suirbhé agus staidéir a dhéantar faoi choimirce *Phlean Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030* ar fáil chomh fairsing agus is féidir. I gcomhréir leis an bprionsabal treorach sin, cuirtear tuarascáil deireadh bliana ina mbíonn cuntas ar na bearta ar fad a dhéantar, faoi bhráid an Fhórait, Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus na Comhairle Oidhreachta. Cuirfear torthaí na dtionscadal ar fáil i bhformáid dhigiteach nuair is praiticiúil sin. Tugtar na buiséid atá ar fáil san áireamh maidir leis na bearta agus na tionscnaimh a thabhairt i gcrích.



Cill Mhic Dhuach - Robert Riddell

## An Obair a rinneadh faoi Phleananna roimhe seo

---

Trí chomhoibriú agus thrí obair chrua Fhóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe, Grúpa Stiúrtha Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe agus eagraíochtaí comhpháirtíochtaí eile ar *Phlean Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017-2022*, *Plean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe 2010-2016* agus *Plean Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2008-2013*, tugadh faoi bhreis is 100 tionscnamh oidhreachta agus bithéagsúlachta le linn shaolré na bpleananna. Tá mionsonraí maidir le cás-staidéar ar thionscnaimh roimhe seo tugtha in Aguisín 5.

Fágann *Phlean Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017-2022* oidhrecht d'fheasacht fheabhsaithe, comhpháirtíocht ghníomhach agus bhunchloch neartaithe d'iarreachtaí leanúnacha maidir le caomhnú na hoidhreachta agus na bithéagsúlachta sna blianta atá le teacht. Chun liosta cuimsitheach de thionscadail agus de ghníomhartha *Phlean Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017-2022*, Tuarascálacha Bliantúla Chomhairle Contae na Gaillimhe a fheiceáil, féach ar: <https://www.galway.ie/en/services/yourcouncil/corpdocs/>



## Gníomhartha, Cuspóirí agus Príomhtháscairí Feidhmíochta

Tá gníomhartha *Phlean Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024 - 2030* liostaithe sa tábla seo a leanas. Tá gníomhartha curtha le chéile faoi shé cinn de chatagóirí de chuspóirí straitéiseacha atá liostaithe thíos don Bithéagsúlacht, don Oidhreacht Chultúir agus Thógtha agus don Oidhreacht Seandálaíochta. Ag glacadh le nádúr an phlean, beidh gníomhartha ag teacht go minic faoi níos mó ná aon chatagóir amháin.

## Gníomhartha Bithéagsúlachta

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Rannpháirtíocht an Phobail</b>			
<b>BD 1.1</b>	Imeacht Rannpháirtíochta Pobail Bithéagsúlachta a chur ar fáil saor in aisce i ngach aon cheann de chúig Cheantar Bhardasacha (MDanna) Chontae na Gaillimhe gach aon bhliain.	Dul i gcomhairle le agus oibriú le grúpaí pobail chun guth a thabhairt dóibh ar mhaithe le rannpháirtíocht agus comhoibriú a spreagadh agus a éascú.	An t-imeacht bliantúil a reáchtáil i ngach aon cheann de na MDanna.
<b>BD 1.2</b>	Daoine aonair, grúpaí, pobail chreidimh, eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOanna) agus an earnáil oideachais a spreagadh agus tacú leo chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú agus ar acmhainní agus catalógú a dhéanamh ar na deiseanna ábhartha maoinithe.	Daoine aonair, grúpaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOanna) agus an earnáil oideachais a spreagadh agus tacú leo chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú agus cur le hacmhainn an phobail laistigh d'earnáil na bithéagsúlachta.	Líon na n-iarratas bliantúil a fuair tacaíocht. Eolaire maoinithe a chruthú.
<b>BD 1.3</b>	Dul i gcomhairle agus oibriú le pobail agus úsáid á baint as cur chuige ionchuimsitheach agus comhoibríoch.	Tacú le ról sárluachmhar pobail mar mhaoirseoirí na bithéagsúlachta ar fud an chontae.	Líon na ngrúpaí pobail a bhíonn rannpháirteach ar bhonn bliantúil.
<b>BD 1.4</b>	Eolas bithéagsúlachta a sholáthar do ghrúpaí pobail trí Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (PPN) Chontae na Gaillimhe.	An bhithéagsúlacht a chomhtháthú i gcuspóirí grúpaí agus eagraíochtaí pobail i ngach earnáil ar fud an chontae.	Líon na seisiún rannpháirtíochta a reáchtáladh in aghaidh na bliana. Líon na Nuachtlitreacha PPN in aghaidh na bliana le hábhar bithéagsúlachta.
<b>BD 1.5</b>	Aird a tharraingt air agus obair an phobail ó thaobh spásanna a fhorbairt agus a bhainistiú don dúlra, ar nós gairdíní pobail, bogaigh agus boscaí neadaireachta, a cheiliúradh.	Cur le feasacht ar obair pobail trí ardáin ilmheáin agus trí Gréasán Chartlainne Pobail na hÉireann (iCAN).	Líon na dtionscadal pobail ar tarraingíodh aird orthu agus a ndearnadh ceiliúradh orthu ar ardáin mheáin na comhairle in aghaidh na bliana.
<b>BD 1.6</b>	Eolaire inrochtana a chruthú d'eagraíochtaí agus de ghrúpaí atá ag cur na bithéagsúlachta chun cinn, á bainistiú agus á caomhnú.	An nasc, an chumarsáid agus an comhoibriú idir na páirtithe leasmhara go léir a neartú.	Eolaire ar líne a chruthú de na páirtithe leasmhara bithéagsúlachta.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Rannpháirtíocht an Phobail</b>			
<b>BD 1.7</b>	Na Bailte Slachtmhara agus grúpaí eile a chumasú chun pleananna gníomhaíochta áitiúla bithéagsúlachta a fhorbairt trí dheiseanna oiliúna agus maoinithe a chur ar fáil.	Pleananna gníomhaíochta áitiúla bithéagsúlachta a fhorbairt i gcomhar le pobail atá teacht leis an <i>bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí 2021-2025</i> agus leis an <i>bPlean Gníomhaíochtaí Náisiúnta um Bhithéagsúlacht 2023-2030</i> agus le doiciméid threoracha ábhartha eile.	Tá líon na ngrúpaí le plean gníomhaíochta reatha bithéagsúlachta agus pleananna Chontae na Gaillimhe uaslódáilte ar an láithreán gréasáin do Ghníomhartha ar son na Bithéagsúlachta. Líon na seisiún oiliúna maidir le Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a fhorbairt le linn thréimhse an phlean seo.
<b>BD 1.8</b>	Cur le feasacht ar thionscadail eolaíochta bhithéagsúlachta na saoránach féideartha agus atá ann cheana féin, agus modheolaíocht suirbhé, teicneolaíochta agus oiliúna ábhartha a fhorbairt sa chás gur gá.	Rannpháirtíocht an phobail i dtionscadail eolaíochta na saoránach a chur chun cinn, a spreagadh agus a éascú laistigh den phobal le nasc agus tuiscint níos fearr a chruthú i ndáil leis an bhithéagsúlacht.	An méid uaireanta ar baineadh úsáid as Pacaí Eolaíochta an Chomhshaoil do Thaifeadadh Éiceolaíochta (ESKER) ó Leabharlanna Chontae na Gaillimhe; líon na scéimeanna eolaíochta saoránach a chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe chun cinn; líon bliantúil na n-imeachtaí oiliúna bliantúla maidir le heolaíocht saoránach a reáchtáladh sa chontae.
<b>BD 1.9</b>	Treoir dea-chleachtais a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a chur chun cinn, ar nós acmhainní <i>Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí agus an Fiadhúlra i bhFoirgnimh</i> .	An pobal a chur ar an eolas maidir leis an mbealach is fearr leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú agus a athbhunú i gContae na Gaillimhe.	Líon na ndoiciméad treorach a cuireadh chun cinn thar thréimhse an phlean.
<b>BD 1.10</b>	Comhdháil Bhithéagsúlachta dhébhliantúil a óstáil i gContae na Gaillimhe.	Deis líonraithe agus foghlama a chruthú do chách.	Rinneadh trí Chomhdháil Bithéagsúlachta a óstach thar thréimhse an phlean.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Rannpháirtíocht an Phobail</b>			
<b>BD 1.11</b>	Bithéagsúlacht a chuimsiú i dtionscadail ealaíon cruthaitheach i gContae na Gaillimhe agus imeachtaí ealaíon cruthaitheach le téama bithéagsúlachta leis an bpobal a fhorbairt.	Cur le tarraingteacht agus inrochtaineacht imeachtaí bithéagsúlachta for-rochtana sa phobal.	Líon na dtionscadal agus na n-imeachtaí for-rochtana in aghaidh na bliana a chuimsíonn ceol, na hamharc-ealaíona, scannáin, an ealaín taibhléirithe, lena n-áirítear rince, filíocht, grianghrafadóireacht, srl.
<b>BD 1.12</b>	Iarracht a dhéanamh beirt Oifigeach Caidrimh Phoiblí Bithéagsúlachta a cheapadh.	Tacú le pobail chun tionscadail oideachais, caomhnaithe agus athbhunaithe bithéagsúlachta a fhorbairt agus a sheachadadh ar an taobh thoir agus ar an taobh thiar den chontae.	Ceapachán beirt Oifigeach Caidrimh Phoiblí Bithéagsúlachta.
<b>BD 1.13</b>	Obair sheirbhísí Oidhreachta, Bithéagsúlachta, Caomhnú na hAiltireachta, Gníomhú ar son na hAeráide, Ealaíon, Cultúir, Leabharlainne agus Cartlainne Chontae na Gaillimhe a léiriú agus a chur chun cinn.	Cur le feasacht ar an obair atá á déanamh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe;	Líon na ngníomhaíochtaí bolscaireachta ar líne agus go pearsanta in aghaidh na bliana.
<b>BD 1.14</b>	Aitheantas a thabhairt do Scéim Teanga Chomhairle Contae na Gaillimhe, sa chumarsáid, i ngníomhartha, tionscadail, gníomhaíochtaí, acmhainní agus cumarsáid.	Úsáid na Gaeilge mar theanga bheo a chur chun cinn agus a spreagadh.	Líon na dtionscadal, gníomhaíochtaí agus acmhainní in aghaidh na bliana a chuimsíonn an Ghaeilge.



Imeacht do Sheachtain Náisiúnta na gCrann - Jacinta Fahy

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Oideachas agus Oiliúint</b>			
<b>BD 2.1</b>	Deiseanna a sholáthar d'fhoghlaim idirghníomhach agus do chomhroinnt eolais idir na grúpaí agus na heagraíochtaí difriúla.	Deiseanna foghlama agus comhroinnt eolais pobalbhunaithe a éascú.	An líon imeachtaí in aghaidh na bliana a reáchtáladh do níos mó ná grúpa nó eagraíocht amháin.
<b>BD 2.2</b>	Foireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe a choinneáil suas chun dáta faoi dheachleachtas agus faoi na ceanglais reachtúla go léir maidir le bithéagsúlacht.	An fhoireann a choinneáil ar an eolas maidir leis na ceanglais reatha agus le moltaí deachleachtais.	Líon na gcioclán a eisítear ar an bhfoireann go léir ar bhonn bliantúil maidir le reachtaíocht nua.
<b>BD 2.3</b>	Cur le saineolas fhoireann bainistíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe, na comhaltaí tofa agus na foirne trí riachtanais oiliúna a aithint agus oiliúint a bhaineann le bithéagsúlacht a eagrú.	Oideachas a chur ar an mbainistíocht, ar an bhfoireann agus ar na comhaltaí tofa maidir le tábhacht na bithéagsúlachta agus maidir leis na hoibleagáidí dlíthiúla lena cosaint.	Líon na n-imeachtaí oiliúna a cuireadh ar fáil le linn thréimhse an phlean seo.
<b>BD 2.4</b>	Oiliúint bhithéagsúlachta a sholáthar do PPN Chontae na Gaillimhe agus do ghrúpaí pobail eile.	An bhithéagsúlacht a chomhtháthú in obair grúpaí pobail i ngach earnáil de Chontae na Gaillimhe.	Líon na seisiún oiliúna a cuireadh ar fáil ar bhonn bliantúil don PPN agus do ghrúpaí pobail.
<b>BD 2.5</b>	Gnólachtaí a spreagadh lena gcuid freagrachtaí bithéagsúlachta agus deiseanna tráchtála a aithint ó thionscadail bhithéagsúlachta agus ó údar imní tomhaltóra atá ag athrú.	Oideachas a chur ar ghnólachtaí agus tacú leo chun rannpháirtíocht inbhuanaithe agus éifeachtach leis an mbithéagsúlacht a chumasú.	Líon na rannpháirtíochta bithéagsúlachta atá dírithe ar ghnólachtaí in aghaidh na bliana.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Oideachas agus Oiliúint</b>			
<b>BD 2.6</b>	Cuidiú le scoileanna, institiúidí tríú leibhéal, ionaid ghairmoiliúna agus le soláthróirí eile oideachais agus oiliúna ó thaobh oideachas agus oiliúint bithéagsúlachta.	Tacú le hoideachas bithéagsúlachta san earnáil oideachais.	Líon na seisiún rannpháirtíochta le lucht oideachais in aghaidh na bliana.
<b>BD 2.7</b>	Clár Oidhreachta sna Scoileanna a chur chun cinn agus tacú leis.	Sainoideachas bithéagsúlachta a chur ar fáil do leanaí scoile.	Líon na scoileanna i gContae na Gaillimhe atá rannpháirteach i gClár Oidhreachta sna Scoileanna agus le saineolaithe bithéagsúlachta in aghaidh na bliana.
<b>BD 2.8</b>	Tacú le leabharlanna atá ag cur oideachas agus acmhainní bithéagsúlachta ar fáil agus á gcur chun cinn.	Tacú le leabharlanna atá ag cur oideachas bithéagsúlachta ar fáil i socrúchán pobail.	Líon na n-imeachtaí le téama na bithéagsúlachta a raibh leabharlanna i mbun óstaíochta orthu agus líon na n-acmhainní agus comhairle a chuir an Oifig Bithéagsúlachta ar fáil in aghaidh na bliana.



Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Taighde, Monatóireacht agus Caomhnú</b>			
<b>BD 3.1</b>	Sonraí agus taighde a bhailiú, a chur le chéile agus a sholáthar ar bhithéagsúlacht i gContae na Gaillimhe.	Cuir leis na deiseanna do chinntí eolacha.	Líon na suirbhéanna agus na dtuarascálacha a ndearnadh coimisiúnú orthu in aghaidh na bliana.
<b>BD 3.2</b>	Naisc a chothabháil agus a fhorbairt le lucht taighde, institiúidí oideachais, leabharlanna agus eagraíochtaí agus údaráis eile.	Cumarsáid a éascú idir institiúidí oideachais agus páirtithe leasmhara bithéagsúlachta.	Líon na gcomhoibrithe in aghaidh na bliana.
<b>BD 3.3</b>	A chinntiú go gcomhroinntear na sonraí bithéagsúlachta a bailíodh ó thionscadail a bhí maoinithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe leis na heagraíochtaí ábhartha go léir agus go bhfuil tacar sonraí ag comhlíonadh an bheartais náisiúnta maidir le sonraí oscailte.	Comhroinnt eolais agus tacar sonraí bithéagsúlachta a éascú.	Líon na dtacar sonraí a comhroinneadh le comhlachtaí ábhartha. Líon na ngearrchuntas tionscadail ina bhfuil clásal do Shonraí Oscailte.
<b>BD 3.4</b>	Léarscáileanna líonra éiceolaíochta den chontae a fhorbairt agus dul i mbun oibre chun cur le nascacht ar fud na líonraí agus comhoibriú le húdaráis chomharsanachta.	Láithreáin phríomha bhithéagsúlachta agus a nascálacha sa chontae aithint, a fheabhsú agus a chosaint.	Líon na léarscáileanna líonra éiceolaíochta a cuireadh ar fáil le linn thréimhse an phlean seo.
<b>BD 3.5</b>	Tacú le measúnú, cosaint agus athbhunú ghnáthóga Tosaíochta larscríbhinn 1 lasmuigh de láithreáin ainmnithe le heolas a chur ar fáil do chinntí pleanála.	Stádas caomhnaithe Ghnáthóga Tosaíochta larscríbhinn 1 lasmuigh de limistéir ainmnithe a chinneadh agus tacú lena gcaomhnú agus lena n-athbhunú.	Líon na láithreán a aithníodh agus a ndearnadh measúnú orthu in aghaidh na bliana.
<b>BD 3.6</b>	Tacú le gnáthóga agus éiceachórais mhuirí a chaomhnú agus pleananna agus beartais náisiúnta á gcomhlíonadh.	Tacú le hathbhunú agus le caomhnú gnáthóg laistigh den chontae a thacaíonn le raon leathan speiceas muirí, agus tionchair athraithe aeráide a mhaolú, m.sh, leibhéil na mara atá ag ardú.	Líon na dtionscadal caomhnaithe muirí a fuair tacaíocht thar thréimhse an phlean.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Taighde, Monatóireacht agus Caomhnú</b>			
<b>BD 3.7</b>	Tacú le speicis tosaíochta i gContae na Gaillimhe a chaomhnú, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta don Chúilín Gaelach, Poibleog Dhubh, Caonach Corránach Ionrach, Diúilicín Péarla Fionnuisce, Fritileán Réisc, Scréachóg Reilige, Cromán na gCearc, Crú-laltóg Bheag agus Meirliún.	Tacú le cur chuige náisiúnta, comhordaithe agus a bheith páirteach ann i leith speicis tosaíochta a chaomhnú.	Líon na ngníomhartha in aghaidh na bliana a rinneadh nó ar tacaíodh leo chun speicis tosaíochta a chaomhnú.
<b>BD 3.8</b>	Tacú le tionscnaimh faoin gCreat-treoir Uisce a chuireann le hathbhunú na bithéagsúlachta agus docharlaigh, lena n-áirítear bearta chun tacú le himirce éisc agus le docharlaigh Blue Dot (clár uiscí na n-údarás áitiúil).	Stádas na n-uiscí go léir i gContae na Gaillimhe (lena n-áirítear bitheolaíocht, cáilíocht uisce agus hidreamoirfeolaíocht) a chosaint agus a fheabhsú.	An líon tionscadal agus tionscnamh ar tugadh fúthu le Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil agus le príomhchomhpháirtithe leasmhara eile.
<b>BD 3.9</b>	Cláir oideachais agus tionscnaimh pobail a fhorbairt chun cur le feasacht agus maoirseacht a chothú maidir lenár n-oidhreacht gheolaíoch, lena n-áirítear clocha, tírdhreacha fisiciúla agus ithir.	Ár n-oidhreacht gheolaíoch a chosaint agus cur le feasacht maidir leis an oidhreacht gheolaíoch, agus na naisc idir geo-éagsúlacht agus bithéagsúlacht a léiriú.	Líon na bhfoilseachán agus na n-imeachtaí a réachtáladh in aghaidh na bliana a thaispeánann saibhreas ár n-oidhreachta geolaíche.
<b>BD 3.10</b>	Cuir le feasacht maidir leis an tábhacht éiceolaíochta a bhaineann le ballaí cloiche agus le struchtúir don bhithéagsúlacht.	Nascacht tírdhreacha a chosaint agus a fheabhsú trí chur le feasacht maidir leis na tairbhí éiceolaíochta a bhaineann le ballaí cloiche agus le struchtúir don bhithéagsúlacht.	Líon na bpostálacha meán sóisialta, ceardlanna, siúlóidí treoraithe agus ábhair oideachais in aghaidh na bliana a chuireann le feasacht maidir leis an tábhacht éiceolaíochta a bhaineann le ballaí cloiche agus le struchtúir.
<b>BD 3.11</b>	Treoirínte dea-chleachtas a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag soilse saorga ar an bhfiadhúlra. Na treoirínte seo a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn tionscadail nua, uasghráduithe soilse (iarfheistiú), agus cásanna ina bhfuil fianaise ann go bhfuil tionchar ag na soilse saorga atá ann ar an bhfiadhúlra, á bpleanáil agus á bhforbairt.	Ár mbithéagsúlacht oíche a chosaint agus a fheabhsú.	Líon na dtionscadal agus na dtionscnamh ar tugadh fúthu ar bhonn bliantúil a chuireann le dea-chleachtas threoirínte na Spéire Dorcha agus atá ag teacht leo.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Comhairle Chontae na Gaillimhe: Daoine, Áitribh agus Oibreacha</b>			
<b>BD 4.1</b>	An bithéagsúlacht a chomhtháthú in obair grúpaí pobail i ngach earnáil de Chontae na Gaillimhe.	Cur chuige na comhairle uile a sheachadadh i leith ghéarchéim na bithéagsúlachta.	Grúpa Oibre Bithéagsúlachta Tras-Rannach a bhunú; líon na gcruinnithe den ghrúpa in aghaidh na bliana.
<b>BD 4.2</b>	Breithniú na bithéagsúlachta ag na luathchéimeanna i ndearadh agus i bhforbairt pleananna, doiciméid straitéise agus tionscadail a éascú.	Pleananna, tionscadail agus straitéisí a thacaíonn leis an mbithéagsúlacht agus a áiríonn an bithéagsúlacht ina gcuid breithniúchán a sheachadadh.	Seicliosta bithéagsúlachta a chruthú do bhainisteoirí tionscadail a dhéanfar a athbhreithniú ar bhonn bliantúil.
<b>BD 4.3</b>	Acmhainní agus tacaíochtaí a fhorbairt chun eolas a chur ar fáil do chinnteoirí maidir le reachtaíocht na bithéagsúlachta.	A chinntiú go mbíonn rochtain ar eolas agus ar reachtaíocht bithéagsúlachta ag an fhoireann, a chumasóidh cinntí eolacha.	Líon na n-acmhainní a rinneadh a fhorbairt don fhoireann thar thréimhse an phlean seo.
<b>BD 4.4</b>	Iarracht a dhéanamh cur le hacmhainní foirne in Oifig Bithéagsúlachta Chomhairle Contae na Gaillimhe.	Cur le hacmhainní don Oifig Bithéagsúlachta chun freastal ar riachtanais an chontae.	Líon na n-acmhainní feabhsaithe a fuarthas le linn thréimhse an phlean seo.
<b>BD 4.5</b>	Tabhairt faoi ghníomhartha chun freastal air agus coinneáil leis na ceanglais mar atá leagtha amach i gcomhaontú Comhpháirtí Comhairle an Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí.	Tacú le agus Gníomhartha an Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí a chur chun cinn do Chomhairlí agus monatóireacht a dhéanamh ar na hathruithe atá mar thoradh orthu.	Líon gníomhartha/tionscadal an Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí ar tugadh fúthu; Léarscáiliú GIS a dhéanamh ar na limistéir atá á mbainistiú do phailneoirí agus monatóireacht bhliantúil a chur ar bun do na príomhlimistéir.
<b>BD 4.6</b>	Laghdú a dhéanamh ar úsáid lotnaidicídí ar mhaoin Chomhairle Chontae na Gaillimhe.	Laghdú a dhéanamh ar úsáid lotnaidicídí ag foireann agus conraitheoirí na Comhairle atá ag feidhmiú thar cheann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.	Plean Bainistíochta bliantúil Gléasra Inbhuanaithe a athbhreithniú, a fhorbairt agus a chur chun cinn.
<b>BD 4.7</b>	Straitéis maidir le Speicis Choimhthíocha Ionracha (IAS) Chomhairle Contae na Gaillimhe a thabhairt cothrom le dáta agus a chur i bhfeidhm.	Córas bainistíochta a chruthú do léarscáiliú, cóireáil agus monatóireacht an IAS agus cultúr bithshlándála a chruthú i measc fhoireann na comhairle.	Córas Bainistíochta Faisnéise a fhorbairt do Speicis Choimhthíocha Ionracha ar thalamh na Comhairle.
<b>BD 4.8</b>	Leanúint leis an mbithéagsúlacht a athbhunú agus a fheabhsú i bpáirceanna agus i spásanna poiblí Chomhairle Chontae na Gaillimhe.	Cáilíocht gnáthóg ar thailte poiblí caithimh aimsire a fheabhsú agus deiseanna a sholáthar don phobal chun ceangal leis an dúlra agus foghlaim faoin mbithéagsúlacht.	Líon na bpáirceanna agus na spásanna poiblí atá á mbainistiú don bithéagsúlacht.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Comhairle Chontae na Gaillimhe: Daoine, Áitribh agus Oibreacha</b>			
<b>BD 4.9</b>	Iniúchóireacht Bithéagsúlachta a dhéanamh ar bhunachar talún agus ar shócmhainní Chomhairle Chontae na Gaillimhe.	Measúnú a dhéanamh ar luach caomhnaithe agus acmhainneacht athbhunaithe bhunachar talún Chomhairle Chontae na Gaillimhe.	Tá an iniúchóireacht tugtha chun críche.
<b>BD 4.10</b>	Láithreáin neadaithe agus deiseanna neadaithe a chosaint agus a fheabhsú d'éin, ialtóga agus inveirteabraigh i dtionscadail, forbairtí nua agus athfhorbairtí caomhnaithe.	Cur le gnáthóga neadaithe d'éin, ialtóga agus inveirteabraigh inár dtimpeallacht thógtha.	Líon na ndoiciméad treorach agus acmhainní a cuireadh ar fáil thar shaolré an phlean seo do chleachtais atá báuil leis an mbithéagsúlacht maidir le láithreáin neadaithe;  Líon na bhforbairtí údarás áitiúil a chuimsíonn deiseanna neadaithe gach bliain.
<b>BD 4.11</b>	Cur le feasacht ar ghlanghnóthachan bithéagsúlachta (BNG) lena bhreithniú i bpleananna, straitéisí agus beartais Chomhairle Chontae na Gaillimhe.	Laghdú a dhéanamh ar thionchar forbartha ar an mbithéagsúlacht agus freagracht chomhroinnte a chruthú do chaomhnú agus d'athbhunú na bithéagsúlachta.	Líon na bpleananna agus na ndoiciméad beartais a cuireadh ar fáil agus líon na n-imeachtaí oiliúna a reáchtáil Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chuireann prionsabail an BNG in iúl thar thréimhse an phlean seo.
<b>BD 4.12</b>	Leanúint le tionscadail agus acmhainní na hOifige Bithéagsúlachta a fhorbairt ar ardáin dhigiteacha Chomhairle Chontae na Gaillimhe.	Cur an méid is fearr is féidir le hacmhainneacht na n-ardán digiteach agus na teicneolaíochtaí chun eolas agus ábhair bhithéagsúlachta a scaipeadh.	Líon iomlán bliantúil na n-úsáideoirí agus amharc leathanaigh.
<b>BD 4.13</b>	Ullmhú, glacadh agus scaipeadh Phlean Bainistíochta Crann agus Fálta Chomhairle Chontae na Gaillimhe.	Crainn agus fálta i gContae na Gaillimhe a chosaint chun dul chun leasa na bithéagsúlachta, saintréith an tírdhreacha agus maolú in aghaidh athrú aeráide.	Ullmhú agus glacadh le Plean Bainistíochta Crann agus Fálta.
<b>BD 4.14</b>	Láithreáin Bhithéagsúlachta lena mbaineann Tábhacht Áitiúil (LIBS) i gContae na Gaillimhe de réir threoirlínte na Comhairle Oidhreachta a aithint agus léarscáiliú a dhéanamh orthu agus iad a chosaint trí bheartas agus pleananna Chomhairle Chontae na Gaillimhe.	LIBS a aithint i gContae na Gaillimhe agus iad a chosaint.	Sraith GIS LIBS a chur ar fáil faoin mbliain 2026. Oiliúint LIBS le cur ar fáil d'fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoin mbliain 2026.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara agus Deiseanna Comhoibríthe</b>			
<b>BD 5.1</b>	Leanúint le rannpháirtíocht agus le comhoibriú le hearnáil na feirmeoireachta agus na talmhaíochta.	Gníomh éifeachtach ar an mbithéagsúlacht a chinntiú san earnáil feirmeoireachta agus talmhaíochta.	Líon na dteagmhálacha leis an earnáil feirmeoireachta agus talmhaíochta in aghaidh na bliana.
<b>BD 5.2</b>	Díospóireacht a éascú idir na páirtithe leasmhara agus ranna rialtais agus gníomhaireachtaí maidir le beartais úsáide talún, cleachtais reachtaíochta agus bainistíochta.	Eolas a chomhroinnt agus comhoibriú idir na páirtithe leasmhara úsáide talún a chur chun cinn.	Líon teagmhálacha na bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear cruinnithe an Fhóraitm Bithéagsúlachta agus Oidhreachta, a thionóltar go bliantúil.
<b>BD 5.3</b>	Comhoibriú le comhaltaí eile Líonra na nOifigeach Bithéagsúlachta (BON) maidir le seachadadh tionscadail agus feachtais bhithéagsúlachta.	Oibriú i gcomhar le húdarais áitiúla eile agus leis an gComhairle Oidhreachta chun saineolas agus eolas an BON a thabhairt chuig tionscadail agus pleananna i gContae na Gaillimhe.	An méid comhoibríthe le comhaltaí BON eile in aghaidh na bliana.
<b>BD 5.4</b>	Deiseanna maoinithe, deiseanna maidir le sochar comhchineáil a lorg agus oibriú le comhpháirtithe tionscadail chun aidhmeanna an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht a bhaint amach.	Giaráil a dhéanamh agus cur an méid is fearr is féidir le maoiniú agus le hacmhainní ar mhaithe le leas bithéagsúlachta an chontae.	An méid maoinithe a fuarthas in aghaidh na bliana.
<b>BD 5.5</b>	Imeachtaí bithéagsúlachta ar nós Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta, Seachtain Náisiúnta na bhFálta Sceach, Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta, Lá Domhanda na mBogach agus imeachtaí agus cláir théamúla eile a chur chun cinn agus a bheith rannpháirteach iontu.	Bithéagsúlacht an chontae a thaispeáint agus a chur chun cinn agus rannpháirtíocht ghníomhach a éascú trí chláir imeachtaí nua agus cláir atá ann cheana féin.	An líon imeachtaí a reáchtáladh agus/nó a cuireadh chun cinn in aghaidh na bliana.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Gníomhú ar son na hAeráide</b>			
<b>BD 6.1</b>	Tabhairt faoi Mheasúnú Riosca Bithéagsúlachta agus Oidhreachta Nádúrtha agus Athraithe Aeráide chun modheolaíochtaí oiriúnaithe agus maolaithe cúí a fhorbairt do shócmhainní bithéagsúlachta atá faoi úinéireacht na Comhairle.	Meicníochtaí comhoibríoch, bunaithe ar fhianaise chun teacht aniar a fhorbairt, dul in oiriúint do nó tionchair an athraithe aeráide ar an oidhreacht nádúrtha agus ar an mbithéagsúlacht i gContae na Gaillimhe a mhaolú.	Tabhairt chun críche an Mheasúnaithe Riosca le linn thréimhse an phlean seo.
<b>BD 6.2</b>	Tacú le tionscadail eolaíochta na saoránach agus iad a fhorbairt mar bhealach le monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an athraithe aeráide ar shócmhainní bithéagsúlachta i gContae na Gaillimhe.	Cur le feasacht agus tuiscint ar leochaileacht bhithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe i leith athrú aeráide.	Líon tionscadail eolaíochta na saoránach ar tugadh fúthu agus a bhaineann le hathrú aeráide agus leis an mbithéagsúlacht le linn thréimhse an phlean seo.
<b>BD 6.3</b>	Comhoibriú le gníomhaireachtaí eile le measúnú a dhéanamh ar an mbealach ina bhféadfadh tionchar a bheith ag athrú aeráide ar flora, fauna, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, geolaíocht agus ithir, uiscebhealaí intíre, seirbhísí éiceachórais, caipiteal nádúrtha agus cleachtais traidisiúnta maidir le húsáid talún.	Tionchar an athraithe aeráide ar shócmhainní bithéagsúlachta an chontae a íoslaghdú.	An méid comhoibríthe agus líon na measúnuithe ar thionchar na haeráide ar bhithéagsúlacht agus ar oidhreacht nádúrtha ar tugadh fúthu le linn thréimhse an phlean seo.
<b>BD 6.4</b>	Teacht aniar ó thaobh na haeráide agus féachaint chuige go seasfaidh rud an aimsir a chur san áireamh i dtionscadail, pleananna agus beartais nua bithéagsúlachta.	Tionchar an athraithe aeráide ar thionscadail, pleananna agus beartais bhithéagsúlachta an chontae a íoslaghdú.	Seicliosta do theacht aniar ó thaobh na haeráide agus féachaint chuige go seasfaidh rud an aimsir a fhorbairt do thionscadail, pleananna agus beartais faoin mbliain 2027.
<b>BD 6.5</b>	Straitéis maidir le Soláthar Poiblí Glas Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chuimsiú chun úsáid ábhair inbhuanaithe atá báúil don timpeallacht i bhfoilseacháin, imeachtaí agus ábhair a chinntiú.	Astaíochtaí carbóin agus tionchar ar an gcomhshaol obair Chomhairle Chontae na Gaillimhe a laghdú.	Líon na bhfoilseachán, imeachtaí agus ábhair bhithéagsúlachta a thacaíonn leis an Straitéis maidir le Soláthar Poiblí Glas.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Gníomhú ar son na hAeráide</b>			
<b>BD 6.6</b>	A chinntiú go mbíonn imeachtaí a eagraíonn Oifig Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe báúil leis an aeráid trí úsáid a bhaint as iompar ar bheagán carbóin sa chás gur féidir, a chuimsíonn treoirlínte d'imeachtaí agus do sheicliosta inbhuanaithe an Aonaid Aeráide.	Tionchar aeráide aon chlár nó imeachtaí atá eagraithe ag an Oifig Bithéagsúlachta a laghdú.	Líon na n-imeachtaí in aghaidh na bliana a chloígh le seicliosta an Aonaid Aeráide.
<b>BD 6.7</b>	Láithreáin taispeána a fhorbairt do chórais draenála uirbeacha inbhuanaithe (SuDS). Tacú leis an imscrúdú ar na modheolaíochtaí Moilligh an Sruth chun taithí a fháil ar bhogaigh agus gnéithe nádúrtha eile a úsáid chun uisce dromchla agus screamhuisce a chóireáil agus a choinneáil, ag cur feabhas ar an mbealach sin ar an gcáilíocht uisce agus ar bhainistiú tuilte.	Deiseanna agus buntáistí a léiriú a bhaineann le bogaigh a úsáid chun eisilteach uisce dromchla agus screamhuisce a chóireáil chun cáilíocht uisce a fheabhsú.	Líon na láithreán taispeána a ndearnadh forbairt orthu le linn thréimhse an phlean seo.
<b>BD 6.8</b>	Tacú le caomhnú agus athbhunú gnáthóg bogaigh (lena n-áirítear talamh portaigh faoi fhoraois bhuaircíneach) agus cur le feacht ar a dtábhacht, agus aitheantas a thabhairt dá ról sa ghníomh ar son na haeráide.	Bainistiú, cosaint agus cur le feacht ar bhogaigh Chontae na Gaillimhe;	Líon na dtionscadal caomhnaithe bogaigh a fuair tacaíocht thar thréimhse an phlean. Rannpháirtíocht bhliantúil i Lá Domhanda na mBogach.
<b>BD 6.9</b>	Oideachas agus cumarsáid maidir le haeráid a chomhtháthú i dtionscadail bithéagsúlachta agus oidhreacht nádúrtha.	Cur le feacht ar shaincheisteanna trasgheartha maidir le hathrú aeráide, bithéagsúlacht agus oidhreacht nádúrtha.	Líon na dtionscadal bithéagsúlachta agus oidhreacht nádúrtha a áiríonn oideachas agus cumarsáid maidir le hathrú aeráide in aghaidh na bliana.

Bóin Dé Sheachtbhallach - Rosina Joyce



## Gníomhartha maidir leis an Oidhreacht Chultúrtha

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Rannpháirtíocht an Phobail</b>			
<b>CH 1.1</b>	Dul i gcomhairle agus oibriú le pobail agus úsáid á baint as cur chuige ionchuimsitheach agus comhoibríoch.	Tacú le ról sárluachmhar pobail mar mhaoirseoirí na hoidhreachta cultúir ar fud an chontae.	Líon bliantúil na bpobal a rabhthas i dteagmháil leo agus a fuair tacaíocht.
<b>CH 1.2</b>	Deiseanna líonraithe atá ann cheana féin a éascú agus cuidiú le deiseanna líonraithe nua a bhunú le gach earnáil den phobal, lena n-áirítear grúpaí, daoine aonair, an diaspóra, scoileanna, breisoideachas agus ardoideachas, gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla.	Comhpháirtíochtaí inbhuanaithe a fhorbairt agus cur le chéile agus iolracht smaointe, eolas agus scileanna a spreagadh chun pobal oidhreachta láidir a chothú.	Líon bliantúil na ngníomhaíochtaí líonraithe ar tugadh fúthu, agus na comhpháirtíochtaí a bunaíodh agus a éascaíodh.
<b>CH 1.3</b>	Saoránacht ghníomhach agus eolaíocht na saoránach a chur chun cinn agus a éascú maidir le hoidhreacht chultúir.	Cur le rannpháirtíocht na saoránach i ngníomhaíochtaí agus i dtaighde na hoidhreachta cultúir.	Líon bliantúil na ngníomhaíochtaí agus na n-imeachtaí rannpháirtíochta agus na dtacar sonraí a feabhsaíodh agus a cruthaíodh.
<b>CH 1.4</b>	Aitheantas a thabhairt do Scéim Teanga Chomhairle Chontae na Gaillimhe, sa chumarsáid, i ngníomhartha, tionscadail, gníomhaíochtaí, acmhainní agus cumarsáid.	Úsáid na Gaeilge mar theanga bheo a chur chun cinn agus a spreagadh.	Líon bliantúil na dtionscadal, gníomhaíochtaí agus acmhainní in aghaidh na bliana a chuimsíonn an Ghaeilge.
<b>CH 1.5</b>	Pobail a spreagadh agus tacú leo iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú agus cur le hacmhainn an phobail laistigh d'earnáil na hoidhreachta cultúir.	Cur le hacmhainn earnáil na hoidhreachta cultúir laistigh de Chontae na Gaillimhe.	Líon na ndeiseanna maoinithe a fuair poiblíocht agus grúpaí/daoine aonair a fuair tacaíocht.
<b>CH 1.6</b>	Eolas maidir leis an oidhreacht chultúir a bhailiú, a thaifeadadh agus a chomhroinnt agus an t-eolas sin a chur ar fáil i bhformáid sonraí oscailte atá ag comhlíonadh beartas náisiúnta.	Cur le rochtain an phobail i leith eolas, treoir agus acmhainní na hoidhreachta cultúir.	Líon bliantúil na dtionscadal ar tugadh fúthu agus na hacmhainní a scaipeadh.
<b>CH 1.7</b>	Oibriú le pobail chun samhlacha dea-chleachtais oidhreachta cultúir a fhorbairt.	Cur le feasacht ar an tábhacht a bhaineann le dea-chleachtais oidhreachta cultúir a bhunú agus a úsáid.	Líon bliantúil na seisiúin oiliúna agus acmhainní treorach a cuireadh ar fáil.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Rannpháirtíocht an Phobail</b>			
<b>CH 1.8</b>	Leanúint le clár Lónra Cartlainne Pobail na hÉireann (iCAN) a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Músaem Náisiúnta na hÉireann, an Chomhairle Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus oibrithe deonacha pobail.	Clár ICAN a fhorbairt agus a leathnú i gContae na Gaillimhe chun uileghabhálacht a fheabhsú agus a éascú.	Líon bliantúil na ngrúpaí atá rannpháirteach, leibhéal na rannpháirtíochta go pearsanta agus ar líne.
<b>CH 1.9</b>	Obair grúpaí pobail a léiriú, a chur chun cinn agus cuidiú leis an obair sin trí <a href="http://www.galwaycommunityheritage.org">www.galwaycommunityheritage.org</a> , <a href="http://galway.ie">galway.ie</a> , na meáin shóisialta agus imeachtaí poiblí.	Cur le feasacht ar an obair atá á déanamh ag oibrithe deonacha pobail don oidhreacht ar fud an chontae agus daoine eile a spreagadh le páirt a ghlacadh freisin.	Líon na dtionscadal pobail ar tarraingíodh aird orthu agus a ndearnadh ceiliúradh orthu ar ardáin meán sóisialta Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
<b>CH 1.10</b>	Obair sheirbhísí Oidhreachta, Bithéagsúlachta, Chaomhnú na hAiltireachta, Ghníomhú ar son na hAeráide, Ealaíon, Cultúir, Leabharlainne agus Cartlainne an Chontae a léiriú agus a chur chun cinn.	Cur le feasacht ar an obair atá á déanamh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.	Líon na ngníomhaíochtaí bolscaireachta ar líne agus go pearsanta in aghaidh na bliana.
<b>CH 1.11</b>	An oidhreacht chultúir a chuimsiú i dtionscadail ealaíon cruthaitheach i gContae na Gaillimhe agus forbairt a dhéanamh ar imeachtaí ealaíon cruthaitheach le téama na hoidhreachta leis an bpobal.	Cur le tarraingteacht agus inrochtaineacht imeachtaí for-rochtana na hoidhreachta cultúir sa phobal.	Líon na dtionscadal agus na n-imeachtaí for-rochtana oidhreachta cultúir in aghaidh na bliana a chuimsíonn ceol, na hamharcealaíona, scannáin, ealaín taibhléirithe, lena n-áirítear rince, filíocht, grianghrafadóireacht, srl.



Comhairliúchán Poiblí faoi *The Wishing Tree* - Maria Hitchcox

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Oideachas agus Oilíúint</b>			
<b>CH 2.1</b>	Gníomhaíochtaí comhroinnte scileanna na hoidhreachta cultúir a fhorbairt agus a sheachadadh ar fud an chontae.	Foghlaim agus comhroinnt eolais pobalbhunaithe a éascú.	Líon na ngníomhaíochtaí comhroinnte scileanna in aghaidh na bliana.
<b>CH 2.2</b>	Cúrsaí, ceardlanna agus oilíúint san oidhreacht chultúir a fhorbairt do phobail.	Rannpháirtíocht agus caidreamh gníomhach i ngníomhaíochtaí na hoidhreachta cultúir a spreagadh.	An líon ceardlann agus imeachtaí oiliúna in aghaidh na bliana.
<b>CH 2.3</b>	Scileanna, uirlisí agus chur chuige teicneolaíochta a úsáid chun cuidiú le foghlaim faoin oidhreacht chultúir.	Leas a bhaint as 'smaointeoireacht nua', forbairtí nua agus as saineolas trí chomhpháirtíochtaí agus comhoibriú.	Líon na n-imeachtaí agus acmhainní oiliúna a cuireadh ar fáil le linn thréimhse an phlean seo.
<b>CH 2.4</b>	Dea-chleachtas taighde, bailithe agus táirgeadh foilseachán agus ábhar oidhreachta ar líne a chur chun cinn agus a theagasc.	An oidhreacht chultúir a thaifeadadh agus a chaomhnú chuig caighdeán dea-chleachtais.	Líon na ngníomhaíochtaí agus acmhainní dea-chleachtais a cuireadh ar fáil le linn thréimhse an phlean seo.
<b>CH 2.5</b>	Cur le feasacht agus le rochtain chuig printíseachtaí, cúrsaí creidiúnaithe, deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil agus forbairt cúrsaí breise a fhiosrú.	Rochtain a thabhairt don phobal i gcoitinne agus do ghrúpaí pobail ar fhoghlaim bhreise agus ar rannpháirtíocht ghníomhach san oidhreacht chultúir.	Líon na ndeiseanna a cuireadh chun cinn trí Oifig Oidhreachta Chontae na Gaillimhe.



Séipéal Meánaoiseach Chill Bhocht - Hany Marzouk

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Taighde, Monatóireacht agus Caomhnú</b>			
CH 3.1	Bearnaí eolais maidir leis an oidhreacht chultúir a aithint i measc cinnteoirí agus aghaidh a thabhairt orthu dá réir sin.	A chinntiú go ndéantar cinntí eolacha maidir leis an oidhreacht chultúir.	Líon na bhfoilseachán, acmhainní, cur i láthair agus imeachtaí a reáchtáladh in aghaidh na bliana.
CH 3.2	Oibriú le pobail, scoileanna, institiúidí breisoideachais agus ardoideachais agus le gníomhaireachtaí eile maidir le taighde ar an oidhreacht chultúir.	Cumarsáid a éascú idir institiúidí oideachais agus páirtithe leasmhara na hoidhreachta cultúir.	Líon na gcomhoibrithe in aghaidh na bliana.
CH 3.3	Cuidiú le pobail chun a n-oidhreacht chultúir a fhiosrú de réir an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus na hIonchuimsitheachta (EDI) agus ionracas taighde.	A chinntiú gur féidir leis an uile dhuine cúnamh a fháil, modhanna agus torthaí taighde a mhalartú, agus caighdeáin dea-chleachtas taighde a fheidhmiú.	Líon na bpobal a fuair cúnamh ar bhonn bliantúil.
CH 3.4	Teimpléid dea-chleachtas molta a fhorbairt maidir le taighde agus seachadadh thorthaí thionscadal na hoidhreachta cultúir.	Cuidiú le lucht taighde chun tionscadail a dhearadh chuig na caighdeáin atá molta, lena n-áirítear cur i láthair torthaí.	Líon na dteimpléad a cuireadh ar fáil le linn thréimhse an phlean seo.
CH 3.5	Ábhar maidir leis an oidhreacht chultúir a dhigitiú agus a chur ar fáil.	Úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí atá bunaithe agus as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear formáidí sonraí oscailte, chun ábhar maidir leis an oidhreacht chultúir a scaipeadh ar phobail áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.	Líon na dtionscadal a ndearnadh digitiú orthu agus a scaip an Oifig Oidhreachta in aghaidh na bliana.
CH 3.6	Tabhairt faoi thionscadail oidhreachta béil agus tacú le daoine eile iad a chur ar fáil.	Cur le heolas agus le tuiscint ar oidhreacht bhéil an chontae.	Líon na dtionscadal oidhreachta béil in aghaidh na bliana ar tugadh fúthu agus/nó a fuair tacaíocht.
CH 3.7	Leanúint le <a href="http://www.galwaydecadeofcommemoration.org">www.galwaydecadeofcommemoration.org</a> a fhorbairt	Leanúint le taighde leanúnach ar dhaoine agus ar imeachtaí a bhain le Deich mBliana na gCuimhneachán a chur ar fáil agus a chinntiú go mbíonn na hacmhainní cuí curtha ar fáil don tionscnamh gréasáin seo.	Líon iomlán bliantúil na n-úsáideoirí agus amharc leathanaigh agus úsáid á baint as anailísíocht sonraí.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Taighde, Monatóireacht agus Caomhnú</b>			
<b>CH 3.8</b>	Fiosrú a dhéanamh ar dheiseanna le taighde a dhéanamh ar théamaí atá ag teacht chun cinn sa Heritage Futures (caidreamh idir sochaí an lae inniu agus an tsochaí amach anseo a bhainistiú) – m.sh. an oidhreacht chultúir mar chineál teacht aniar sa ghníomhú ar son na haeráide, in athbhunú na bithéagsúlachta, i gcleachtais teaghlaigh agus talmhaíochta agus san inbhuanaitheacht.	Cabhrú le daoine aonair, le grúpaí, pobail agus eagraíochtaí gnéithe dár n-oidhreacht a aithint a chabhróidh le todhchaí níos inbhuanaithe a chruthú.	Doiciméad ina n-aithnítear deiseanna taighde maidir le Heritage Futures (caidreamh idir sochaí an lae inniu agus an tsochaí amach anseo a bhainistiú).
<b>CH 3.9</b>	Leanúint le hiniúchadh a dhéanamh ar bhailiúcháin atá i seilbh phríobháideach (digiteach agus fisiciúil) agus treoirlínte a sholáthar maidir lena stóráil agus lena dtaifeadadh i gceart.	Doiciméadú agus caomhnú ar bhailiúcháin atá i seilbh phríobháideach agus rochtain ar na bailiúcháin sin a spreagadh.	Líon na mbailiúchán a ndearnadh iniúchadh orthu le linn thréimhse an phlean seo.
<b>CH 3.10</b>	Beartas Forshealbhúcháin maidir le Tabhartais Poiblí, a ndéanann beartais páirtithe leasmhara ábhartha eolas dó.	Cúram, caomhnú, stóráil agus rochtain cheart a chinntiú chuig míreanna oidhreachta a tugadh mar thabhartas don Údarás Áitiúil.	Beartas Forshealbhúcháin maidir le Tabhartais Poiblí a fhorbairt.
<b>CH 3.11</b>	Treoir a fhorbairt do ghrúpaí pobail maidir le rochtain, inghlacthacht, cúram agus caomhnú tabhartais, lena n-áirítear ábhair, doiciméid agus déantúsáin.	Cúram, caomhnú, stóráil agus rochtain cheart a chinntiú ar mhíreanna oidhreachta a tugadh mar thabhartas do ghrúpaí pobail/grúpaí deonacha.	Doiciméad treorach a fhorbairt do ghrúpaí pobail maidir le tairiscintí tabhartais oidhreachta.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Comhairle Chontae na Gaillimhe: Daoine, Áitribh agus Oibreacha</b>			
<b>CH 4.1</b>	Éascú a dhéanamh ar scrúdú, doiciméadú agus caomhnú na hoidhreachta cultúir ag foireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.	Acmhainní, treoirlíne, cúrsaí agus teicneolaíochtaí a fhorbairt a chuideoidh le scrúdú, doiciméadú agus caomhnú na hoidhreachta cultúir.	Líon na n-acmhainní, treoirlínte, cúrsaí agus teicneolaíochtaí a cruthaíodh thar thréimhse an phlean seo.
<b>CH 4.2</b>	Treoirlínte a bhaineann le hoidhreachta a scaipeadh ar fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.	Cur le feasacht ar an tábhacht a bhaineann le hoidhreachta chultúir i measc fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.	Líon na dtreoirlínte a scaipeadh ar an fhoireann thar thréimhse an phlean seo.
<b>CH 4.3</b>	Oibriú leis an tSeirbhís Cartlainne chun deiseanna comh-thairbheacha a aithint maidir le comhoibriú agus tacú le hinfheistíocht i seirbhís agus i saoráidí feabhsaithe.	Bailiúcháin a chosaint agus a leathnú agus tacú leis an tSeirbhís Cartlainne.	Líon na míreanna atá tar éis teacht i seilbh Chartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe tríd an Oifig Oidhreachta.
<b>CH 4.4</b>	Leanúint le codanna, tionscadail agus acmhainní oidhreachta a fhorbairt ar ardáin dhigiteacha Chomhairle Chontae na Gaillimhe.	Cuir an méid is fearr is féidir le hacmhainneacht na n-ardán digiteach agus na teicneolaíochtaí chun eolas agus ábhair oidhreachta a scaipeadh.	Líon iomlán bliantúil na n-úsáideoirí agus amharc leathanaigh.
<b>CH 4.5</b>	Iarracht a dhéanamh acmhainní daonna agus airgeadais na foirne agus na hearnála oidhreachta cultúir laistigh den chontae a leathnú.	Acmhainní na hoidhreachta cultúir a fheabhsú i gcomhréir leis an gceantar mór geografach agus le próifíl dhéimeagrafach an chontae agus ionchais arda an phobail ó thaobh deiseanna rannpháirtíochta.	Líon na n-acmhainní feabhsaithe a fuair Chomhairle Chontae na Gaillimhe le linn thréimhse an phlean seo.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara agus Deiseanna Comhoibrithe</b>			
<b>CH 5.1</b>	Leanúint le cruinnithe a thionóil agus le rannpháirtíocht ghníomhach le Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe.	Leas a bhaint as saineolas Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe chun gníomhartha agus cuspóirí oidhreachta a fhorbairt agus a sheachadadh.	Líon cruinnithe an Fhórait in aghaidh na bliana.
<b>CH 5.2</b>	Dul i gcomhairle le raon páirtithe leasmhara agus comhoibriú leo chun gníomh níos láidre agus níos éifeachtaí a fhorbairt maidir leis an oidhreacht chultúir, laistigh agus lasmuigh den chontae.	Clár oibre iomlánach agus comhtháite a sheachadadh a thugann aghaidh ar nádúr ilghuthach oidhreachta an chontae agus a thugann aitheantas dó.	Líon na gcomhairliúcháin agus na gcomhoibrithe le páirtithe leasmhara in aghaidh na bliana.
<b>CH 5.3</b>	Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt chun maoiniú, breisluach agus acmhainní a lorg chun tionscadail na hoidhreachta cultúir a sheachadadh.	Giaráil a dhéanamh agus cur an méid is fearr is féidir le maoiniú, agus luach breise a chur le hacmhainní ar mhaithe le tionscadail na hoidhreachta cultúir a sheachadadh.	Líon na gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha a ndearnadh forbairt orthu; an méid maoinithe a fuarthas agus na tionscadail a cuireadh ar fáil in aghaidh na bliana.
<b>CH 5.4</b>	Iniúcháireacht a dhéanamh ar riachtanais na músaem áitiúil, ionaid oidhreachta agus spásanna oidhreachta faoi stiúir an phobail sa chontae.	Dúshlán agus deiseanna a aithint chun acmhainn d'earnáil músaem áitiúil/deonach a fhorbairt.	Iniúcháireacht ar riachtanais agus ar dheiseanna a tugadh chun críche le linn thréimhse an phlean seo.
<b>CH 5.5</b>	Imeachtaí oidhreachta a chur chun cinn agus a bheith rannpháirteach iontu · Cuimhneacháin · Féile Bealtaine (An Cruthaitheacht do Dhaoine níos Sine) · Cruinniú na nÓg, · an Oíche Chultúir, · Laethanta Bailte Múrtha na hÉireann · Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta, · Lá Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir, · Lá Náisiúnta Comórtha, · imeachtaí agus cláir théamacha eile.	Bithéagsúlacht an chontae a thaispeáint agus a chur chun cinn agus rannpháirtíocht ghníomhach a éascú trí chlár imeachtaí nua agus cláir atá ann cheana féin.	An líon imeachtaí a reáchtáladh agus/nó a cuireadh chun cinn in aghaidh na bliana.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Gníomhú ar son na hAeráide</b>			
<b>CH 6.1</b>	Tabhairt faoi Mheasúnú Riosca Oidhreachta Cultúir agus Oidhreachta Nádúrtha agus Athraithe Aeráide chun modheolaíochta oiriúnaithe agus maolaithe cuí a fhorbairt do shócmhainní oidhreachta atá faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe.	Meicníochtaí comhoibríocha, bunaithe ar fhianaise chun teacht aniar a fhorbairt, dul in oiriúint do nó tionchair an athraithe aeráide ar an oidhreacht nádúrtha i gContae na Gaillimhe a mhaolú.	An Measúnú Riosca a chur i bhFeidhm
<b>CH 6.2</b>	Tacú le tionscadail eolaíochta na saoránach agus iad a fhorbairt mar bhealach le monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an athraithe aeráide ar shócmhainní oidhreachta i gContae na Gaillimhe.	Cur le feasacht agus tuiscint ar leochaileacht oidhreachta chultúir Chontae na Gaillimhe i leith athrú aeráide.	Líon thionscadail eolaíochta na saoránach ar tugadh fúthu agus a bhaineann le hathrú aeráide agus leis an oidhreacht chultúir le linn thréimhse an phlean seo.
<b>CH 6.3</b>	Comhoibriú le gníomhaireachtaí eile le measúnú a dhéanamh ar an mbealach ina bhféadfadh tionchar a bheith ag athrú aeráide ar mhúsaeim, cartlanna (poiblí agus príobháideach), oidhreacht mhuirí, míreanna seandálaíochta, míreanna oidhreachta, oidhreacht faoi thoinn, ceardaíocht thraidisiúnta, srl.	Tionchar an athraithe aeráide ar shócmhainní oidhreachta cultúir an chontae a íoslaghdú.	An méid comhoibrithe agus líon na measúnuithe ar thionchar na haeráide ar shócmhainn na hoidhreachta cultúir ar tugadh fúthu le linn thréimhse an phlean seo.
<b>CH 6.4</b>	Teacht aniar ó thaobh na haeráide agus féachaint chuige go seasfaidh beartais an aimsir a chur san áireamh i dtionscadail, pleananna agus beartais nua na hoidhreachta cultúir.	Tionchar an athraithe aeráide a íoslaghdú agus teacht aniar oidhreachta chultúir an chontae a aithint.	Monatóireacht a dhéanamh ar theacht aniar ó thaobh na haeráide agus seicliosta maidir le féachaint chuige go seasfaidh beartais an aimsir a fhorbairt do thionscadail, pleananna agus beartais faoin mbliain 2027.
<b>CH 6.5</b>	A chinntiú go mbíonn imeachtaí báúil ó thaobh na haeráide trí threoirínite agus seicliosta imeachtaí inbhuanaithe an Aonaid Aeráide a chuimsiú.	Tionchar aeráide aonchlár nó imeachtaí a laghdú.	Líon na n-imeachtaí a chloígh le seicliosta an Aonaid Aeráide.
<b>CH6.6</b>	Oideachas agus cumarsáid maidir le hathrú aeráide a chomhtháthú i dtionscadail oidhreachta cultúir, a chuireann béim ar luach an eolais, scileanna agus cleachtais traidisiúnta.	Cur le feasacht ar shaincheisteanna trasghearrtha maidir leis an athrú aeráide agus an oidhreacht chultúir.	Líon na dtionscadal oidhreachta a áiríonn oideachas agus cumarsáid maidir le hathrú aeráide in aghaidh na bliana.
<b>CH 6.7</b>	Tacú le tionscadail a chuireann le heolas áitiúil atá ann cheana féin agus le foinsí ábhartha eile maidir le teacht aniar ó thaobh na haeráide de.	Deiseanna a chruthú le roghanna maolaithe agus éifeachtúlachta aeráide a mhéadú agus béim a chur ar luach an eolais, scileanna agus cleachtais traidisiúnta ó thaobh forbairt a dhéanamh ar theacht aniar ó thaobh na haeráide de.	Líon na samplaí deachleachtais maidir le teacht aniar ó thaobh na haeráide de a ndearnadh forbairt orthu le linn thréimhse an phlean seo.

## Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Rannpháirtíocht an Phobail</b>			
<b>BAH 1.1</b>	Cuidiú le pobail trí chomhairle a sholáthar, ar líne agus go pearsanta araon, chun a dtionscadail agus a gculpóirí oidhreachta a chur i gcrích i gcomhréir le dea-chleachtais oidhreachta. Comhoibriú a spreagadh le pobail, grúpaí agus dlínsí eile agus tacú le comhlíonadh na reachtaíochta.	Torthaí dearfacha a éascú ionas go nglacfaidh pobail le dea-chleachtais oidhreachta, go mbeidh eolas, taithí agus comhoibriú á malartú le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí ábhartha oidhreachta.	Líon na dtionscadal, pobal agus daoine aonair a fuair tacaíocht.
<b>BAH 1.2</b>	Léiriú agus ceiliúradh a dhéanamh ar obair na bpobal ó thaobh na hoidhreachta tógtha agus seandálaíochta de.	Cur le feasacht ar obair na bpobal.	Líon na dtionscadal ar cuireadh béim orthu trí chainéil meán sóisialta, iCAN agus imeachtaí poiblí.
<b>BAH 1.3</b>	Dul i gcomhairle le pobail agus oibriú leo trí úsáid a bhaint as cur chuige ionchuimsitheach agus comhoibríoch.	Tacú le ról sárluachmhar pobail mar mhaoirseoirí na hoidhreachta tógtha ar fud an chontae.	Líon bliantúil na bpobal a rabhthas i dteagmháil leo agus a fuair tacaíocht ar líne agus/nó go pearsanta.
<b>BAH 1.4</b>	Cláir agus tionscadail oiliúna a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le pobail agus le comhlachtaí eile a thaispeánann dea-chleachtais na hoidhreachta tógtha agus seandálaíochta.	Dea-chleachtas na hoidhreachta tógtha agus na seandálaíochta a thaispeáint agus a chur chun cinn.	Líon na gclár a cuireadh fáil i gcomhpháirtíocht le pobail agus le comhlachtaí eile.
<b>BAH 1.5</b>	Imeachtaí líonraithe a eagrú do phobail, do ghairmithe oidhreachta agus do pháirtithe leasmhara chun teagmháil a dhéanamh lena chéile agus foghlaim óna chéile trí thaispeántais, turais eolais, comhdhálacha, srl.	Naisc idir pobail, gairmithe oidhreachta agus páirtithe leasmhara a éascú chun a chinntiú go mbíonn deiseanna ag grúpaí éagsúla a bheith páirteach i gcláir, imeachtaí agus tionscadail a bhaineann le hoidhreachta tógtha agus na seandálaíochta.	Líon na gclár, imeachtaí agus tionscadail a eagraíodh.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Rannpháirtíocht an Phobail</b>			
<b>BAH 1.6</b>	Poiblíocht a thabhairt do dheiseanna maoinithe agus do spriocdhátaí iarratais do thionscadail oidhreachta tógtha agus seandálaíochta.	Pobail a spreagadh agus tacú leo chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú agus cur le hacmhainn an phobail laistigh d'earnáil na oidhreachta tógtha agus na seandálaíochta.	Líon na ndeiseanna maoinithe a fuair poiblíocht agus grúpaí/daoine aonair a fuair tacaíocht.
<b>BAH 1.7</b>	Cur le feasacht ar thionscadail féideartha bithéagsúlachta eolaíochta na saoránach agus tionscadail atá ann cheana féin, agus modheolaíocht suirbhé, teicneolaíochta agus oiliúna ábhartha a fhorbairt sa chás gur gá.	Rannpháirtíocht pobail i dtionscadail eolaíochta na saoránach a chur chun cinn, a spreagadh agus a éascú laistigh den phobal le nasc agus tuiscint níos fearr a chruthú i ndáil leis an oidhreacht thógtha agus seandálaíochta.	Líon na n-imeachtaí agus na dtionscadal a cuireadh chun cinn maidir le heolaíocht na saoránach.
<b>BAH 1.8</b>	Leanúint le tionscadail agus acmhainní na hoifige oidhreachta a fhorbairt ar ardáin dhigiteacha Chomhairle Chontae na Gaillimhe.	Cur an méid is fearr is féidir le hacmhainneacht na n-ardán digiteach agus na teicneolaíochtaí chun eolas agus ábhair oidhreachta a scaipeadh.	Líon iomlán bliantúil na n-úsáideoirí agus na n-amharc leathanaigh.
<b>BAH 1.9</b>	Tacú le agus/nó imeachtaí ildisciplíneacha a sheachadadh.	Dul i gcomhairle le raon leathan grúpaí pobail agus oibriú leo chun guth a thabhairt dóibh ar mhaithe le rannpháirtíocht agus comhoibriú le grúpaí eile a spreagadh agus a éascú.	Líon bliantúil na n-imeachtaí ildisciplíneacha.
<b>BAH 1.10</b>	Feasacht a chruthú maidir le tionscnaimh Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha, agus cuidiú le rannpháirtíocht a chur chun cinn agus a spreagadh.	Tacú le tionscnaimh Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha a chur chun cinn agus a bheith rannpháirteach iontu.	Líon bliantúil na dtionscnamh Eorpach, náisiúnta agus réigiúnacha a fuair tacaíocht ón Oifig Oidhreachta.
<b>BAH 1.11</b>	Oidhreacht thógtha agus seandálaíochta a chuimsiú i dtionscadail ealaíne cruthaithí i gContae na Gaillimhe agus forbairt a dhéanamh ar imeachtaí ealaíne cruthaithí le téama na hoidhreachta tógtha agus na seandálaíochta leis an bpobal.	Cur le tarraingteacht agus inrochtaineacht imeachtaí for-rochtana na hoidhreachta tógtha agus na seandálaíochta sa phobal.	Líon na dtionscadal agus na n-imeachtaí for-rochtana in aghaidh na bliana a chuimsíonn ceol, amharc-ealaíona, scannáin, ealaín taibhléirithe, lena n-áirítear rince, filíocht, grianghrafadóireacht, srl.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Rannpháirtíocht an Phobail</b>			
<b>BAH 1.12</b>	Obair sheirbhísí Oidhreachta, Bithéagsúlachta, Chaomhnú na hAiltireachta, Gníomhú ar son na hAeráide, Ealaíne, Cultúir, Leabharlainne agus Cartlainne an chontae a léiriú agus a chur chun cinn.	Cur le feasacht ar an obair atá á déanamh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe;	Líon na ngníomhaíochtaí bolscaireachta ar líne agus go pearsanta in aghaidh na bliana.
<b>BAH 1.13</b>	Eolas a sholáthar do ghrúpaí pobail trí Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (PPN) Chontae na Gaillimhe.	Cur le tuiscint agus le heolas ar an oidhreacht thógtha agus seandálaíochta i measc grúpaí agus eagraíochtaí pobail.	Líon na ndeonachán chuig cumarsáid PPN.
<b>BAH 1.14</b>	Aitheantas a thabhairt do Scéim Teanga Chomhairle Chontae na Gaillimhe, sa chumarsáid, i ngníomhartha, tionscadail, gníomhaíochtaí, acmhainní agus cumarsáid.	Úsáid na Gaeilge mar theanga bheo a chur chun cinn agus a spreagadh.	Líon bliantúil na dtionscadal, gníomhaíochtaí agus acmhainní in aghaidh na bliana a chuimsíonn an Ghaeilge.



Mainistir Ó gCormacáin – Bernie Doherty

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Oideachas agus Oiliúint</b>			
<b>BAH 2.1</b>	Imeachtaí agus ceardlanna líonraithe áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a sholáthar agus a chur chun cinn.	Foghlaim agus comhroinnt eolais idirghníomhach pobail-bhunaithe idir grúpaí oidhreachta agus grúpaí gníomhaíochta pobail eile a éascú ag leibhéal, áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Tuiscint agus comhoibriú idir grúpaí pobail a chinntiú.	An líon imeachtaí in aghaidh na bliana a reáchtáladh agus a rinne éascú ar níos mó ná grúpa nó eagraíocht amháin.
<b>BAH 2.2</b>	Oiliúint a sholáthar i ndea-chleachtas, reachtaíocht náisiúnta agus i dtionscnaimh agus beartais réigiúnacha maidir leis an oidhrecht thógtha agus seandálaíochta agus le caomhnú trí rannpháirtíocht chomhairleach, cuairteanna láithreáin agus ceardlanna.	A chinntiú go ndéanann rannpháirtithe forbairt ar thuiscint ar dhea-chleachtas agus an méid sin a chur i bhfeidhm nuair atáthar ag tabhairt faoi thionscadail na hoidhreachta tógtha agus na seandálaíochta ionas go mbeidh siad ina n-eiseamláirí.	Líon na gclár oiliúna a cuireadh ar fáil.
<b>BAH 2.3</b>	Bearnaí a aithint i speisialachas agus ina acmhainní na hoidhreachta tógtha agus tacaíocht a thabhairt trí acmhainní agus trí oiliúint chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí seo.	Bearnaí a aithint agus aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin san oidhrecht thógtha trí acmhainní agus trí oiliúint.	Tabhairt chun críche anailíse maidir le bearnaí i riachtanais oiliúna. Liosta a sholáthar de shaineolaithe inniúla cáilithe.
<b>BAH 2.4</b>	Leanúint le forbairt agus seachadadh cláir a éascú chun scileanna tógála agus ceardaíochta traidisiúnta a chur ar aghaidh.	A chinntiú nach ligtear do scileanna traidisiúnta dul in éag agus a chinntiú gur féidir leo siúd ar mian leo foghlaim faoi na scileanna sin leas a bhaint as saineolas speisialtóirí inniúla.	Liosta a sholáthar de shaineolaithe inniúla. Líon iomlán bliantúil na n-imeachtaí oiliúna a d'éascaigh an Oifig Caomhnaithe Oidhreachta agus Ailtireachta.
<b>BAH 2.5</b>	Clár Oidhreachta sna Scoileanna nó tionscnaimh oideachais eile a chur chun cinn agus tacú leo.	Tacú le sainoiliúint do mhic léinn agus d'oidoírí inár n-oidhrecht thógtha agus seandálaíochta.	Líon na scoileanna i gContae na Gaillimhe atá rannpháirteach i gClár Oidhreachta sna Scoileanna agus i dteagmháil le saineolaithe oidhreachta in aghaidh na bliana.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Taighde, Monatóireacht agus Caomhnú</b>			
<b>BAH 3.1</b>	Bunachar eolais na gcinnteoirí a neartú agus a chothabháil maidir le cosaint, caomhnú agus feabhsú na hoidhreachta tógtha agus na seandálaíochta.	A chinntiú go mbíonn eolas do chinnteoirí cothrom le dáta ar fáil agus ábhartha, lena n-áirítear 'smaointeoireacht nua', teicneolaíochtaí nua, torthaí nua, beartais nua agus reachtaíocht nua.	Líon na nuashonrúcháin ábhartha a ndearnadh poiblíocht orthu agus imeachtaí a reáchtáladh in aghaidh na bliana.
<b>BAH 3.2</b>	Bearnaí eolais maidir leis an oidhreacht thógtha agus seandálaíochta a aithint i measc cinnteoirí agus aghaidh a thabhairt orthu dá réir sin.	A chinntiú go ndéantar cinntí eolacha maidir lenár n-oidhreacht thógtha agus seandálaíochta.	Tabhairt chun críche anailíse maidir le bearnaí. Líon na cumarsáide spriocdhírthe chuig cinnteoirí atá ag tabhairt aghaidh ar na bearnaí sin.
<b>BAH 3.3</b>	Eolas faoi reachtaíocht na hoidhreachta, láithreacha faoi chosaint, Séadchomharthaí Taifeadta agus Déanmhais Chosanta a sholáthar agus a chur ar fáil, srl.	A chinntiú go ndéantar eolas maidir le reachtaíocht oidhreachta tógtha agus seandálaíochta inrochtana.	Líon na nuashonrúcháin ábhartha ar chainéil meán sóisialta do Chomhairle Chontae na Gaillimhe in aghaidh na bliana.
<b>BAH 3.4</b>	Naisc le taighdeoirí, forais oideachais, músaem, leabharlanna agus cartlanna a fhorbairt agus cothabháil a dhéanamh orthu.	Cur le hinrochtaineacht chuig eolas ar an oidhreacht thógtha agus ar an tseandálaíocht do chách agus an scóip do thaighde agus d'oideachas a leathnú.	An líon institiúidí a bhíonn rannpháirteach ar bhonn bliantúil.
<b>BAH 3.5</b>	Comhroinnt eolais a spreagadh idir institiúidí tríú leibhéal agus páirtithe leasmhara na hoidhreachta tógtha agus na seandálaíochta.	Cumarsáid a éascú idir institiúidí oideachais agus páirtithe leasmhara na hoidhreachta tógtha agus na seandálaíochta.	Líon na gcomhoibrithe in aghaidh na bliana.
<b>BAH 3.6</b>	Ábhar na hoidhreachta tógtha agus na seandálaíochta a dhigitiú agus a chur ar fáil do phobal leathan agus éagsúil.	Úsáid a bhaint as tacar sonraí agus as teicneolaíochtaí atá bunaithe agus atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear formáidí sonraí oscailte, chun ábhar maidir leis an oidhreacht thógtha agus seandálaíochta a scaipeadh ar phobail áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.	Líon bliantúil na n-úsáideoirí agus amharc leathanaigh agus na híoslódála agus úsáid á baint as anailísíocht sonraí.
<b>BAH 3.7</b>	Tabhairt faoi agus tacú le daoine eile chun tionscadail na hoidhreachta tógtha agus seandálaíochta a chur ar fáil.	Cur lenár n-eolas agus lenár dtuiscint ar an oidhreacht thógtha agus ar an tseandálaíocht.	Líon na dtionscadal in aghaidh na bliana ar tugadh fúthu agus/nó a fuair tacaíocht.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Taighde, Monatóireacht agus Caomhnú</b>			
<b>BAH 3.8</b>	Treoir a fhorbairt do ghrúpaí pobail maidir le rochtain, inghlacthacht, cúram agus caomhnú tabhartais, lena n-áirítear ábhair, doiciméid agus déantúsáin.	Cúram, caomhnú, stóráil agus rochtain cheart a chinntiú chuig míreanna oidhreachta a tugadh mar thabhartas do ghrúpaí pobail /grúpaí deonacha.	Doiciméad treorach a fhorbairt do ghrúpaí pobail maidir le tairiscintí tabhartais lena n-áirítear ábhair, doiciméid agus déantúsáin.
<b>BAH 3.9</b>	Cuir le feasacht maidir leis na buntáistí oidhreachta agus éiceolaíochta a bhaineann le ballaí cloiche agus le struchtúir.	Tábhacht éiceolaíochta agus oidhreachta ballaí cloiche agus struchtúir a chosaint.	Líon na bpostálacha meán sóisialta, ceardlanna, siúlóid treoraithe agus ábhair oideachais in aghaidh na bliana a chuireann le feasacht maidir leis an tábhacht éiceolaíochta agus oidhreachta a bhaineann le ballaí cloiche agus le struchtúir.
<b>BAH 3.10</b>	Dheiseanna le taighde a dhéanamh a fhiosrú ar théamaí atá ag teacht chun cinn sa Heritage Futures (caidreamh idir sochaí an lae inniu agus an tsochaí amach anseo a bhainistiú) – m.sh. an oidhrecht chultúir mar chineál teacht aniar sa ghníomhú ar son na haeráide, in athbhunú na bithéagsúlachta, i gcleachtais teaghlaigh agus talmhaíochta agus san inbhuanaitheacht.	Cabhrú le daoine aonair, le grúpaí, pobail agus eagraíochtaí chun gnéithe dár n-oidhrecht a aithint a chabhróidh le todhchaí níos inbhuanaithe a chruthú. Doiciméadú a dhéanamh ar dheiseanna taighde a aithníodh maidir le Heritage Futures (caidreamh idir sochaí an lae inniu agus an tsochaí amach anseo a bhainistiú).	An cion agus an comhoibriú maidir le Heritage Futures (caidreamh idir sochaí an lae inniu agus an tsochaí amach anseo a bhainistiú).

Séipéal Mhainistir Ó gCormacáin - *Bernie Doherty*



Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Comhairle Chontae na Gaillimhe: Daoine, Áitribh agus Oibreacha</b>			
<b>BAH 4.1</b>	Leanúint le dea-chleachtas a chur chun cinn laistigh de Chomhairle Contae na Gaillimhe maidir le caomhnú agus cosaint a dhéanamh ar an oidhreacht thógtha agus ar an tseandálaíocht agus ar bhreithniúcháin bhithéagsúlachta, oidhreachta nádúrtha agus oidhreachta cultúir a chomhtháthú ag an am céanna.	A chinntiú go nglacann na stiúrthóireachtaí go leor laistigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe le dea-chleachtas.	Líon na n-imeachtaí oiliúna a chuir prionsabail agus rialacháin dea-chleachtais chun cinn.
<b>BAH 4.2</b>	Scileanna spriocdhírthe traidisiúnta a sholáthar don fhoireann ábhartha.	Foireann ábhartha Chomhairle Chontae na Gaillimhe a ullmhú le heolas agus scileanna a bhaineann leis an obair chaomhnaithe thraidisiúnta.	Líon na n-imeachtaí oiliúna d'fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
<b>BAH 4.3</b>	Leanúint den Tionscadal Seandálaíochta Pobail a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt.	A chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ar fáil don Tionscadal Seandálaíochta Pobail ó thaobh comhairle agus treoir a sholáthar do phobail, scoileanna, daoine aonair agus don Údarás Áitiúil maidir le hoidhreacht seandálaíochta.	Tá post an tSeandálaí Pobail slán. Tuarascáil Bhliantúil maidir le Tionscadal Seandálaíochta Pobail Chontae na Gaillimhe a chur ar fáil.
<b>BAH 4.4</b>	Leanúint ag tabhairt faoi iniúchóireachtaí, suirbhéanna agus pleananna maidir le hoidhreacht thógtha agus seandálaíochta an chontae.	Tuiscint agus eolas níos fearr a fháil ar shócmhainní na hoidhreachta tógtha agus seandálaíochta i gContae na Gaillimhe.	Líon na n-iniúchóireachtaí, suirbhéanna agus pleananna maidir le hoidhreacht thógtha agus seandálaíochta ar tugadh fúthu.
<b>BAH 4.5</b>	Leanúint ag cur le feasacht ar bhearta forfheidhmithe, ar reachtaíocht maidir le hoidhreacht atá ann cheana féin agus atá ar na bacáin agus an oiliúint ábhartha a sholáthar.	A chinntiú go bhfuil foireann go léir Chomhairle Chontae na Gaillimhe curtha ar an eolas maidir leis an reachtaíocht oidhreachta nua nó atá ar na bacáin ionas go mbeifear in ann é a chuimsiú sna beartais, pleananna, oibreacha agus tionscadail go léir.	Líon na nuashonrúcháin maidir le reachtaíocht oidhreachta. Líon na seisiún oiliúna bliantúil d'fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
-----	--------	---------	------------------------------

**Comhairle Chontae na Gaillimhe: Daoine, Áitribh agus Oibreacha**

<b>BAH 4.6</b>	An athúsáid chuí as foirgnimh stairiúla agus as na láithreacha ina bhfuil siad suite a spreagadh.	Úsáid chuí a bhaint as foirgnimh stairiúla agus as na láithreacha ina bhfuil siad suite, ag cinntiú nach ndéantar a n-sláine a chomhghéilleadh agus go bhfuil a n-athchóiriú agus a gcothabháil ag cloí le treoirleánte ábhartha dea-chleachtais agus leis an reachtaíocht reatha.	Líon bliantúil na bhfoirgneamh stairiúil ar baineadh athúsáid astu le treoir agus/nó oiliúint ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
<b>BAH 4.7</b>	Cur le feasacht agus forbairt an fhearainn phoiblí atá íogair a spreagadh, ina ndéantar breithniú cuí ar oidhreacht thógtha agus ar sheandálaíocht, go moirfeolaíocht uirbeach (forbairt patrúin sráide, ballaí baile atá ann cheana féin nó a bhí ann roimhe seo, nádúr plotaí foirgneamh stairiúil, láithreáin chaomhnaithe ailtireachta, srl.).	Cothabháil a dhéanamh air agus feabhas a chur ar leagan amach sráide, tírdhreacha, bailedhreacha, teorainneacha baile fearainn, srl.	Líon iomlán bliantúil na dtionscadal fearainn phoiblí a dteastaíonn comhoibriú na hOifige Oidhreachta/na hOifige Caomhnaithe Ailtireachta ina leith.
<b>BAH 4.8</b>	Tacú le soláthar modheolaíochtaí agus ábhair oiriúnacha léirmhíniúcháin do láithreáin oidhreachta tógtha agus seandálaíochta in éineacht le comhairle dea-chleachtais.	Léirmhíniúchán saincheaptha atá sonrach don láithreán a sholáthar sa chás é a bheith cuí.	Líon na láithreán oidhreachta a bhain leas as tacaíocht léirmhíniúcháin ó na hOifigí Caomhnaithe Oidhreachta agus Ailtireachta.
<b>BAH 4.9</b>	Iarracht a dhéanamh acmhainní daonna agus airgeadais a leathnú laistigh de na hOifigí Caomhnaithe Oidhreachta agus Ailtireachta.	Acmhainní feabhsaithe a lorg do na hOifigí Caomhnaithe Oidhreachta agus Ailtireachta i gcomhréir leis an gceantar mór geografach agus le próifíl dhéimeagrafach an chontae agus ionchais arda an phobail ó thaobh deiseanna rannpháirtíochta.	Líon na n-acmhainní feabhsaithe a fuarthas le linn thréimhse an phlean seo.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara agus Deiseanna Comhoibrithe</b>			
<b>BAH 5.1</b>	Díospóireacht idir na páirtithe leasmhara agus ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ábhartha a chur chun cinn maidir le beartais, reachtaíocht agus cleachtais atá ag teacht salach ar a chéile chun gníomh éifeachtach a éascú maidir leis an oidhreacht thógtha agus na seandálaíochta.	Eolas a chomhroinnt agus comhoibriú idir na heagraíochtaí ábhartha a chur chun cinn.	Líon na ndeiseanna líonraithe a éascaíodh in aghaidh na bliana.
<b>BAH 5.2</b>	Oibriú i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, PPN Chontae na Gaillimhe, NGOanna, le comhlachtaí gairmiúla ábhartha éagsúla, institiúidí acadúla, pobail áitiúla, leabharlanna poiblí agus eile ar chur chun cinn agus forbairt tionscadail agus dea-chleachtas oidhreachta a chur i bhfeidhm.	A chinntiú go n-aithnítear agus go mbreithnítear an oidhreacht thógtha agus go seandálaíochta agus go gcuirtear dea-chleachtais oidhreachtaí i bhfeidhm nuair atáthar ag forbairt phleananna, tionscadail agus straitéisí an údaráis áitiúil.	Líon bliantúil pleananna, tionscadail agus straitéisí údaráis áitiúil a bhfuil ionchur iontu ó Oifigí Caomhnaithe Oidhreachta agus Ailtireachta.
<b>BAH 5.3</b>	Deiseanna maoinithe a aithint agus oibriú leis na páirtithe leasmhara go léir maidir le tionscadail agus tionscnaimh a bhaineann leis an oidhreacht thógtha agus seandálaíochta.	Leanúint le leas a bhaint as sruthanna maoinithe, tionscnaimh agus scéimeanna a bhaineann le cosaint, caomhnú agus feabhsú oidhreachta thógtha agus seandálaíochta an chontae.	An líon tionscnamh/scéimeanna/deiseanna maoinithe a ndearnadh iarratas orthu/ar baineadh leas astu in aghaidh na bliana.
<b>BAH 5.4</b>	Dul i gcomhairle le hearnáil na turasóireachta, srl. Fáilte Éireann agus an dea-chleachtas a bhaineann leis an oidhreacht thógtha agus seandálaíochta a léiriú.	Léirmhíniúchán cruinn agus comharthaíocht mheasúil ag láithreáin oidhreachta a chinntiú. Cloígh le dea-chleachtais oidhreachta d'aon oibreacha, agus saintréith an láithreáin agus taitneamhacht amhairc a mbreithniú agus cothabháil a dhéanamh ar leibhéal inbhuanaithe turasóireachta ag láithreáin oidhreachta tógtha agus seandálaíochta.	Líon na dtionscadal agus na dtionscnamh a bhaineann le turasóireacht a fuair ionchur oidhreachta in aghaidh na bliana.
<b>BAH 5.5</b>	Iarracht a dhéanamh acmhainní na hoidhreachta tógtha agus na seandálaíochta atá faoi thionchar athraithe aeráide a chosaint.	Riosca agus leochaileacht i leith athrú aeráide a mhaolú. Teachnt aniar a neartú, acmhainneacht a fheabhsú agus a bheith ag súil le freagra i leith athraithe.	An líon tionscnamh in aghaidh na bliana ar tugadh fúthu nuair a bhíodhas ag tabhairt aghaidh ar athrú aeráide.

Cód	Gníomh	Cuspóir	Príomhtháscaire Feidhmíochta
<b>Gníomhú ar son na hAeráide</b>			
<b>BAH 6.1</b>	Tabhairt faoi Mheasúnú Riosca Oidhreachta Tógtha agus Seandálaíochta agus Athraithe Aeráide chun modheolaíocht oiriúnaithe agus maolaithe cuí a fhorbairt do shócmhainní oidhreachta atá faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe.	Meicníochtaí comhoibríocha, bunaithe ar fhianaise chun teacht aniar a fhorbairt, dul in oiriúint do nó tionchair an athraithe aeráide ar an oidhrecht thógtha agus seandálaíochta sa chontae a mhaolú.	Tugadh faoi Mheasúnú Riosca.
<b>BAH 6.2</b>	Tacú le tionscadail eolaíochta na saoránach agus iad a fhorbairt mar bhealach le monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an athraithe aeráide ar shócmhainní oidhreachta i gContae na Gaillimhe.	Cur le feasacht agus tuiscint ar leochaileacht oidhrecht thógtha agus seandálaíochta Chontae na Gaillimhe i leith athrú aeráide.	Líon tionscadail eolaíochta na saoránach ar tugadh fúthu agus a bhaineann le hathrú aeráide agus leis an oidhrecht thógtha agus seandálaíochta le linn thréimhse an phlean seo.
<b>BAH 6.3</b>	Comhoibriú le gníomhaireachtaí eile le measúnú a dhéanamh ar an mbealach ina bhféadfadh tionchar a bheith ag athrú aeráide ar shéadchomharthaí, gairdíní agus páirceanna oidhreachta, raiceanna, oidhrecht thionsclaíoch, tírdhreacha, struchtúir sheandálaíochta, uiscebhealaí intíre, srl.	Tionchar an athraithe aeráide ar shócmhainní oidhrecht thógtha agus seandálaíochta an chontae a íoslaghdú.	An méid comhoibríthe agus líon na measúnuithe ar thionchar na haeráide ar shócmhainn na hoidhreachta tógtha agus seandálaíochta ar tugadh fúthu le linn thréimhse an phlean seo.
<b>BAH 6.4</b>	Teacht aniar ó thaobh na haeráide agus féachaint chuige go seasfaidh an tógáil nua an aimsir a chur san áireamh i dtionscadail, pleananna agus beartais nua na hoidhreachta tógtha agus seandálaíochta.	Tionchar an athraithe aeráide a íoslaghdú agus teacht aniar oidhrecht thógtha agus seandálaíochta an chontae a aithint.	Monatóireacht a dhéanamh ar theacht aniar ó thaobh na haeráide agus seicliosta maidir le féachaint chuige go seasfaidh beartais an aimsir a fhorbairt do thionscadail, pleananna agus beartais faoin mbliain 2027.
<b>BAH 6.5</b>	A chinntiú go mbíonn imeachtaí báuil ó thaobh na haeráide trí threoirlínte agus seicliosta imeachtaí inbhuanaithe an Aonaid Aeráide a chuimsiú.	Tionchar aeráide aon chlár nó imeachtaí a laghdú.	Líon na n-imeachtaí in aghaidh na bliana a chloígh le seicliosta an Aonaid Aeráide.
<b>BAH 6.6</b>	Oideachas agus cumarsáid maidir le hathrú aeráide a chomhtháthú i dtionscadail oidhreachta, a chuireann béim ar luach sócmhainní atá ann cheana féin a chuimsíonn carbón agus a thairgeann an acmhainneacht d'athúsáid oiriúnaitheach.	Deiseanna an gheilleagair chiorclaigh a léiriú in athúsáid oiriúnaitheach foirgnimh agus struchtúir oidhreachta le tionchar athrú aeráide a laghdú.	Líon na dtionscadal oidhreachta a áiríonn oideachas agus cumarsáid maidir le hathrú aeráide ón Oifig Caomhnaithe Oidhreachta agus Ailtireachta thar thréimhse an phlean seo.
<b>BAH 6.7</b>	Tacú le tionscadail a chuireann le heolas áitiúil atá ann cheana féin agus le foinsí ábhartha eile maidir le teacht aniar ó thaobh na haeráide de.	Deiseanna a chruthú le roghanna maolaithe agus éifeachtúlachta aeráide a mhéadú.	Líon na samplaí dea-chleachtais maidir le teacht aniar ó thaobh na haeráide de a fhorbairt.

## Dea-Chleachtas Oidhreachta

Cuirfear prionsabail Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus na huileghabhálachta i bhfeidhm i leith gach gníomh a eascraíonn as *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030*. Tabharfar faoin bplean de réir dea-chleachtais atá ag teacht chun cinn agus a chomhlíonann an reachtaíocht ábhartha go léir agus na measúnuithe comhshaoil atá riachtanach. Ní rachfar ar aghaidh le haon ghníomh ag a mbeidh tionchar diúltach ar an mbithéagsúlacht, láithreáin oidhreachta, míreanna nó aon láithreáin nó limistéir chosanta.

Léireoidh an Fóram ceannaireacht i gcur i bhfeidhm *Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030*.

## Clabhsúr

Tá *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030* bunaithe ar ghníomh. Déanfaidh Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe maoirseacht ar chur i bhfeidhm iomlán an phlean. D'fhéadfadh go mbeadh páirtneírí i gceist le céim an chur i bhfeidhm i ndáil le gníomhartha faoi leith sa chás go mbíonn gá leis sin. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe mar comhpháirtí ceannais agus beidh Oifig Oidhreachta Chontae na Gaillimhe, Oifig Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe, Oifig Caomhnaithe Ailtireachta Chontae na Gaillimhe agus Seandálaí Pobail Chontae na Gaillimhe in go leor cásanna, ag comhordú tionscadal agus d'fhéadfadh siad cúnaimh a fháil ó chomhaltaí an Fhóraithe de réir mar is cuí.

Admhaítear, i roinnt cásanna, go bhfuil gá le cur chuige níos comhordaithe maidir le bainistiú oidhreachta agus bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe. Déanfaidh an Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta, i roinnt réimsí ina bhfuil ról ag ilghníomhaireachtaí i mbainistiú agus i rialú na n-acmhainní seo, iarracht ghníomhach le cur chuige comhtháite a chur chun cinn agus comhrá a spreagadh idir na páirtithe leasmhara agus ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ábhartha.

Tá an oidhrecht agus an bhithéagsúlacht ina ngnéithe tábhachtacha den saol sóisialta, cultúir agus geilleagrach i gContae na Gaillimhe agus bíonn torthaí suntasacha ar infheistíocht a dhéanamh iontu ó thaobh cur le spriocanna geilleagracha agus sóisialta. Tá siad mar thiománaithe suntasacha thionscal na turasóireachta agus mar spreagadh tábhachtach ó thaobh gníomhaíochtaí áitiúla, a mbíonn fostaíocht áitiúil fheabhsaithe mar thoradh orthu; is rannpháirtithe intomhaiste iad i leith inbhuanaitheacht pobail agus cuireann siad leis an gcaighdeán saoil agus le timpeallacht pobail trí rannpháirtíocht agus gníomh deonach bunaithe ar acmhainní áitiúla a éascú.

Cuirtear béim i *bPlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030* ar ghníomhartha áitiúla agus deonacha agus ar phrionsabal an chomhoibrithe 'ní neart go cur le chéile'.

Molann Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe go n-aithneodh agus go n-admhódh údarais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ábhartha tairbhí na hOidhreachta agus na Bithéagsúlachta trí chur leis an tacaíocht airgeadais a thugann siad dóibh: 'tús maith leath na hoibre'.



Sléibhte Mhám Toirc - *Shane Coyle*



# Aguisíní

## **Aguisín 1: Príomhreachtaíocht agus Príomhbheartais**

### **Comhthéacs an Bheartais**

#### **Idirnáisiúnta**

Spríocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, 2015

Dearbhú um Ghníomhú ar son na hAeráide Cultúr-bhunaithe na nÉimíróchtaí, 2023

Deich mBliana na Náisiún Aontaithe ar Athchóiriú an Éiceachórais 2021 - 2030

#### **AE**

Cumarsáid ón gCoimisiún Eorpach ar an Bauhaus Eorpach nua, 2021

Conclúidí na Comhairle ar chultúr, ailtireacht agus timpeallacht tógtha ar ardchaighdeán mar phríomhghnéithe den tionscnamh Bauhaus Eorpach nua, 2021

Cairt Nua Leipzig, 2020

Straitéis Bhithéagsúlachta AE 2030 – an Dúlra a Thabhairt Ar Ais inár Saol Clár Eorpach Nua don Chultúr 2018

Plean Oibre don Chultúr 2019-2022

An Creat Gníomhaíochta Eorpach maidir leis an Oidhrecht Chultúir, 2019

#### **Náisiúnta**

Oidhrecht Éireann 2030, 2022

Our Place in Time/Ár n-Áit sa Stair: Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2023-2028, 2023

Tionscadal Éireann 2040 (a thugann an Creat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 le chéile)

Tús Áite do Lár an Bhaile, 2022

Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann: An Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025, 2021  
Áiteanna do Dhaoine: An Beartas Náisiúnta um Ailtireacht, 2022 Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2023

An 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2030 Straitéis um Gheilleagar Ciorclach, 2021

Cultúr 2025 Éire Ildánach, 2020

Seandálaíocht 2025, Conairí Straitéiseacha don tSeandálaíocht in Éirinn 2017

Creat agus Prionsabail chun an Oidhrecht Seandálaíochta a Chosaint, 1999

Straitéis Tírdhreacha Náisiúnta d'Éirinn 2015-2025, 2015

Traidisiún Beo, straitéis don oidhreacht dhúchasach thógtha, 2021

Treoirlíne um Chosaint na hOidhreachta Ailtireachta, 2011

Beartas Náisiúnta ar Chosaintí Bailte, 2008

Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh (Making Great Art Work) Straitéis na Comhairle Ealaíon 2016-2025, 2016

An tSeandálaíocht sa Phróiseas Pleanála, OPR, 2021

An Bhithéagsúlacht, Plean Oiriúnaithe Earnála um an Athrú Aeráide na hÉireann 2019

### **Réigiúnach**

Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Gheilleagrach 2020 - 2032 Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair

### **Áitiúil**

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028

Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2023-2027

Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020-2024

Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2024-2030

Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Údarás Áitiúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2024-2029

Straitéis Turasóireachta Chontae na Gaillimhe 2023-2031



Séala Bhaile Átha an Rí - *Alan Burgess*

<b>Treoracha Eorpacha</b>	
<b>Pleanáil agus Oidhreacht Thógtha</b>	<p>Treoir SEA 2001/42/CE (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta)</p> <p>Treoir EIA 1985/37/CEE (arna leasú) (Measúnacht Tionchair Timpeallachta)</p> <p>Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh</p>
<b>Bainistiú Cartlainne agus Taifead</b>	<p>Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol), 2007-2011</p> <p>Treoir INSPIRE (2007/2/CE - Bonneagar d'Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach)</p>
<b>Bithéagsúlacht agus Oidhreacht Náúrtha</b>	<p>Rialachán maidir leis an Dúlra a thabhairt ar ais an AE (Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 24 Meitheamh 2024)</p> <p>Treoir maidir le hÉin (Treoir 79/409/CEE na Comhairle)</p> <p>An Treoir maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE na Comhairle)</p> <p>An Treoir Éisc Fionnuisce (Treoir 78/659/CE na Comhairle)</p> <p>An Chreat-Treoir Uisce (Treoir 2000/60/CE na Comhairle)</p> <p>An Treoir maidir le Dlíteanas Comhshaol (Treoir 2004/35/CE na Comhairle)</p>

<b>Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta</b>	
<b>Obair Seandálaíochta</b>	An Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta ('Coinbhinsiún Valletta'), 1997



Coinbhinsiún Idirnáisiúnta	
<b>Oidhreacht Ailtireachta</b>	<p>An Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint Oidhreacht Ailtireachta na hEorpa ('Coinbhinsiún Greanáda'), 1985</p> <p>An Coinbhinsiún Eorpach ar Luach na hOidhreachta Cultúir don tSochaí (Coinbhinsiún Faro, 2005)</p> <p>Cairt Burra, ICOMOS na hAstráile, leasaithe 2013</p> <p>Cairt Nizhny Tagil 2013 don Oidhreacht Thionsclaíoch, 2003</p> <p>Comhphrionsabail ICOMOS-TICCIH do Chaomhnú Láithreáin, Struchtúir, Limistéir agus Tírdhreacha na hOidhreachta Tionsclaíche ('Prionsabail Bhaile Átha Cliath'), 2011</p> <p>An Chairt um Chaomhnú Bailte Stairiúla agus Limistéir Uirbeacha ('Cairt Washington'), 1987</p> <p>An Chairt um Chosaint agus Bainistiú na hOidhreachta Seandálaíochta, 1990</p> <p>Cairt Turasóireachta Cultúir Idirnáisiúnta - Turasóireacht a Bhainistiú in Áiteanna ar Díol Suntais ó thaobh na hOidhreachta iad, 1999</p>
<b>Bithéagsúlacht &amp; Oidhreacht Nádurtha</b>	<p>Coinbhinsiún UNESCO a Bhaineann leis an Oidhreacht Chultúir agus Nádurtha Domhanda a Chosaint, 1972</p> <p>An Coinbhinsiún maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádurtha na hEorpa (Coinbhinsiún Berne), 1979</p> <p>An Coinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (Coinbhinsiún Bonn), 1979</p> <p>An Comhaontú maidir le pobail ialtóg san Eoraip a chaomhnú (Coinbhinsiún Bonn), 1993</p> <p>Coinbhinsiún ar Bhogaigh a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo (Coinbhinsiún Ramsar), 1971</p> <p>Coinbhinsiún ar Éagsúlacht Bhitheolaíoch, 1992</p> <p>Coinbhinsiún ar Thrádáil Idirnáisiúnta Speicis i mBaol (CITES), 1974</p> <p>Comhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú (AEWA) (Coinbhinsiún Bonn), 1996</p> <p>An Comhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach 1994, 1996</p> <p>Straitéis maidir le hÉagsúlacht Tírdhreacha agus Bitheolaíoch Uile-Eorpach, 1996</p>

<b>Coinbhinsiún Idirnáisiúnta</b>	
<b>Cultúr agus Bithéagsúlacht &amp; Oidhreacht Nádúrtha</b>	<p>Coinbhinsiún UNESCO maidir le Cosaint Oidhreachta Chultúir agus Nádúrtha an Domhain, 1972</p> <p>Creat-Choinbhinsiún maidir le Luach na hOidhreachta Cultúir don tSochaí ('Coinbhinsiún Faro'), 2005</p> <p>Coinbhinsiún UNECE maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht an Phobail sa Chinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil (Aarhus, 1998)</p> <p>Coinbhinsiún UNESCO maidir le hOidhreacht Chultúir Dholáimhsithe a Chosaint, 2003</p> <p>Cairt ICOMOS maidir le Láithreáin Oidhreachta Cultúir a Léirmhíniú agus a Ullmhú, 2008</p> <p>An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) (Rialachán 2016/697 (AE))</p>
<b>Tírdhreach</b>	An Coinbhinsiún um Thírdhreacha na hEorpa, 2000
<b>Reachtaíocht Náisiúnta</b>	
<b>Pleanáil agus Oidhreacht Thógtha</b>	<p>Acht na hOidhreachta Ailtireachta (Fardal Náisiúnta) agus na Séadchomharthaí Stairiúla (Forálacha Ilghnéitheacha), 1999</p> <p>An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2024</p> <p>Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) ag an Acht Oidhreachta, 2018</p> <p>Acht na hOidhreachta Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023</p>
<b>Seandálaíocht agus Réada Seandálaíochta</b>	<p>Acht na hOidhreachta Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023</p> <p>Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-2014 (arna leasú)</p> <p>An tAcht um Fhorais Cultúir Náisiúnta, 1997</p> <p>An tAcht Oidhreachta, 2018</p>
<b>Réada Oidhreachta, Músaem, Bainistíocht Cartlanna agus Taifead</b>	<p>An tAcht um Fhorais Cultúir Náisiúnta, 1997</p> <p>An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001, S.80</p> <p>An tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986</p> <p>An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988</p> <p>An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997</p> <p>An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) (Rialachán 2016/697 (AE))</p>

Reachtaíocht Náisiúnta	
<b>An Ghaeilge</b>	Acht na Gaeltachta, 2012 Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 An tAcht Oideachais, 1998 Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 Polasaí don Oideachas Gaeltachta, 2017 - 2022 An tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta), 2004 Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021
<b>Bithéagsúlacht agus Oidhreacht Nádirtha</b>	Na hAchtanna um Fhiadhúlra, 1976 go 2023 An tAcht lascaigh Mhara agus Dlíne Muirí, 2006 Na hAchtanna Urthrá, 1933-2012 An tAcht lascaigh (Leasú), 1999 An tOrdú um Flora (Cosaint), 2015 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádirtha) 2011 agus 2021 Rialacháin AE (Speicis Choimhthíocha Ionracha) 2024 An tAcht Foraoiseachta, 2014 Na Rialacháin Foraoiseachta, 2017 (IR Uimh 191 de 2017)
<b>Tírdhreach</b>	An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2024 Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú)



Treoirínte Dea-Chleachtais	
Pleanáil agus Oidhreacht Thógtha	<p>Brathadóir Miotail:  <a href="https://www.garda.ie/en/crime-prevention/advice-to-the-public-on-use-of-metal-detection-devices-.pdf">https://www.garda.ie/en/crime-prevention/advice-to-the-public-on-use-of-metal-detection-devices-.pdf</a></p> <p>Pluaiseanna:  <a href="https://www.archaeology.ie/sites/default/files/media/publications/NMS%20Caves%20Leaflet%20lo-res.pdf">https://www.archaeology.ie/sites/default/files/media/publications/NMS%20Caves%20Leaflet%20lo-res.pdf</a></p> <p>Ár Stair a Chosaint:  <a href="https://www.archaeology.ie/sites/default/files/media/publications/NM%20Leaflet%20IB%20Final%20English.pdf">https://www.archaeology.ie/sites/default/files/media/publications/NM%20Leaflet%20IB%20Final%20English.pdf</a></p> <p>Seiceáil Sula gCuireann Tú Tús le Tochailt:  <a href="http://www.gov.ie/checkbeforeyoudig">www.gov.ie/checkbeforeyoudig</a></p> <p>Cleachtas Feirmeoireachta &amp; Seandálaíochta:  <a href="https://www.archaeology.ie/sites/default/files/media/publications/good-farming-practice-and-archaeology.pdf">https://www.archaeology.ie/sites/default/files/media/publications/good-farming-practice-and-archaeology.pdf</a></p> <p>Cosaint na hOidhreachta Ailtireachta: Treoirínte d'Údaráis Pleanála:  <a href="https://www.opr.ie/wp-content/uploads/2019/08/2011-Architectural-Heritage-Protection-1.pdf">https://www.opr.ie/wp-content/uploads/2019/08/2011-Architectural-Heritage-Protection-1.pdf</a></p>
Seandálaíocht agus Réada Seandálaíochta	<p><a href="https://www.opr.ie/wp-content/uploads/2022/10/Planning-Leaflet-13-Archaeology-in-the-Planning-Process.pdf">https://www.opr.ie/wp-content/uploads/2022/10/Planning-Leaflet-13-Archaeology-in-the-Planning-Process.pdf</a></p> <p>Nóta Míniúcháin &amp; Gluais Téarmaí lena gCur in Éineacht le Coinníollacha Samplacha Seandálaíochta  <a href="https://www.opr.ie/wp-content/uploads/2022/10/NMS-Explanatory-Note-and-Glossary.pdf">https://www.opr.ie/wp-content/uploads/2022/10/NMS-Explanatory-Note-and-Glossary.pdf</a></p>
Bainistiú Réada Oidhreachta, Músaem, Cartlann agus Taifead	<p>Clár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn Caighdeáin agus Treoirínte  <a href="https://www.heritagecouncil.ie/content/files/MSPI_Guidelines.pdf">https://www.heritagecouncil.ie/content/files/MSPI_Guidelines.pdf</a></p> <p>Caighdeáin maidir le cúram agus cóireáil réada seandálaíochta ó thochailtí, Ard-Mhúsaem na hÉireann.  <a href="https://www.museum.ie/getmedia/222c77e9-35dc-4345-b260-f67e835a5348/IAD_StandardsforExcavationObjects_1.pdf">https://www.museum.ie/getmedia/222c77e9-35dc-4345-b260-f67e835a5348/IAD_StandardsforExcavationObjects_1.pdf</a></p>
An Ghaeilge	<p>Scéim Teanga Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2019–2022  <a href="https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/AnTriuSceim-Bearla_FINAL_Minor%20corrections_Dept%2008_08_19.pdf">https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/AnTriuSceim-Bearla_FINAL_Minor%20corrections_Dept%2008_08_19.pdf</a></p>

## Treoirlínte Dea-Chleachtais

### Bithéagsúlacht agus Oidhreacht Nádúrtha

Treoir maidir le Soilse atá Neamhdhíobhálach don Chomhshaol -  
Dark Sky Ireland

<https://biodiversity.galwaycommunityheritage.org/content/new-contributions/biodiversity-friendly-lighting-guidelines>

Treoirlínte do Phobail maidir le Plandáil Crann

<https://biodiversity.galwaycommunityheritage.org/content/places/galwaynature/woodlands-hedgerows-and-trees>

An Gabhlán Gaoithe a Tharrtháil

[https://birdwatchireland.ie/app/uploads/2019/10/Saving-Swifts-Guide\\_pdf.pdf](https://birdwatchireland.ie/app/uploads/2019/10/Saving-Swifts-Guide_pdf.pdf)

Bosca Neadaireachta don Scréachóg Reilige

[https://birdwatchireland.ie/app/uploads/2022/08/Barn-Owl-Nest-Box-Action\\_Guidance-Document\\_BirdWatch-Ireland.pdf](https://birdwatchireland.ie/app/uploads/2022/08/Barn-Owl-Nest-Box-Action_Guidance-Document_BirdWatch-Ireland.pdf)

An Fiadhúlra i bhFoirgnimh

<https://birdwatchireland.ie/wildlife-in-buildings/>

Treoir maidir le Gnáthóga in Éirinn

[https://biodiversityireland.ie/app/uploads/2021/04/Guide\\_to\\_Habitats1.pdf](https://biodiversityireland.ie/app/uploads/2021/04/Guide_to_Habitats1.pdf)

Treoir Dea-Chleachtais maidir le Suirbhé agus Mapáil Gnáthóga

<https://biodiversityireland.ie/app/uploads/2021/04/Habitat-Survey-Guidance-Heritage-Council-2011-2.pdf>

Córas Breithmheasa Fálta Sceach: Treoir Dea-Chleachtais maidir le Suirbhéireacht, Bailiú Sonraí agus Breithmheas Fálta Sceach

[https://biodiversityireland.ie/app/uploads/2021/04/Hedgerow\\_Appraisal\\_System.pdf](https://biodiversityireland.ie/app/uploads/2021/04/Hedgerow_Appraisal_System.pdf)

Treoirlínte do Phleananna Áitiúla Gníomhaíochta Bithéagsúlachta

<https://www.heritagecouncil.ie/content/files/Local-Authority-Biodiversity-Action-Plan-Guidelines.pdf>

Treoir Dea-Chleachtais do Ghnáthóga agus do Speicis (CIEEM)

<https://cieem.net/wp-content/uploads/2021/05/Good-Practice-Guide-2023-edit.pdf>

Conas linn fiadhúlra a chruthú

<https://actionforbiodiversity.ie/app/uploads/2023/09/How-to-create-a-wildlife-pond.pdf>

Lámhleabhar na hÉireann do Linnte: Treoir maidir le Linnte a Chruthú agus a Bhainistiú

<https://www.antisce.org/Handlers/Download.ashx?IDM-F=01f01b3a-a3fd-4a51-822b-8fa991ad75fd>

Plean Uile-Éireann um Pailneoirí

<https://pollinators.ie/>

Ag Feirmeoireacht don Dúlra

<https://www.farmingfornature.ie/>



**Béchuil Dhearg Mhór - Rosina Joyce**

### Treoirlínte Dea-Chleachtais

#### Tírdhreach

Sraith straitéisí an EPA chun Tabhairt Faoi Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha

[https://www.epa.ie/publications/research/land-use-soils-and-transport/LCA-Toolkit\\_461.pdf](https://www.epa.ie/publications/research/land-use-soils-and-transport/LCA-Toolkit_461.pdf)

Do Thírdhreach Áitiúil a Léamh: Sraith Straitéisí maidir le hIníúchadh Oidhreachta

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/heritage-publications/reading-your-landscape>

Ní liosta iomlán atá anseo ach is cur i láthair é ar an treoir agus ar an reachtaíocht éagsúil maidir le hoidhreachtaí agus bithéagsúlacht a bhí i gcúrsaíocht ag tráth na priontála.

## Aguisín 2: Próiseas an Phlean Forbartha

Tugtar breac-chuntas sa tábla seo a leanas ar na príomhgharspriocanna agus *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030* a ullmhú..

<b>Dé Máirt an 3 Bealtaine 2022</b>	Cruinniú Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe. Forbairt <i>Phlean nua Oidhreachta &amp; Bithéagsúlachta 2023- 2030</i>
<b>Dé Máirt an 18 Iúil 2023</b>	Cruinniú Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe. Athbhreithniú agus forbairt <i>Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030</i>
<b>Déardaoin an 24 Iúil 2023 - Dé Luain an 25 Lúnasa 2023</b>	Comhairliúchán ar líne mar chuid de chomhairliúchán poiblí Réamhdhréachta um Gníomhú ar son na hAeráide, Oidhreachta agus Bithéagsúlachta.
<b>Dé Luain an 11 Márta 2024</b>	Cruinniú Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe agus Tús an Athbhreithnithe ar an bPlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta
<b>Dé Luain an 15 Aibreán 2024 - Dé Luain an 20 Aibreán 2024</b>	<b>Bhí comhairliúcháin ar siúl agus daoine i láthair go pearsanta</b> <ul style="list-style-type: none"><li>• Órán Mór,</li><li>• Baile an Mhuilinn,</li><li>• Cill Fhir Iarainn (Cruinniú iCAN),</li><li>• An Mhainistir,</li><li>• Béal Átha Ghártha,</li><li>• Uachtar Ard</li><li>• Bhí Leitir Mealláin páirteach i gcomhchainteanna ar stíl ceardlainne.</li></ul>
<b>Dé Máirt 16 Aibreán 2024 - Déardaoin 25 Aibreán 2024</b>	<b>Comhairliúchán Ceardlainne Ealaíne -</b> leanaí agus daoine fásta ó 6 spriocghrúpa, ó cheantair bhargasacha éagsúla de Chontae na Gaillimhe. <ul style="list-style-type: none"><li>• Pobal an Lucht Siúil - Tuaim (Daoine Fásta)</li><li>• Seanóirí - Lucht Scoir Gníomhach an Chreagáin (Daoine Fásta)</li><li>• Daoine atá ag Maireachtáil le Míchumas - Bráithre na Carthanachta Cill Chornáin, Droichead an Chláirín (Daoine Fásta)</li><li>• Pobail Nua - Carna (Daoine Fásta)</li><li>• Bunscoil - Bunscoil Inis Bó Finne (Leanaí)</li><li>• Meánscoil - Daltaí na hIdirbhliana Coláiste Seamount Cinn Mhara (Leanaí)</li></ul>

<b>Dé Máirt an 16 Iúil 2024</b>	Cruinniú Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe. Achoimre ar thorthaí an phróisis comhairliúcháin ar líne, comhairliúcháin ina raibh daoine i láthair agus comhairliúcháin cheardlainne ealaíne.
<b>Dé Máirt an 23 Iúil 2024</b>	Cruinniú Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe chun na comhaltaí a thabhairt suas chun dáta maidir le feidhmiú na dtrí ghrúpa oibre.
<b>Dé hAoine an 30 Lúnasa 2024</b>	Cruinniú Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe Achoimre maidir le <i>Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030</i> a thabhairt chun críche.
<b>Dé Máirt an 24 Meán Fómhair 2024</b>	Cruinniú Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe - Gníomhartha, Cuspóirí agus PTFanna uasdátaithe.
<b>Dé hAoine an 30 Meán Fómhair 2024</b>	Cruinniú Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe - Gníomhartha, Cuspóirí agus PTFanna uasdátaithe.
<b>Dé hAoine an 25 Deireadh Fómhair 2024</b>	Cruinniú Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe agus an dréacht-doiciméad a thabhairt chun críche agus an próiseas críochnaithe a chomhaontú.
<b>Dé Luain an 11 Samhain 2024</b>	An dréacht-doiciméad curtha i láthair Ardbhainistíocht Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag an Stiúrthóir Seirbhísí – Forbairt agus Pleanáil Gheilleagrach.
<b>Dé Céadaoin an 27 Samhain 2024</b>	Dréacht- <i>Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030</i> curtha i láthair an Choiste um Beartais Straitéiseacha (SPC) um Ghníomhú ar son na hAeráide, na Bithéagsúlachta & na hOidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
<b>Dé Luain an 16 Nollaig 2024</b>	Dréacht- <i>Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030</i> curtha i láthair chomhaltaí tofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag cruinniú mhí na Nollag den Chomhairle. Glactha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe leis an bPlean.

## Aguisín 3: Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe

Comhaltaí d'Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024 - 2030	
<b>James Allison</b>	An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (go dtí Mí Feabhra 2025)
<b>Áine Bird</b>	BurrenBeo (Príomhionadaí)
<b>Laura Connolly</b>	An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (Príomhionadaí)
<b>Christy Cunniffe</b>	Saineolaí Seandálaíochta agus Oidhreachta
<b>Ann Marie Cusack</b>	Oifigeach Caomhantais Ailtireachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe
<b>Padraic Divilly</b>	Cumann Feirmeoirí na hÉireann
<b>Bernie Doherty</b>	Seandálaí Pobail na Gaillimhe, Comhairle Chontae na Gaillimhe
<b>Jacqui Donnelly</b>	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
<b>Luke Drey</b>	Clár Uisce an Údaráis Áitiúil (Príomhionadaí)
<b>Lorna Elms</b>	Ard-Mhúsaem na hÉireann
<b>Martin Gammell</b>	Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Gaillimh
<b>Roisin Gannon</b>	Fóram Chonamara
<b>Michael Gormally</b>	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
<b>Mark Green</b>	An Taisce
<b>Jonathan Hannon</b>	Cumann Seandálaíochta agus Stairiúil na Gaillimhe
<b>David Harrington</b>	Iascaigh Intíre Éireann (Leas-Ionadaí)
<b>Éanna Hyland</b>	Clár Uisce an Údaráis Áitiúil (Leas-Ionadaí ó mhí na Nolag 2024)
<b>Rosina Joyce</b>	Oifigeach Bithéagsúlachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe
<b>Frank Keane</b>	Forbairt Tuaithe na Gaillimhe
<b>Donal Keegan</b>	An Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara
<b>Hazel King</b>	Iascaigh Intíre Éireann (Príomhionadaí)
<b>Gráinne Lynch</b>	An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (ó mhí Feabhra 2025)
<b>Karen Mannion</b>	Fóram Chonamara
<b>Marie Mannion</b>	Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe
<b>Rebecca Mooney</b>	Comhairle Chontae na Gaillimhe, an tAonad Aeráide
<b>Kate McAney</b>	Iontaobhas Fiadhúlra Vincent

**Comhaltaí d'Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024 - 2030**

<b>Mark McCarthy</b>	Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
<b>Martina McCarthy</b>	Uiscebhealaí Éireann
<b>Barry McNally</b>	Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
<b>Aisling Ní Dochartaigh</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>John Olney</b>	Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta
<b>Jerry O'Sullivan</b>	Bonneagar Iompair Éireann
<b>David Rafter</b>	Clár Uisce an Údaráis Áitiúil (Leas-Ionadaí ó mhí na Nol-lag 2024)
<b>Brendan Smith</b>	INSIGHT, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
<b>Raymond Stevens</b>	An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (Leas-Ionadaí)
<b>Rebecca Teesdale</b>	An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (Leas-Ionadaí)
<b>Marianne ten Cate</b>	Cairde Éanlaith Éireann
<b>Karen VanDorp</b>	BurrenBeo (Leas-Ionadaí)
<b>Eithne Verling</b>	Músaem Chathair na Gaillimhe


**Comhairleoirí Oidhreachta agus Bithéagsúlachta:**


<b>Maria Hitchcox</b>	Ealaíontóir/Saineolaí Seachtrach
<b>Sheila Murphy</b>	Éiceolaí/Saineolaí Seachtrach
<b>Eimear O'Connell</b>	Oidhreacht/Saineolaí Seachtrach
<b>Zena Hctor</b>	Oidhreacht/Saineolaí Seachtrach



## Aguisín 4: Léarscáileanna

---






Léarscáil 1: Ceantair Bhardasacha, Ionanníochtaí agus príomhbhonneagar iompair Chontae na Gaillimhe.











Léarscáil 5: An Chreat-treoir Uisce (WFD) dobharcheantar agus dobharlach le cuspóir ardstáidais.



Léarscáil 6: Láithreáin seandálaíochta, séadchomharthaí agus báid bháite Chontae na Gaillimhe.



OpenStreetMap Contributors (CC BY-SA 2.0) / EPA, & Tailte Éireann - Surveying (CC BY 4.0) / EU-DEM

Léarscáil 7: Saincheantair lena mbaireann acmhainneacht seandálaíochta (láithreacha táscacha).




OpenStreetMap Contributors (CC BY-SA 2.0) / EPA, & Tallte Éireann - Surveying (CC BY 4.0) / EU-DEM


Léarscáil 8: Struchtúir chosanta.



Léarscáil 9: Limistéar Caomhantais Ailtreachta (láithreacha táscacha).



Léarscáil 10: Láithreáin Oidhreacht Geolaíochta Chontae na Gaillimhe.



Léarscáil 11: Limistéir Náúir Tirdhreacha (LCAs).

## Aguisín 5: Achoimre ar na hÉachtaí Roghnaithe Oidhreachta agus Bithéagsúlachta do na blianta 2017–2022

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030* i gcur chun cinn oidhreacht shaibhir thógtha, chultúir agus nádúrtha agus bhithéagsúlacht an chontae. Trí iarrachtaí comhoibríocha lena bhfuil baint ag pobail áitiúla, ag eagraíochtaí agus ag ranna rialtais, tá líon roghnaithe garsprioscanna bainte amach leis an bplean a thugann léiriú ar an tionchar atá ag an bplean.

### Féile na gCloch

Is imeacht bliantúil atá i gceist le Féile na gCloch, nó “Festival of Stone,” a bunaíodh ar Inis Oírr, Co. na Gaillimhe in 2006. Déanann an fhéile ceiliúradh ar ealaíontacht agus ar oidhreacht na saoirseachta cloiche trí cheardlanna saoirseachta tirime, snoíodóireachta cloiche, litreoireachta, sceitseála agus moirtéil aoil the. Tugann an fhéile ceardaithe, ealaíontóirí agus daoine gur spéis leo saoirseacht chloiche as Éirinn agus níos faide ó bhaile le chéile agus tugann sí deis uathúil dóibh a bheith rannpháirteach i saoirseacht chloiche thraidisiúnta agus blaiseadh a fháil de chultúr saibhir Inis Oírr.

Faigheann an fhéile, a bhunaigh Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Comhar Caomhán Teo, Inis Oírr agus Pat McAfee, Saor Cloiche den Scoth, tacaíocht ón bpobal áitiúil agus ó chleachtóirí éagsúla ballaí cloiche, ón gComhairle Oidhreachta agus ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Tá sé mar aidhm le Féile na gCloch traidisiúin saoirseachta tirime a chaomhnú agus a chur chun cinn agus braistint pobail a chothú i measc na rannpháirtithe trí dhaoine a bhfuil spéis chomhroinnte a thabhairt le chéile agus comhoibriú agus líonrú a chur chun cinn laistigh den tionscal saoirseachta cloiche. Feidhmíonn sé mar fhoinse shuntasach ioncaim do ghnólachtaí áitiúla a mheallann cuairteoirí a thagann ar ais arís lena saothar a chur ar taispeáint. Is féidir leis an lucht freastail, trí ghníomhaíochtaí teagmhálacha feabhas a chur ar a gcuid scileanna, foghlaim maidir le chomh tábhachtach is atá saoirseacht chloiche don chultúr, agus ceangail a chruthú laistigh den phobal ceardaíochta.



Liam Conneally, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag Féile na gCloch – Marie Mannion

## Léarscáiliú Digiteach Reiligí

Is éard is aidhm an tionscadail ná tacaíocht a thabhairt do phobail agus do dhiaspóra na hÉireann ceangal a dhéanamh lena scéal féin trí fhoinsí luachmhara sonraí reiligí a nochtadh agus a chur ar fáil mar shonraí foinsé oscailte a bheidh teacht saor in aisce ag gach duine orthu.

Le roinnt blianta anuas, bhí Comhairle Chontae na Gaillimhe, agus iad i mbun oibre le roinnt grúpaí agus eagraíochtaí pobail, ag bailiú sonraí luachmhara a bhain leis na daoine sin a cuireadh i reiligí éagsúla agus ag cur na sonraí sin i dtoll a chéile. D'fhorbair Comhairle Chontae na Gaillimhe, le maoiniú ón gComhairle Oidhreachta, ón gCiste Rannpháirtíochta Sonraí Oscailte, agus óna gcuid acmhainní féin, aip agus is féidir le suirbhéirí ag an leibhéal áitiúil úsáid a bhaint as an aip chun suirbhéanna cuimhneacháin a dhéanamh mar aon le tabhairt faoi na próisis bainistithe agus deimhnithe sonraí a bhaineann leo. Ina theannta sin, chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe, Fóram Chonamara agus an Chomhairle Oidhreachta maoiniú ar fáil do ghrúpaí áitiúla chun saineolaithe a fhostú le dul i mbun oibre le pobail agus oiliúint a chur orthu faoin mbealach chun an teicneolaíocht seo a úsáid agus le tabhairt faoi mhapáil dróin na reiligí. Tríd an maoiniú sin agus obair agus díograis mhór na n-oibríthe deonacha pobail, tá sé ar ár gcumas anois an 40,000 taifead sin a chur ar fáil.

Tá sé beartaithe níos mó de na taifid chuimhneacháin a aistriú agus a thabhairt cothromle dáta agus léarscáiliú a dhéanamh ar reiligí freisin agus taifeadadh a dhéanamh ar thuilleadh inscribhinní cuimhneacháin sna blianta atá romhainn; faoi réir ag acmhainní a bheith ar fáil. Cruthaíodh Feidhmchlár Cuardaigh Adhlactha chun na sonraí a chuardach agus a thaispeáint go héasca.

Tá an fhaisnéis seo ar fáil ag [galwaycoco.maps.arcgis.com/home/index.html](https://galwaycoco.maps.arcgis.com/home/index.html)





Taispeántas Toibreacha Beannaithe, Inis Oírr - Áras Éanna

## Iniúchadh ar na Toibreacha Beannaithe

Cuireadh tús le hIniúchadh a dhéanamh ar Thoibreacha Beannaithe Chontae na Gaillimhe ar mhaithe leis an méid eolais agus is féidir a bhailiú faoin ngné luachmhar seo dár n-oidhreacht dholáimhsithe. Tugadh faoin iniúchadh i sraith céimeanna mar gheall ar raon geografach Chontae na Gaillimhe agus an líon taifeadta (Taifid Séadchomharthaí agus Áiteanna - Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta) agus na toibreacha beannaithe a d'fhéadfadh a bheith ann agus nach bhfuil taifeadadh ar bith déanta orthu.

Tugadh faoi Chéim 1 in 2020 agus bhain sé seo le planáil agus forbairt modheolaíocht bailiú réimse sonraí digiteacha cuimsitheacha a sheasfaidh an aimsir agus bunachar sonraí inchuadaithe le faisnéis a stóráil agus a scaipeadh agus roinneadh iad seo ar mhaithe lena n-úsáid d'iniúcháireachtaí Toibreacha Beannaithe eile faoi stiúir Contae. Chuir sé bonnlíne faisnéise ar fáil freisin a bailíodh trí thaighde deisce agus trí chomhairliúchán pobail. Cuireadh tús le suirbhé allamuigh ón mbonn seo agus úsáid á baint as Ceantair Bhardasacha ainmnithe an Chontae mar aonaid eagrúcháin. Le linn chéim 2 in 2021, díriodh ar thoibreacha beannaithe Ceantair Bhardasacha Bhaile Locha Riach agus Bhéal Átha na Sluaighe don taifeadadh allamuigh. Le linn Chéim 3 (2022), rinneadh iniúchadh ar Cheantair Bhardasacha Thuama, Órán Mór/Bhaile Átha an Rí. Mar gheall ar an gceantar mór geografach a clúdaíodh i gCeantar Bardasach Chonamara, roinneadh in dhá bhloc é chun críocha iniúchta. Bhí iniúchadh ar na Toibreacha Beannaithe i gceantar Chonamara Thuaidh i gceist leis seo i gCéim 4 (2023) agus úsáid á baint as bóthar an N59 idir Gaillimh agus an Clochán mar líne dhealaithe. Leanadh leis an iniúchadh i gConamara Theas agus ar na hoileáin amach ón gcósta i gCéim 5 (2024).

Is é atá mar aidhm le hIniúchadh Toibreacha Beannaithe Chontae na Gaillimhe faisnéis a bhailiú agus a chur i dtoll a chéile a d'fhéadfadh a bheith i mbaol mar gheall ar bhunachar faisnéise na glúine níos sine den chuid is mó agus brúnna forbartha talún, lena n-áirítear draenáil agus/nó glanadh. Áirítear sna sonraí atá á mbailiú trí iniúchadh ar gach tobar beannaithe ar fud an Chontae, suíomh, bonneagar, riocht fisiciúil, rochtain, stádas cosanta, úinéireacht, seandálaíocht, bithéagsúlacht, traidisiúin, béaloideas, oidhreacht agus na nósanna a bhaineann le agus atá ceangailte leis na toibreacha beannaithe. Bainfear úsáid as an bhfaisnéis seo le hacmhainní bolscaireachta ar ardchaighdeán a fhorbairt don ghné seo d'Oidhreacht an Chontae sa bhfadtéarma.



## Iníúchadh ar Bhailiúcháin Oidhreachta Béil Chontae na Gaillimhe

Tá sé mar aidhm fhoriomlán leis an tionscadal seo iniúchadh a dhéanamh ar thaifeadtaí oidhreachta béil agus/nó bailiúcháin a bhaineann le hábhair, le daoine nó le háiteanna laistigh de Chontae na Gaillimhe a stiúradh. Agus é sin á dhéanamh, tá sé i gceist leis an tionscadal ionadaíocht leathan agus stuama de thaifeadtaí oidhreachta béil a sholáthar, a bailíodh blianta ó shin a bhaineann le traidisiún béil agus béaloidis an chontae.

Cuireadh tús leis an tionscadal in Oirthear an Chontae in 2023 agus i gConamara in 2024. Aithníodh agus rinneadh doiciméadú ar 1,035 taifeadadh in Oirthear an chontae. Agallaimh de chineál fada agus gearr a bhí i gceist leo araon. Aithníodh 3,193 mír taifeadta ar an iomlán i gConamara, a chuimsigh agallaimh agus taifeadtaí de chineál fada agus gearr araon, laistigh de thríocha a hocht bailiúchán agus breis is tríocha institiúid bailiúcháin nó Sealbhóirí Bailiúcháin.

Bhí go leor de na bailiúcháin stóráilte ar chineálacha éagsúla meán, lena n-áirítear caiséid (clos-), téipeanna spóil, VHS, CDanna, agus comhaid dhigiteacha. Aithníodh údair imní san iniúchadh maidir le bailiúcháin áirithe atá fós i bhformáid analóige bunaidh. De réir mar atá dul chun cinn déanta ag an teicneolaíocht tá dul chun cinn déanta ag na meáin ar a ndéantar na taifeadtaí ag an am céanna. Is dúshlán atá ag dul i méid caomhnú agus cothabháil a dhéanamh ar na rochtain atá ar na taifid seo ar theicneolaíochtaí nach bhfuil feidhm leo níos mó ar nós téip spóil, DAT agus dlúthdhioscaí. Tabharfar faoi thuilleadh oibre maidir leis an tionscadal seo sna blianta atá romhainn.

## Caomhnú na Scréachóige Reilige

Tá an Scréachóg Reilige ar Liosta Dearg Éin a mbaineann údar mór linn leo ó thaobh Caomhantais de mar gheall ar an titim mhór ar a raon póraithe agus ar uimhreacha le blianta anuas. Thug Cairde Éanlaith Éireann faoin gcéad suirbhé ar an Scréachóg Reilige ar fud an chontae i nGaillimh in 2021 le tacaíocht ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus léirítear comharthaí dearfacha sa suirbhé go bhfuil an daonra ag teacht chuige féin den chéad uair le caoga bliain. Tá ardú mór (67%) tagtha ar raon póraithe na Scréachóige Reilige i gContae na Gaillimhe le deich mbliana anuas agus tá sé cosúil anois leis an raon a tugadh faoi deara caoga bliain ó shin, sular tháinig titim mhór ar an daonra ar fud an chontae agus go náisiúnta. Táthar ag leanúint le monatóireacht ar bhonn bliantúil ar dhaonraí na Scréachóige Reilige ó rinneadh an suirbhé ar fud an chontae, agus tá taifeadadh déanta anois ar bhreis is 50 láthair neide don Scréachóg Reilige sa chontae agus tá tús curtha le scéim bosca neadaireachta le láithreacha neide atá slán agus sábháilte a chur ar fáil don speiceas.



Caomhnú na Scréachóige Reilige - John Lusby

Tá ábhar treorach praiticiúil caomhnaithe curtha ar fáil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus iad i mbun oibre leis na comhpháirtithe atá luaite cheana (lena n-áirítear treoir ar sholáthar boscaí neadaireachta, ar dhea-chleachtas maidir le rialú creimirí agus ar chruthú agus feabhsú gnáthóige) chun cabhrú le feirmeoirí agus le daoine eile gníomhartha caomhnaithe a chur i bhfeidhm don Scréachóg Reilige agus don bhithéagsúlacht, chomh maith le leabhar do leanaí maidir leis an Scréachóg Reilige a cuireadh ar fáil sna scoileanna náisiúnta sa chontae chun cur le feasacht ar an speiceas iontach seo agus ar a riachtanais caomhnaithe.

Scréachóg Reilige i bPáirc na Cúile -  
Margaux Pierrel



Foraois Achadh Raithin, Béal Átha Ghártha - *Shane Coyle*

## Aguisín 6: Comhairliúchán Poiblí – Abair do chuid



Comhairle Chontae na Gaillimhe  
Galway County Council

### *Plean Nua Oidhreachta & Bithéagsúlachta do Chontae na Gaillimhe 2024 – 2030*

#### Abair do chuid | Comhairliúchán Poiblí

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Fóram Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe i mbun *Plean Oidhreachta & Bithéagsúlachta nua a fhorbairt do Chontae na Gaillimhe 2024 – 2030*.

Ba mhaith linn a fháil amach cad a cheapann tú ba chóir a chur san áireamh sa Phlean Oidhreachta & Bithéagsúlachta nua a bhfuil sé mar aidhm aige cur leis an méid a baineadh amach faoi phleananna roimhe seo, agus tionscnaimh oidhreachta áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta agus forbairtí beartais le linn thréimhse an phlean deiridh agus le linn tréimhsí níos deireanaí á gcur san áireamh.

Doiciméad straitéiseach a bheidh sa Phlean Oidhreachta & Bithéagsúlachta a phléann le saincheisteanna oidhreachta agus bithéagsúlachta i gContae na Gaillimhe; áireofar ann cuspóirí leathana agus aithneofar ann gníomhartha sonracha chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Go ginearálta ní áireofar ann tionscadail a bhaineann le láithreacha ar leith.

**NB:** Ní thabharfar breac-chuntas sa phlean seo ar chuspóirí ná ar ghníomhartha a bhaineann go sonrach le hathrú aeráide; tá Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2024 – 2029 ar leith dréachtaithe ag an bhFoireann Gníomhaíochta ar son na hAeráide; féach <https://consult.galway.ie/en/consultation/galway-county-council-local-authority-climate-action-plan-2024-2029>

#### Abair do chuid

Is féidir aighneachtaí a bhaineann go sonrach le hoidhreachta agus bithéagsúlachta a dhéanamh ar bhealaí éagsúla:

#### tríd an bpost:

seol d'aighneacht chuig:  
Aighneacht maidir le Plean Oidhreachta & Bithéagsúlachta  
Chontae na Gaillimhe,  
f/ch Gina Shaughnessy,  
Áras an Chontae,  
Comhairle Chontae na Gaillimhe,  
Cnoc na Radharc,  
Gaillimh.

tríd an ríomhphost: [heritage@galwaycoco.ie](mailto:heritage@galwaycoco.ie)

**go pearsanta:** trí fhreastal ar cheann de na cruinnithe comhairliúcháin phoiblí a thionólfar mar seo a leanas:

<b>Dé Luain an 15 Aibreán</b>	11am - 1pm	Teach Cúirte Uachtar Ard, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe, H91 XWH9
<b>Dé Luain an 15 Aibreán</b>	7pm - 9pm	Óstán an Oranmore Lodge, Órán Mór, Co. na Gaillimhe H91 NN76
<b>Dé Máirt an 16 Aibreán</b>	11am - 1pm	Ionad Pobail Bhaile an Mhuilinn, Baile an Mhuilinn, Tuaim, Co. na Gaillimhe H54 D579
<b>Déardaoin an 18 Aibreán</b>	11am - 1pm	Ionad Pobail na Mainistreach, An Mhainistir, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe H62 VY38
<b>Déardaoin an 18 Aibreán</b>	7pm - 9pm	Teach Cúirte Bhéal Átha Ghártha, Béal Átha Ghártha, Co. na Gaillimhe

Please, indicate whether your submission is your personal opinion or represents the opinion(s) of a community group or local organisation, and whether you or those you represent agree to be named as consultees in the final version of the plan.

#### **An dáta deiridh a nglacfar le haighneachtaí:**

Tabhair faoi deara le do thoil nach mór gach aighneacht a bheith faighte faoi **4pm Dé Luain an 22 Aibreán 2024.**

Bheimis buíoch as bhur n-ionchur agus dá nglacfa an t-am le haighneacht a chur ar aghaidh.

#### **Tá do thuairimí tábhachtach dúinn.**

Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Rosina Joyce, Oifigeach Bithéagsúlachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Tacaíonn an Chomhairle Oidhreachta le forbairt Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030.

## Aguisín 7: Achoimre ar Aiseolas ar Líne agus i Scríbhinn

Chun an próiseas comhairliúcháin a bheith ar fáil do lucht spéise níos fairsingithe, cuireadh tairseach chomhairliúcháin ar líne ar fáil ar láithreán gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe ón 24 Iúil go dtí an 25 Lúnasa 2023. Cuireadh suirbhé ina raibh 19 ceist ar fáil tríd an tairseach, bhí idir ceisteanna ilrogha agus ceisteanna ar féidir freagra oscailte a thabhairt orthu i gceist, chun ionchur a fháil do Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 agus Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta 2024-2030 Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Ní raibh gá do rannpháirtithe clárú agus ní raibh ceist ar bith éigeantach. Glacadh freisin le haighneachtaí ar ríomhphost chuig na hOifig Oidhreachta agus Bithéagsúlachta.

